TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND


GARDA



CLÁR ÁBHAR

Maidir leis an BAI 3

Ráiteas an Chathaoirligh 4

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 6

An tÚdarás 8

An Coiste um Dheonú Conarthaí 9

An Coiste um Chomhlíonadh 10

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca 11

Foireann Feidhmiúcháin an BAI 12

Baill den Choiste Feidhmiúcháin 12

Éagsúlacht a Chinntiú 15

Iolarthacht a Chinntiú 23

Tionchar a Imirt agus Cumarsáid a Dhéanamh 27

Trédhearcacht agus Cuntasacht Craoltóirí a Neartú 33

Foghlaim agus Forbairt a Éascú san Earnáil Chraolacháin 39

Craolachán Freagrach a Chur Chun Cinn agus an Lucht Féachana/
Éisteachta a Chumhachtú 45

Rialachas agus Forbairt Eagraíochta 49

Údarás Craolacháin na hÉireann Ráitis Airgeadais 53

An Ciste Craolacháin Ráitis Airgeadais 79

MAIDIR LEIS AN BAI

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann an 1 Deireadh Fómhair 2009 faoin Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009").

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí ginearálta agus sonracha don BAI agus sonraítear ann go ndéanfaidh a chomhchodanna, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiún agus a n-éagsúlachta reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus,
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí eile don Údarás, lena n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh;
- a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall;
- éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar an earnáil chraolacháin tráchtála agus phobail;
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar:
  - a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú;
  - a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú;
  - a dhéanfaidh leasanna leanaí a chosaint;
  - a éascóidh earnáil chraolacháin ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas;
  - a dhéanfaidh forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Ar fud na bliana 2015, lean an BAI ar aghaidh ag déanamh cur chun feidhme agus cur ar aghaidh ar na spriocanna atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise don tréimhse 2014 – 2016. Agus é eolach ar an tírdhreach athraitheach meán, rud lárnach ar dhírigh an BAI air ina chuid gníomhaíochtaí ba ea leasanna an lucht féachana agus an lucht éisteachta. Níor athraíodh na príomhspriocanna, amhail rochtain ar raon éagsúil clár agus tuairimí a chinntiú don lucht féachana agus don lucht éisteachta ó thaobh an asraoin agus na foinse de. Agus é feasach ar an líon méadaitheach daoine atá ag fáil rochtain ar chláir ar bhealach nua, rinne an BAI machnamh ar an dóigh is fearr chun é féin a chur ar aghaidh mar rialálaí sa timpeallacht meán nua agus d'fhéach sé le hiniúchadh a dhéanamh ar bhealaí nua ina bhféadfaí tacaíocht a thabhairt don earnáil chraolacháin freastal ar an lucht féachana/éisteachta. Tugtar mionsonraí i dTuarascáil Bhliantúil an BAI faoi na gníomhaíochtaí ar thug an eagraíocht fúthu agus faoin dul chun cinn a rinneadh ar chur chun feidhme a plean oibre don bhliain, agus úsáid á baint as na téamaí straitéiseacha atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise reatha mar chreat.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is onóir dom tuarascáil bhliantúil Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain 2015 a chur i láthair. Comhtharlaíonn an tréimhse faoi athbhreithniú leis an gcéad bhliain de thréimhse oifige an Bhoird nua a tháinig isteach i mí Eanáir 2015 in ionad an chéad Údaráis a ceapadh faoin Acht Craolacháin 2009. Tugtar fianaise iontach sa tuarascáil seo gur go réidh agus go rathúil a déileáladh leis an trasdul.

Thug an tÚdarás faoina chuid oibre tar éis próiseas fairsing ionduchtúcháin a chur i gcrích. Bliain rathúil eile a bhí sa bhliain 2015, a bhuí go mór leis an díograis agus leis an tiomantas a léirigh baill den Bhord agus de na coistí reachtúla agus le gairmiúlacht inmholta na foirne. Gné shuntasach d'obair an BAI agus gné a chuireann go mór lena éifeachtaí atá sé is ea an comhoibriú cuiditheach idir baill den bhord, baill foirne agus geallsealbhóirí. Déanaim comhghairdeas le gach duine lena mbaineann.

Mairimid in aois éiginnteachta. Is cliché é a rá go bhfuil an craolachán ag déileáil le tréimhse ina bhfuil athruithe ag tarlú go mear. Ní féidir le haon duine an toradh a thuar ach is soiléir atá an treo: beidh an timpeallacht sa todhchaí difriúil go mór le rud ar bith a chonaiceamar roimhe seo. Is tráthúil, mar sin, machnamh a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha i dtaca le cén áit ar thángamar agus cén áit ar mhaith linn dul. Trí sheans, tá aird á tarraingt, de bharr an athbhreithnithe leanúnaigh ar Chairt an BBC, ar an bhfís a bhí ag roinnt de cheannródaithe luatha an chraolacháin. Ba é John Reith, an chéad Ard-Stiúrthóir ar an BBC, a rinne an ráiteas misin achomair cáiliúil le haghaidh a sheirbhíse nua - ba é sin, eolas a thabhairt, oideachas a chur agus siamsaíocht a chur ar fáil. Is de cheart a cáineadh Reith as a atharthaíochas ach is slat tomhais ábhartha fós é a mhana le haghaidh seirbhísí craolacháin i ngach áit a mheasúnú.

Dá bhféachfadh sé ar an gcraolachán sa lá atá inniu ann, ba dhócha go mbeadh díomá air go bhfuil tús áite á thabhairt do cheann amháin dá thrí thosaíocht, is é sin, siamsaíocht a chur ar fáil, agus gur minic a bhrúnn sé an dá thosaíocht eile amach. Ní nithe comheisiatacha iad eolas a thabhairt, oideachas a chur agus siamsaíocht a chur ar fáil: is nithe comhlántacha iad nó ba cheart dóibh a bheith ina nithe comhlántacha.

Edward R Murrow, duine eile de na ceannródaithe luatha, rinne sé an frustrachas a bhí ar roinnt mhaith daoine ina ghairme a chur in iúl nuair a dúirt sé 'dá léireoimis ateacht Chríost ar theilifís dhaite ar feadh uair amháin, bheadh líon suntasach stáisiún ann nach gcraolfadh é mar go mbeadh scannán buachaillí bó nó seó quiz i bhfad ní ba bhrabúsaí'. Is maith is eol do chraoltóirí Éireannacha i ngach earnáil an réaltacht tráchtála sin agus na srianta a ghearrtar orthu léi. Tá méadú tagtha ar na srianta sin le blianta beaga anuas de bharr an chúlaithe eacnamaíochta, na gciorruithe ar mhaoiniú poiblí agus na hiomaíochta méadaithe ó thíortha thar lear. Cé go raibh comharthaí ann go raibh ioncam fógraíochta ag méadú sa bhliain 2015, cealaíodh an tionchar a bhí aige sin go mór le fógraíocht scar-rogha ó thíortha thar lear. Ní mór iniúchadh a dhéanamh mar bheart práinne ar bhealaí cruthaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin.

Sna hathbhreithnithe maoiniúcháin a rinneadh i mbliana ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, rud atá ina cheanglas faoin Acht Craolacháin, léiríodh an athuair go bhfuil siad ag déanamh níos mó le níos lú acmhainní, cé gur léiríodh iontu freisin go mbainfeadh an dá cheann díobh leas as maoiniú méadaithe. Is é is dóichí go dtiocfaidh sé sin as meicníocht athbhreithnithe maoiniúcháin. Sa lá atá inniu ann, ní léirítear sa cheadúnas teilifíse reatha na bealaí ina bhfaighimid cláir theilifíse agus ina n-amharcaimid orthu. Deimhnítear é sin le taighde a rinne Reuters Institute ar an dóigh a bhfaigheann muintir na hÉireann rochtain ar nuacht. An BAI a mhaoinigh an taighde sin. Is cruinne a léireofaí an réaltacht sin le muirear craolacháin, rud lena dtabharfaí aghaidh ar fhadhb leanúnach na seachanta agus lena gcruthófaí ioncam breise chun tacú le craolachán ardchaighdeáin ag an am céanna.

Tá an BAI tiomanta do lánas atá ar ardchaighdeán agus ábhartha ó thaobh an chultúir de a chothú ar fud raon seánraí. Tá tionchar suntasach imeartha i dtimpeallacht dhoiligh airgeadais ag an Scéim Sound & Vision, ar scéim í a mhaoinítear ón táille ceadúnais. Leithdháileadh thart ar €80 milliún le sé bliana anuas ar bhreis agus 1500 tionscadal ar leith. Leis an Scéim Sound & Vision 3 nua a seoladh i mí Eanáir, cuirfear maoiniú is fiú breis agus €24 mhilliún ar fáil trí chúig bhabhta sa bhliain 2015 agus sa bhliain 2016.

Tá níos mó i gceist le ról an chraolacháin in eolas a thabhairt don phobal ná an nuacht a thuairisciú. Glacann sé leis an iolarthacht agus leis an éagsúlacht. Tá ról ar leith ag an BAI sa dá cheann díobh sin a chur chun cinn agus tugann sé aird chuí ar an bhfreagracht sin. Tá sé beartaithe againn an beartas reatha um úinéireacht agus rialú a athbhreithniú agus beartas nua um an iolarthacht a fhorbairt. Le linn na bliana, reáchtáladh imeachtaí poiblí iolarthachta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus seoladh taighde tábhachtach arna mhaoiniú ag an BAI ar Hearing Women's Voices. Bainfear úsáid as an taighde sin agus as taighde beartaithe eile chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais.

Leis an Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014, leagadh freagrachtaí nua sa réimse sin ar an Údarás. Cuireadh athbhreithniú ar an seasamh i dtaca le húinéireacht i gcrích sa bhliain le cúnamh ó Communications Chambers. Beidh sé ina thagarmharc tábhachtach i dtaca le haon athruithe a bheidh ann amach anseo. Tháinig dhá mhórchuideachta meán isteach sa mhargadh Éireannach i mbliana de bharr athruithe ar úinéireacht TV3 agus UTV, ar athruithe iad a raibh formheas an BAI ag teastáil ina leith. Rinneadh dianbhreithniú ar an dá cheann díobh sular formheasadh iad. Tá sé beartaithe ag an Údarás a chinntiú nach mbeidh na hathruithe ina gcúis le laghdú ar lánas Éireannach.

Is féidir a argóint gur ar a mhisean chun oideachas a chur ar fáil atá an dul chun cinn is lú déanta ag an gcraolachán agus is cinnte gurb amhlaidh sin in Éirinn. Creidim go bhfuil a lán le déanamh fós chuige sin. Tá áit an raidió agus na teilifíse glactha ag an réabhlóid i dteicneolaíochtaí digiteacha lenar athraíodh oideachas ar líne chun feabhais, bíodh siad sioncronach nó aisioncronach. Tá ar chraoltóirí a gcion féin a dhéanamh fós maidir lena bheith ina 'bhfórsa oideachais' go ginearálta agus maidir leis an litearthacht meán go háirithe. Éilítear lucht féachana/éisteachta eolach idirdhealaitheach chun eolas a thabhairt dóibh agus tuairimí agus dearcthaí éagsúla a chur ar fáil. Cuirtear ar chumas daoine leis an litearthacht meán gnóthú a dhéanamh ar na scileanna agus ar an eolas a theastaíonn chun inneachar meán a thuiscint agus a mheas go criticiúil. Is riachtanas é sin le haghaidh saoránacht ghníomhach agus daonlathas fíor-rannpháirteach.

Ónár dtaobh féin de, tugtar gealltanas i gcuspóirí straitéiseacha an BAI go dtabharfar tacaíocht do bhearta chun inniúlacht an lucht féachana agus an lucht éisteachta a fhorbairt maidir leis an timpeallacht meán a thuiscint agus idirghníomhú agus páirt a ghlacadh inti. Beidh sé sin ina réimse tábhachtach a ndíreoidh an tÚdarás air sa bhliain 2016 agus ina diaidh, tráth a dhéanfar an beartas um an litearthacht meán a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Ba go cáiliúil a dúirt Harold Nicholson go raibh an Tiarna Reith 'uathlathach, cúisiúil agus éilíteach'. Bíodh sin mar atá, is amhlaidh a shamhlaigh sé go mbeadh an raidió agus an teilifís ina 'bhfórsa cultúrtha, morálta agus oideachasúil' lena dtabharfaí gach aicme den phobal le chéile agus lena gcruthófaí daonlathas eolach eagnaí. Fís uasal a bhí ann agus atá ann fós.

.....

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bliain iontach eile don BAI a bhí sa bhliain 2015. Bhí sí ar an gcéad bhliain iomlán a bhí sé faoi stiúir an Bhoird reatha agus na gcoistí reachtúla. Chomh maith leis sin, bhí sí ar an mbliain láir dár straitéis trí bliana lena gclúdaítear an tréimhse 2014-2016. Mar a fhéadfar a fheiceáil i bpríomhchorp na tuarascála seo, tá an BAI ar an mbealach ceart i dtreo príomhspriocanna agus príomhchuspóirí na straitéise a bhaint amach. Tá a lán oibre eile le déanamh sa bhliain 2016, áfach. Is go dearfach a ghlac an Bord nua, na coistí reachtúla agus an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca leis na dúshláin a leagadh orthu agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an obair a rinne gach duine de na baill sa bhliain. Ag leibhéal feidhmiúcháin, d'fhorbraíomar próiseas leanúnach ionduchtúcháin do bhaill nua. Creidimid gur chuir sé luach leis na hionchuir a rinneadh faoi raon gníomhaíochtaí. Bhí sé sin ar cheann amháin de phríomh-mholtaí an athbhreithnithe a rinneadh i dtreo dheireadh théarma oifige an chéad Bhoird.

Bhí roinnt forbairtí suimiúla ann sa tírdhreach craolacháin sa bhliain 2015. Ba faoi mheirge na hiolarthachta a bhí ceann amháin de na réimsí tosaíochta ar shainaithin an BAI iad agus thugamar faoi raon leathan gníomhaíochtaí ina leith. Ar an gcéad dul síos, rinne an BAI píosa mór taighde ar athruithe ar úinéireacht meán in Éirinn, mar a bhí riachtanach de réir an Achta um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014. Pléadh leis an tréimhse 2012-2014 sa taighde. Cuireadh an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire i mí na Samhna agus déanfar a leithéid gach trí bliana, rud a rianóidh aon athruithe suntasacha a bheidh ann le himeacht ama. Anuas air sin, mar gheall ar an tacaíocht coimisiúnaithe a chuir an BAI ar fáil, cuireadh Éire ar áireamh sa Reuters Digital News Report. Is tuarascáil idirnáisiúnta í ina scrúdaítear an timpeallacht athraitheach um sholáthar nuachta digití i 26 thír. Toisc Éire a bheith curtha ar áireamh sa suirbhé, chuaigh an BAI i mbun comhpháirtíochta leis an Institiúid um Meáin agus Iriseoireacht na Todhchaí (FuJo) de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun anailís bhreise a dhéanamh ar na sonraí a bhaineann le hÉirinn. Tabharfar léargas tábhachtach leis sin le himeacht ama ar fhorbairtí agus ar threochtaí in Éirinn.

Bhí ionchas ann i dtús na bliana go dtabharfaí reachtaíocht craolacháin nua isteach lena bhfiosrófaí meicníochtaí le haghaidh ráta bailithe na táille ceadúnais teilifíse a fheabhsú, rud a mhéadódh méid an mhaoiniúcháin phoiblí a bheadh ar fáil chun tacú le lánas Éireannach nua a léiriú. Breithníodh roinnt modhnuithe ar an Acht Craolacháin 2009 atá i bhfeidhm cheana agus bhíomar i dteagmháil leanúnach lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Cumarsáide chuige sin. Ag teannadh le deireadh na bliana, áfach, bhí sé soiléir nach mbeifí ag leanúint leis an reachtaíocht roimh an Olltoghchán a bhí le fógairt go luath sa bhliain 2016. Ina ainneoin sin, tá sé tábhachtach go gcoinnítear ceisteanna faoi mhaoiniú agus athruithe reachtacha eile ar chlár oibre an Rialtais nua agus imreoidh an BAI ról gníomhach ina chinntiú gurb amhlaidh a bheidh.

Ag leibhéal Eorpach, tugadh an t-athbhreithniú ar an Treoir reatha maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc chun críche. Réiteoidh sé sin an bealach le haghaidh tograí a thabhairt isteach chun an Treoir a leasú sa bhliain 2016. D'imir ionadaithe an BAI ról suntasach san idirphlé a bhí ar siúl ar an Treoir. Rinne siad amhlaidh trínár rannpháirtíocht sna Grúpaí Rialálaithe Eorpacha do Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA) agus trínár rannpháirtíocht ghníomhach i meithleacha ERGA, áit ar pléadh neamhspleáchas na rialálaithe, dlínse chríche agus cosaint na mionaoiseach, i measc nithe eile. Rud eile a bhain leis an leibhéal Eorpach ba ea gur mhór an onóir do Celene Craig, Leas-Phríomhfheidhmeannach an BAI, a bheith tofa mar Chathaoirleach ar an Ardán Eorpach um Údaráis Rialála sa Chraolachán, ar grúpa leathan é, ar feadh tréimhse dhá bhliain. Guím gach rath uirthi sa ról sin.

Príomhréimse gníomhaíochta don eagraíocht sa tréimhse a bhí sa cheadúnú fós. Beartaíodh 19 seirbhís raidió pobail agus tráchtála san iomlán le haghaidh athfhógairt sna blianta 2015 agus 2016. Ós rud é go raibh sé riachtanach an oiread sin seirbhísí a athfhógairt, cuireadh béim i mbliana sa réimse comhlíonta sin ar athbhreithnithe feidhmíochta a dhéanamh ar na seirbhísí sin go léir a rachaidh a gceadúnais as feidhm sna blianta beaga romhainn. Is réimsí oibriúcháin atá dian ar acmhainní iad agus tá siad ag teastáil chun tacú le hobair an Choiste um Chomhlíonadh agus an Choiste um Dheonú Conarthaí.

Leanann an BAI ar aghaidh ag imirt ról tábhachtach i rialáil a dhéanamh ar RTÉ agus ar TG4, na craoltóirí seirbhíse poiblí. De bhreis ar an athbhreithniú bliantúil ar na gealltanais feidhmíochta agus ar an athbhreithniú ar mhaoiniú poiblí, chuir an BAI treoir ar fáil maidir le Ráitis Seirbhíse Poiblí an dá chraoltóir agus d'oibrigh sé le RTÉ ar Bheartas Cóirthrádála a fhorbairt. Tháinig an beartas i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Forbairt ar cuireadh fáilte roimpi ba ea an cruinniú idir boird nua an Údaráis agus RTÉ, rud a chothaigh timpeallacht dhearfach le haghaidh teagmháil leanúnach idir an dá chomhlacht. Leagann an BAI tábhacht ar leith ar rannpháirteachas le geallsealbhóirí agus forbróimid pleananna sa todhchaí chun bualadh leis an ngrúpa leathan geallsealbhóirí tábhachtacha le linn na bliana 2016.

Bhí roinnt mórfhorbairtí ann san earnáil teilifíse sa bhliain. Ar an gcéad dul síos, seoladh UTV Ireland agus bhí tionchar aige ar chraoltóirí a bhí ann cheana ó thaobh rátálacha agus fógraíochta de. Ina ainneoin sin, d'fhulaing an tseirbhís caillteanais mhóra agus iarradh ar an BAI níos déanaí sa bhliain a dhíol le ITV, craoltóir sa Ríocht Aontaithe, a fhormheas. Bhain athrú suntasach úinéireachta agus rialaithe eile le TV3 a bheith á fáil mar éadáil ag Virgin Media plc, oibritheoir an phríomhardáin chábla in Éirinn. Is díol suntais é gurb iad eagraíochtaí domhanda ag a bhfuil leasanna ar fud cumarsáidí eile a bhí freagrach as na héadálacha sin agus amharcfaimid go géar ar thuilleadh forbairtí sa bhliain 2016 agus ina diaidh.

Le timthriall na n-athbhreithnithe ar chóid gach ceithre bliana, cinntítear go mbeidh gníomhaíocht leanúnach ann gach bliain faoin gceannteideal seo. I dtús na bliana, sheolamar Cód Caighdeán Clár nua agus Rialacha Rochtana athbhreithnithe. Rinneadh comhairliúchán ar an dá cheann díobh an bhliain roimhe. Athbhreithníodh an Scéim maidir le Ceart Freagartha freisin agus rinneadh dul chun cinn ar obair ar leagan athbhreithnithe a fhorbairt den Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála. Beidh an-spéis ag an tionscal agus ag geallsealbhóirí eile sa dréacht athbhreithnithe. Déanfar comhairliúchán air sa bhliain 2016.

Chun tacú le gach ceann de ghníomhaíochtaí an BAI, tá raon cuimsitheach gníomhaíochtaí ann ar tugadh fúthu sna réimsí um airgeadas, um acmhainní daonna agus um fhorbairt eagraíochta. Chomh maith leis sin, táimid leath bealaigh trí straitéis chomhtháite trí bliana um fhaisnéis eagraíochta a fhorbairt, lena n-áirítear TF, bainistíocht sonraí agus comhad agus úsáid sonraí straitéiseacha. Leis an obair bhreise a dhéanfar sna réimsí sin, cuirfear go mór le baint amach an chuspóra straitéisigh atá againn maidir lena bheith inár n-eagraíocht ghrinn, éifeachtach agus ábhartha seirbhíse poiblí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na baill foirne go léir sa BAI as a dtiomantas agus as a dtacaíocht. Murach iad, ní bheimis in ann na cuspóirí a shocraigh an eagraíocht di féin a bhaint amach agus táim an-bhuíoch as sin agus bródúil as an obair a dhéanann siad.

.....

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

AN tÚDARÁS

Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú an BAI. Áirítear leis sin treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Tá naonúr ball ag an Údarás, a gceapann an Rialtas cúigear acu ar ainmniú an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ainmnítear an ceathrar ball eile trí phróiseas roghnúcháin a reáchtálann an Comhchoiste Oireachtais é.

Léirítear sa tábla thíos na baill den Údarás agus an tinreamh don bhliain 2015. Idirthréimhse sa bhallraíocht a bhí i dtús na bliana. Chuaigh téarmaí oifige roinnt iarbhall as feidhm i mí Feabhra 2015 agus ceapadh baill eile.

	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tOllamh Pauric Travers (Cathaoirleach)	10/10	02/12/2014
Clare Duignan Uas.	9/10	02/12/2014
An tUas. Alan McDonnell	10/10	02/12/2014
Grace Smith Uas.	9/10	02/12/2014
An tUas. Séamus Martin	8/9	17/02/2015
An tUas. Seán Ó Mórdha	9/9	17/02/2015
An tUas. Denis Wolinski	9/9	17/02/2015
An Dr Rosemary Day	9/9	17/02/2015
An tOllamh Maeve McDonagh	7/9	17/02/2015
		Dul as Feidhm an Téarma Oifige
An tUas. Michael Moriarty	1/1	16/02/2015
Siobhán Ní Ghadhra Uas.	1/1	16/02/2015
An tOllamh Colum Kenny	1/1	16/02/2015
An tUas. Larry Bass	1/1	16/02/2015
Michelle McShortall Uas.	1/1	16/02/2015

AN COISTE UM DHEONÚ CONARTHAÍ

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as feidhmiú na bpróiseas iarratais ar cheadúnais le haghaidh seirbhísí craolacháin agus oibríochtaí ilphléacs. Ochtar ball atá ag an gCoiste; ceapann an Rialtas ceathrar acu sin tar éis don Aire iad a ainmniú, agus ceapann an tÚdarás an ceathrar eile, a chuimsínn beirt bhall den Údarás mar aon le beirt bhall de Choiste Feidhmiúcháin an BAI.

Chuaigh téarmaí oifige an Choiste um Dheonú Conarthaí a bhí ann roimhe as feidhm sa bhliain 2014. Bhí an chéad chruinniú de chuid an Choiste nua ar siúl i mí na Bealtaine 2015 tar éis ceapacháin Rialtais a rinneadh i mí an Mhárta 2015. Léirítear sa tábla thíos na baill den Choiste agus an tinreamh don bhliain.

De réir a fheidhmeanna, áiríodh na nithe seo a leanas le príomhghníomhaíochtaí an Choiste um Dheonú Conarthaí sa bhliain 2015:

- Leanúint de phróisis cheadúnúcháin, mar a d'ordaigh an tÚdarás;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí sealadacha craolacháin fuaime;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí soláthair lánais.

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Choiste le fáil i bpríomhchorp na tuarascála.

	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin	Ainmní
An tUas. Ercus Stewart (Cathaoirleach)	5/6	10 /03/2015	An tAire
An tUas. John Hogan	5/6	10 /03/2015	An tAire
An Dr Anne O'Brien	6/6	10 /03/2015	An tAire
Eimer McGovern Uas.	5/6	10 /03/2015 (athcheaptha)	An tAire
Grace Smith Uas.	6/6	02/04/2015	An tÚdarás
An tUas. Séamus Martin	6/6	02/04/2015	An tÚdarás
An tUas. Neil O'Brien	6/6	02/04/2015	Foireann an BAI
Celene Craig Uas.	5/6	02/04/2015	Foireann an BAI

AN COISTE UM CHOMHLÍONADH

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú an chomhlíonta, as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin, agus as roinnt feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú. Ochtar ball atá ag an gCoiste; cheap an Rialtas ceathrar acu sin tar éis don Aire iad a ainmniú, agus ceapann an tÚdarás an ceathrar eile, a chuimsínn beirt bhall den Údarás mar aon le beirt bhall de Choiste Feidhmiúcháin an BAI.

Léirítear sa tábla thíos na baill den Choiste agus an tinreamh don bhliain 2015. Mar a chéile leis an Údarás, bhí trasdul sa bhallraíocht ann sa bhliain 2015. Chuaigh roinnt téarmaí oifige as feidhm i mí Feabhra 2015.

De réir a fheidhmeanna, thug an Coiste um Chomhlíonadh faoi roinnt gníomhaíochtaí sa bhliain 2015, lenar áiríodh na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Cinneadh a dhéanamh ar na torthaí ar ghearáin a rinne baill den phobal in aghaidh craoltóirí maidir le conas atá siad ag cloí le cóid agus caighdeáin chraolacháin;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a raibh craoltóirí teilifíse ag comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Rialacha Rochtana an BAI don tréimhse 2014;
- Breithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh i measc craoltóirí raidió i dtaca le suíomhanna tarchuir.

Tá sonraí faoi na gníomhaíochtaí leagtha amach i bpríomhchorp na tuarascála seo.

	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin	Ainmní
An tUas. Patrick Gageby (Cathaoirleach)	8/9	20/01/2015	An tAire
Paula Mullooly Uas.	9/9	20/01/2015	An tAire
An tUas. Nigel Heneghan	6/8	17/02/2015	An tAire
An tUas. Brian O'Callaghan	7/8	17/02/2015	An tAire
An Dr Rosemary Day	5/8	20/01/2015	An tÚdarás
An tOllamh Maeve McDonagh	4/8	02/04/2015	An tÚdarás
Anne O'Brien Uas.	8/8	02/04/2015	Foireann an BAI
An tUas. Ciarán Kissane	9/9	02/04/2015	Foireann an BAI
		Dul as Feidhm an Téarma Oifige	
Colum Kenny	1/1	16/02/2015	
Stephanie Comey	1/1	01/04/2015	

AN COISTE AIRGEADAIS, INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca mar bhuanchoiste de chuid an Údaráis sa bhliain 2010. Cuimsíonn na dualgais agus na freagrachtaí atá air córais um rialú inmheánach, iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais. Ceanglaítear ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faisnéis faoina dhualgais éagsúla a thabhairt don Údarás nach lú na ceithre huaire sa bhliain.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain 2015. Cuimsíonn an bhallraíocht den Choiste triúr ball den Údarás agus ball neamhfheidhmiúcháin neamhspleách. Tá an tinreamh don bhliain 2015 leagtha amach thíos.

An tUas. Alan McDonnell (Cathaoirleach)	4/4
An tUas. Seán Ó Mórdha	4/4
Clare Duignan Uas.	4/4
An tUas. Robert Kelly (Ball Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách)	4/4

De réir a Théarmaí Tagartha, thug an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faoi raon gníomhaíochtaí sa bhliain 2015, lenar áiríodh na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Oiliúint agus forbairt an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca;
- Idirchaidreamh le hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha;
- Breithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca an BAI;
- Bainistiú cistí;
- Inbhuanaitheacht;
- Measúnú agus athbhreithniú feidhmíochta.

Tá sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Choiste leagtha amach i bpríomhchorp na tuarascála seo.

FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN AN BAI

Tacaíonn an fhoireann feidhmiúcháin le hobair an Údaráis, le hobair a Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, ar buanchoiste é, agus le hobair a Choiste um Chomhlíonadh agus a Choiste um Dheonú Conarthaí, ar coistí reachtúla iad.

Is é Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, a chuimsíonn an Príomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach, a threoraíonn obair an BAI agus faigheann sí tacaíocht ó fhoireann bainisteoirí sinsearacha a dhéanann maoirseacht ar straitéis agus ar phleanáil don eagraíocht ina hiomláine i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá struchtúr maitríse i bhfeidhm ag an BAI, trína n-oibríonn an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó. Cuireann sé sin le hacmhainní a úsáid ar bhealach éifeachtach éifeachtúil nuair a bhíonn siad ag teastáil agus mar a mbíonn siad ag teastáil.

Tá liosta den fhoireann ar fad a bhí fostaithe ag an BAI an 31 Nollaig 2015 leagtha amach thíos:

BAILL DEN CHOISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh

Príomhfheidhmeannach
Michael O'Keeffe

Leas-Phríomhfheidhmeannach
Celene Craig

Bainisteoirí Sinsearacha

Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Margaret Tumelty, Aoife Clabby.

Bainisteoirí

Diarmaid Breathnach, Brian Furey, Sally Kennedy, Clare O'Sullivan, Declan McLoughlin, Andrew Robinson, Roger Woods, Louise McLoughlin, Elizabeth Farrelly, Nuala Dormer, Anne Louise O'Donovan.

Oifigigh Feidhmiúcháin

Jill Caulfield, Gillian Collins, Philip Cooper, Tim Flynn, Teresa Kearns, Marie Murphy, Sinéad Owens, Sarah Herron, Jean Crampton, Deborah Molloy, Annette Stone.

Oifigigh Chléireachais

Rachel Casey, Andrea Leonard, Jessica Scott.

Foireann Faireacháin

Jeanne Spillane, Barry Casey, Fionnuala Murphy.

ALT 1

ÉAGSÚLACHT A CHINNTIÚ

Soláthar Réimse Éagsúil Seirbhísí agus Lánas Craolacháin a Éascú.

Tá an BAI freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar raon seirbhísí craolacháin, de bhreis orthu sin a chuireann RTÉ, TG4, Cainéal Thithe an Oireachtais agus Cainéal Scannán na hÉireann ar fáil. Agus é ag comhlíonadh na freagrachta sin, eochairsprioc straitéiseach don BAI is ea a chinntiú go leanann an lucht féachana agus an lucht éisteachta in Éirinn de rochtain a bheith acu ar raon éagsúil seirbhísí craolacháin agus ar chláir ardchaighdeáin ina léirítear a n-ábhair imní, a n-eispéireas agus éagsúlacht shochaí na hÉireann.

Léirítear an gealltanas sin don éagsúlacht i Straitéis Seirbhísí Craolacháin an BAI. Leagtar amach inti an cur chuige a ghlacfaidh an BAI maidir le seirbhísí craolacháin sa Stát a cheadúnú de dhroim cheanglais an Achta. Mar a léirítear sa straitéis seo, deonaíonn an BAI conarthaí craolacháin ach úsáid a bhaint as próisis iomaíocha cheadúnúcháin nó as próisis oscailte cheadúnúcháin, ag brath ar chineál na seirbhíse atáthar ag ceadúnú agus, sa chomhthéacs seo, ar cheanglais reachtacha dhifriúla.

Tá príomhghníomhaíochtaí an BAI maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar a sprioc éagsúlachta sa bhliain 2015 leagtha amach thíos.

Plean Ceadúnúcháin 2015

D'fhorbair an tÚdarás Plean Ceadúnúcháin don bhliain 2015 mar chuid dá sprioc straitéiseach um *"soláthar réimse éagsúil lánais ar sheirbhísí craolacháin Éireannacha"*. Díríodh i bPlean 2015 go príomha ar cheadúnú na n-oibritheoirí raidió tráchtála agus pobail a raibh a gconarthaí le dul as feidhm sa bhliain 2016.

Thug an tÚdarás treoir don Choiste um Dheonú Conarthaí socruithe a dhéanamh le haghaidh cheadúnú na seirbhísí sin. Faoi Phlean Ceadúnúcháin 2015, cuireadh de chúram ar an gCoiste ullmhú a dhéanamh don phróiseas ceadúnúcháin le haghaidh sé sheirbhís craolacháin fuaime mar a leanas agus an próiseas sin a chur chun feidhme:

Cineál Seirbhíse	Limistéar Saincheadúnais	Sprioclucht Éisteachta
Seirbhís Pobail	Cathair Chill Chainnigh agus an Ceantar Máguaird	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Leamhcán agus an Ceantar Máguaird	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail	Clár Chlainne Mhuiris agus an Ceantar Máguaird	An pobal áitiúil
Seirbhís Pobail: Sainábhar Spéise (Urlabhra)	Cathair Bhaile Átha Cliath	An pobal áitiúil
Seirbhís Tráchtála – Nuacht/Urlabhra	Gar-Náisiúnta	Gach duine fásta os cionn 25 bliana d'aois
Seirbhís Tráchtála: Sainábhar Spéise dírithe ar Cheol (Rac-cheol Malartach)	Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Daoine idir 15 bliana d'aois agus 34 bliana d'aois

Sa dara leath den bhliain, rinne an Coiste ceapadh agus comhaontú ar na próisis agus ar na doiciméid ghaolmhara le haghaidh cúig cinn de na seirbhísí atá liostaithe ar an bplean. Iarradh iarratais i dtaca le trí cinn de na seirbhísí craolacháin fuaime pobail. Bhí na hiarratais le cur isteach faoi mhí Feabhra agus faoi mhí an Mhárta 2016. Cinneadh go ndéanfaí breithniú cuí sa chéad ráithe den bhliain 2016 ar an ngníomhaíocht ceadúnúcháin don tseirbhís pobail do Chlár Chlainne Mhuiris agus an Ceantar Máguaird.

Maidir leis an dá sheirbhís craolacháin fuaime tráchtála, fuarthas léiriú spéise amháin le haghaidh na seirbhíse craolacháin fuaime náisiúnta urlabhra/nuachta gar-náisiúnta agus fuarthas dhá aighneacht le haghaidh seirbhís dírithe ar cheol (rac-cheol malartach dírithe ar dhaoine idir 15 bliana d'aois agus 34 bliana d'aois) do Bhaile Átha Cliath. Bhreithnigh an Coiste na haighneachtaí le linn a chruinnithe i mí na Nollag.

Thug an Coiste dá aire gurbh é News 106 Limited, sealbhóir reatha an chonartha, a rinne an t-aon aighneacht amháin le haghaidh na seirbhíse craolacháin fuaime tráchtála gar-náisiúnta. Agus an tlarratasóir á mheas mar shealbhóir aige, d'aontaigh an Coiste go ngairfí an nós imeachta mear de dhroim Alt 67(2) den Acht Craolacháin 2009. Maidir leis an dá aighneacht léiriú spéise a fuarthas le haghaidh na seirbhíse craolacháin fuaime dírithe ar cheol, d'aontaigh an Coiste gur phróiseas iomaíoch a bheadh sa phróiseas ceadúnúcháin don tseirbhís sin. Dá réir sin, cuireadh fógra sa nuachtán áitiúil ábhartha. Iarradh iarratais ar an tseirbhís sin san fhógra agus socraíodh an 29 Márta 2016 mar dháta deiridh ar a nglacfaí le hiarratais.



Tea with the Dead. Léirithe ag Wiggleywoo Limited. Craolta ar TG4

Iarratais ar Sheirbhísí Sealadacha Craolacháin Fuaime

Gach bliain, faigheann an BAI iarratais ar sheirbhísí sealadacha raidió a oibriú. Má éiríonn leo, bíonn formhór na n-iarratasóirí sin i mbun craolacháin ar feadh 30 lá ar a mhéad agus freastalaíonn siad ar raon leathan cuspóirí. Mar shampla, bíonn an-chuid de na seirbhísí á hoibriú ag coláistí nó ag ollscoileanna ar mian leo stáisiún raidió sealadach campasbhunaithe a reáchtáil le linn imeachtaí amhail seachtain phléarácaim. Mar mhalairt air sin, freastalaíonn craoltaí sealadacha ar fhéilte áitiúla agus úsáidtear iad chun imeachtaí pictiúrlann ghluaisteán a éascú.

De bhreis ar a bhfuil thuas, is féidir le grúpaí uaillmhianacha raidió pobail iarratas a dhéanamh ar sheirbhísí sealadacha craolacháin fuaime ar bhonn treorach. Tugtar an rogha do na grúpaí sin bheith i mbun craolacháin ar feadh 100 lá ar a mhéad i dtréimhse 12 mhí. Baineann grúpaí treorach a n-éiríonn leo úsáid as an rogha sin chun taithí a ghnóthú ar stáisiún pobail a reáchtáil, tacaíocht a thógáil agus meicníochtaí a bhunú chun a chinntiú go bhfuil a seirbhís ionadaíoch don phobal a mbeartaíonn sé freastal air agus go bhfuil sí comhtháite isteach ann d'fhonn an leas sóisialta do mhuintir an cheantair a uasmhéadú.

Le linn na bliana 2015, fuarthas 34 iarratas ar sheirbhísí sealadacha. Fuarthas 6 cinn díobh ó ghrúpaí uaillmhianacha treorach pobail. Tar éis iad a bhreithniú, mhol an Coiste um Dheonú Conarthaí go rachfaí isteach i gconarthaí sealadacha craolacháin fuaime le 27 n-iarratasóir. Mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, tugadh an próiseas iarratais agus conraitheoireachta le haghaidh roinnt seirbhísí ar aghaidh chuig an mbliain 2016 ón mbliain roimhe. Ar na seirbhísí sealadacha a oibríodh sa bhliain 2015 bhí Christmas FM, ar sheirbhís shealadach ilchathrach ar a raibh an-tóir í, agus an tseirbhís treorach pobail do Thrá Mhór agus an Ceantar Máguaird.

Conarthaí Soláthair Lánais

Déantar foráil le hAlt 71 den Acht Craolacháin 2009 do chonarthaí lánais a dheonú le haghaidh teilifíse agus raidió. Is le haghaidh lánais amháin atá na conarthaí sin agus tá ar iarratasóirí rathúla craoladh ar ardán cuí, bíodh sé ar theilifís chábla, ar theilifís satailíte nó ar theilifís dhigiteach trastíre, a eagrú ar leithligh. Tar éis don Choiste um Dheonú Conarthaí na hiarratais a bhreithniú agus a mholadh, féadfaidh iarratasóirí rathúla a théann isteach i gconradh leis an BAI dul i mbun craolacháin sa Stát nó i ndlínsí sonraithe eile. Bhí méadú ann sa bhliain 2015 ar líon na n-iarratas a fuarthas. Rinne an Coiste um Dheonú Conarthaí moltaí don Údarás i dtaca le 8 n-iarratas san iomlán. Áirítear iad seo le samplaí den chineál conarthaí soláthair lánais a tháinig as an bpróiseas sin: athcheadúnú Setanta Ireland, an cainéal lánas spóirt, Raidió Rí-Rá, seirbhís Ghaeilge don ógra, agus QYouTV, cainéal ceoil teilifíse.

Bainistíocht agus Pleanáil Speictrim

Tagraíonn bainistíocht speictrim don phróiseas foriomlán um rochtain ar, agus úsáid as, an speictream minicíochta raidió a rialáil agus a riar. Sprioc phríomha a bhaineann le bainistíocht speictrim is ea a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as an speictream raidió ón taobh sóisialta, eacnamaíoch agus teicniúil de. Sa bhliain 2015, ghlac an BAI páirt i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta um pleanáil speictrim agus teicneolaíocht chraolacháin chun timpeallacht dhearfach le haghaidh fhorbairt na seirbhísí craolacháin in Éirinn a chinntiú.

Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2015 le pleanáil minicíochta i dtaca le stáisiúin teilifíse digití trastíre (DTT) a aistriú chuig minicíochtaí faoi bhun 690 MHz. Mar gheall ar shé chruinniú le Ofcom UK agus ANFR (an Fhrainc), comhaontaíodh minicíochtaí do na príomhláithreáin agus cuireadh tús le hobair ar na láithreáin athsheachadta agus ar na láithreáin bheaga.

I dteannta ComReg agus 2rn, tá an BAI ag cur leis an athphlean 700 MHz d'fhonn eisiúint fhéideartha speictrim bhreise a éascú le haghaidh cumarsáid mhóibíleach. Táthar ag súil go gcuirfear an t-athphlean sin i gcrích sa bhliain 2016. Mar an gcéanna, tá forbairt á déanamh ag cruinnithe déthaobhacha agus teicniúla idir an dá thír ar phleananna speictrim a d'fhéadfadh forbairtí DAB in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe a éascú.

Áiríodh clúdach feabhsaithe dóibh seo le modhnuithe agus feabhsuithe ceadúnais sa bhliain 2015: Newstalk i gceantar Bhaile Loch Garman; Q102, Spin 103.8FM agus Radio Nova i gceantar Bhaile Brigín/na Sceirí, Spirit FM i gCill Chainnigh, i gCeatharlach agus i mBaile Átha Luain agus Galway Bay FM sa Spidéal/i Ros an Mhíl. Chomh maith leis sin, bhí athruithe minicíochta ann do Newstalk in Acaill, do Dundalk FM i nDún Dealgan agus do Galway Bay FM sa Chlochán.

D'oibrigh an BAI le ComReg agus i gcomhar le 2rn freisin chun minicíochtaí oiriúnacha a shainaithint le haghaidh stáisiúin shealadacha pobail treorach agus le haghaidh stáisiúin raidió pobail.

An Ciste Craolacháin

Tá freagracht ar an BAI as an gCiste Craolacháin a riar ón mbliain 2003 i leith. Cruthaítear ioncam an Chiste trí 7% de ghanfháltais bhliantúla na táille ceadúnais teilifíse. Tá dhá scéim á hoibriú faoin gCiste faoi láthair: Sound & Vision 3, a thacaíonn le cláir a mhaoiniú; agus an Scéim um Chartlannú Craolacháin, a mhaoiníonn cartlannú bunábhar áirithe craolacháin.

Tá riar an Chiste ar cheann amháin de roinnt bealaí ina gcomhlíonann an BAI a sprioc maidir le feabhas a chur ar rochtain an phobail ar chláir ardchaighdeáin chraolachán teilifíse agus fuaime i mBéarla agus i nGaeilge ina bpléitear téamaí a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas Éireannach.

Sound & Vision 3

Bunaíodh an Scéim Sound & Vision den chéad uair sa bhliain 2005 agus cuireann sí maoiniú ar fáil chun tacú le cláir ardchaighdeáin a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus eispéireas Éireannach, leis an litearthacht d'aosaigh agus litearthacht na meán, agus le cláir lena bpléitear saincheisteanna domhanda a théann i bhfeidhm ar an Stát agus ar thíortha eile.

Oibrítear an Scéim ar bhonn iomaíoch trína ndéanann iarratasóirí amhail craoltóirí, léiritheoirí neamhspleácha agus daoine aonair iarratas ar mhaoiniú agus, má éiríonn leo, síníonn siad conradh leis an BAI chun an clár ábhartha raidió nó teilifíse a sholáthar.

Seoladh **Sound & Vision 3**, an tríú leagan den Scéim, i mí Feabhra 2015. Fuarthas 828 n-iarratas san iomlán i mbliana. Formheasadh 61 chlár teilifíse le haghaidh maoiniú dar luach €10.4m. Formheasadh €1.3m san iomlán chun 201 thionscadal raidió a mhaoiniú. Tá tús curtha le caibidlí conartha le roinnt mhaith de na hiarratasóirí sin agus le hiarratasóirí ar éiríodh leo roimhe seo faoin Scéim.

Sa bhliain 2015, dáileadh maoiniú deontais ab fhiú thart ar €10m ar chonraitheoirí rathúla. Síníodh 246 chonradh agus próiseáladh 554 íocaíocht. Le linn na mblianta 2015 agus 2016, meastar go gcuirfear maoiniú is fiú thart ar €24m ar fáil do chláir theilifíse agus raidió tríd an Scéim Sound & Vision.

Buaicphointí agus Dámhachtainí Maoiniúcháin agus Craolacháin

Chun a chinntiú go bhfeabhsaítear éagsúlacht clár don lucht féachana/éisteachta, is fairsing atá an raon clár atá ag fáil tacaíochta tríd an Scéim Sound & Vision.

Raidió

Cé gur méadaíodh ar thionscadail drámaíochta sa bhliain 2015, leanadh den tóir ar chláir faisnéise i measc iarratasóirí ar an Scéim. Áirítear na tionscadail seo a leanas leis na tionscadail shuntasacha raidió a maoiníodh nó a craoladh sa bhliain:

- *Drámaíocht Raidió*

  Chonacthas an tóir ar raidió pobail an athuair trí líon na dtionscadal ar tacaíodh leo ar fud stáisiúin raidió tráchtála agus pobail go háirithe. Áiríodh leis na cláir agus na sraitheanna a maoiníodh *Reposing at Home*, a bhí le craoladh ar Newstalk 106FM, *Clan*

My Name Is Emily, a thaispeánadh i Féile Scannán Idirnáisiúnta Toronto 2015. Léirithe ag Newgrange Pictures agus Kennedy Films

ar Dundalk FM, ar seirbhís pobail í, *The Tapping on the Glass* ar Dublin City FM, agus T*he Gifford Girls – Love and Rebellion* ar Galway Bay FM.

- Spreagadh *Stir it Up*, sraith clár faisnéise 10 gcuid ar Ocean FM, leis na dúshláin a bhíonn le sárú ag a lán daoine ar imeall shochaí na hÉireann atá i mbaol fadhbanna áirithe sláinte de bharr a gcúinsí eacnamaíocha. Is í Paula Gilvarry, cócaire aithnidiúil agus iar-Uachtarán ar an IMO, láithreoir na sraithe agus tugtar smaointe inti do lucht éisteachta nua le haghaidh béilí atá folláin, cothaitheach agus ar phraghas réasúnta a réiteach chun roghanna sláintiúla bia a spreagadh.

- Is éard atá sa tsraith clár faisnéise sé chuid dar teideal *Animals*, atá le craoladh ar RTÉ Radio One, ná cur chuige nua maidir le cláir oideachasúla stair an dúlra agus le hoidhreacht pobail/tuaithe agus dhúchasach. Dírítear i ngach clár ar speiceas dúchasach Éireannach agus pléitear an saol nádúrtha agus cultúrtha timpeall air. .

- San ábhar um dhéanamh bróin, atá le craoladh ar Athlone Community Radio, pléitear cúrsaí an bháis agus déileáil le cailliúint duine mhuinteartha. In *Grieving*, ar sraith sé chuid í, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé dul i mbun cainte chun déileáil le cailliúint agus áirítear léi ionchuir ó dhaoine ar bhásaigh duine muinteartha leo agus ó ghairmithe atá ag obair sa réimse sin.

- Maoiníodh *Limerick – As it Lives and Breathes* i mbabhta luath den Scéim Sound & Vision agus craoladh é ar RTÉ Lyric agus ar Limerick's Live 95. Léiríodh ann carachtar agus pearsantacht Luimnigh sa bhliain 2014, an bhliain inar éirigh an chathair ar an gcéad Chathair Náisiúnta Chultúir de chuid na hÉireann. Tugadh léargas grinn sa tsraith ar ghné eile den saol i Luimneach sa lá atá inniu ann agus ghnóthaigh sí Bonn Óir ag Dámhachtainí Féilte Raidió Nua-Eabhrac sa bhliain 2015, ar ócáid mór le rá í.

- In *William Melville and the Barber's Spies*, clár eile a bhuaigh bonn óir ag Dámhachtainí Féilte Raidió Nua-Eabhrac 2015 agus a craoladh ar Radio Kerry, díríodh ar William Melville, oifigeach Éireannach um fheidhmiú an dlí agus an chéad phríomhoifigeach de Rúnseirbhís na Breataine. Athinsítear sa chlár na himeachtaí inar cuireadh an bleachtaire cáiliúil seo, arbh as an tSnaidhm, Co. Chiarraí, dó, i gcoimhlint le Gustav Steinhauer, spiaire neamhthrócaireach le Rí na Gearmáine. D'éirigh le Melville stop a chur le comhcheilg arbh é ab aidhm di na cúlchistí óir i mBanc Shasana a scriosadh..

An Teilifís

Leantar ar aghaidh le raon leathan seánraí agus formáidí ar an teilifís a mhaoiniú faoin Scéim. Bhí méadú ann ar an líon tionscadal drámaíochta a maoiníodh sa bhliain 2015. Amhail i gcás an raidió, bhí cláir faisnéise i gceist le cuid mhór de na hiarratais a fuarthas. Áiríodh iad seo a leanas leis na tionscadail teilifíse ba shuntasaí a maoiníodh nó a craoladh le linn na bliana:

- *1916*: In oirchill chomóradh céad bliain Éirí Amach na bliana 1916, fuarthas roinnt iarratas inar pléadh leis an Éirí Amach agus leis na heachtraí a bhain leis. Cuireadh maoiniú suntasach ar fáil tríd an Scéim do thrí shraith drámaíochta teilifíse ar leith. Is é is *Rebellion* ann ná sraith drámaíochta cúig chuid a chraolfar ar RTÉ 1 agus ina bhféachfar ar eachtraí sna trí seachtaine díreach roimh an Éirí Amach i gcomhthéacs eachtraí domhanda. Insítear inti an scéal ó thaobh na ngnáthdhaoine a ndeachaigh eachtraí Sheachtain na Cásca i bhfeidhm orthu

  Agus leas á bhaint as cur chuige 'Súil Eile', cuireadh maoiniú ar fáil do léiriú dar teideal *Wrecking the Rising*, atá le craoladh ar TG4. Leantar sa tsraith trí chuid seo triúr taistealaithe ama a gcuireann a láithreacht i mBaile Átha Cliath tosú an Éirí Amach i mbaol.

  Ar deireadh, chuir TV3 tacaíocht ar fáil do *Trial of the Century*, sraith chonspóideach trí chuid ina mbreithneoidh cad a tharlódh dá dtabharfaí triail do cheannairí Éirí Amach na bliana 1916, rud nár tugadh dóibh san fhíorshaol. Bunaithe ar an stair, cuirfear de chúram ar na ceannairí údar a thabhairt leis na gníomhartha lena ndearnadh athrú ollmhór do stair na hÉireann.

- Mar thoradh ar an rath a bhí air sa bhliain 2014, tugadh tacaíocht maoiniúcháin don dara sraith den dráma '*Red Rock*' sa bhliain 2015. Sa chlár seo, leantar saol mhuintir Hennessy agus Kiely agus insítear scéalta troma faoi Éirinn mar a fheiceann Gardaí áitiúla í sa lá atá inniu ann. Ba é *Red Rock* buaiteoir na gcatagóirí 'Rogha na nDaoine' agus 'An Sobalchlár is Fearr' i ndámhachtainí an IFTA sa bhliain 2015.

- Agus leas á bhaint as an tóir ollmhór ar cheol tíre in Éirinn, cuireadh tacaíocht maoiniúcháin ar fáil sa bhliain 2015 do shraith trí chuid dar teideal '*Jive*', atá le craoladh ar TG4. Baineann an clár le bean a chinneann, tar éis 30 bliain de phósadh, nach dtiocfaidh aon fheabhas ar a saol fad atá a fear céile thart. Is ag an am sin a thagann Danny, banaí áitiúil agus ceoltóir nach bhfuil ag éirí leis, isteach sa scéal.

- Maoiníodh an clár *Miles of Stone* ar Cork Community TV tríd an mbabhta spriocdhírithe oideachais agus beochana, ar fógraíodh na torthaí air go luath sa bhliain 2015. Nochtar sa chlár scéal na mballaí singil atá againn in Éirinn – cérbh iad na daoine a thóg iad agus conas a thóg siad iad – agus leantar ann an t-aistear a thóg fear amháin chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcuid uathúil seo d'oidhreacht na hÉireann agus é ag taisteal chuig Féile na gCloch ar Inis Oírr chun páirt a ghlacadh i mballa a thógáil.

- Agus spreagadh á fháil aige ó na 'Selkies' atá ann i mbéaloideas na hÉireann, tá *Song of the Sea* ina scannán galánta beochana a ainmníodh do dhuais Oscar agus ina n-insítear scéal Ben agus Saoirse, arb í a dheirfiúr bheag agus an leanbh deiridh is rón. Le chéile, tugann siad faoi aistear ar fud domhan finscéalta ársa agus draíochta chun filleadh ar a dteach cois farraige. .

- Taispeánadh an scannán *My Name is Emily* i Rannán na Fionnachtana d'Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Toronto 2015 agus bronnadh roinnt dámhachtainí air ag Fleadh Scannán na Gaillimhe 2015. Insítear ann scéal cailín óig a éalaíonn óna teach altranais ar a 16ú breithlá le cúnamh ó Arden, buachaill atá i ngrá léi. Le chéile, déanann siad iarracht athair Emily a aimsiú, agus é ina scríbhneoir físiúil atá faoi ghlas in ospidéal síciatrach.

- Maoiníodh an tsraith *Lords & Ladles* trí bhabhta luath den Scéim Sound & Vision agus craoladh an clár seo a raibh an-tóir air sa bhliain 2015. Chuimsigh an tsraith roinnt de na cócairí is cáiliúla in Éirinn agus féachadh inti ar shé theach mhóra Éireannacha inar athchruthaíodh dinnéar mór ó stair an tí. Ainmníodh *Lords & Ladles* don dámhachtain 'an clár fíorasach is fearr' ag Dámhachtainí Teilifíse an IFTA sa bhliain 2015.

Léirithe ag Mind the Gap Films Limited. Craolta ar RTÉ 1. Buaiteoir IFTA, cláreagrú fíorasach

Áiríodh iad seo a leanas leis na gnéithe ba shuntasaí den Scéim Sound & Vision 3 sa bhliain 2015:

— **Bearta Coimhdeacha**

Sa bhliain 2015, tugadh maoiniú isteach le haghaidh bearta coimhdeacha arbh é ab aidhm dóibh forbairt clár a éascú. I measc samplaí de chur chun feidhme na mbeart sa bhliain 2015, bhí treoirthionscadal a raibh sé mar aidhm leis bunábhar oideachasúil a fhorbairt, agus comhdháil inar díríodh ar an acmhainneacht atá ann cláir nua oideachais a sholáthar ar raidió pobail agus ar theilifís phobail. Cuireadh taispeántas agus ceardlann idirghníomhach ar siúl freisin, áit a ndearna beochantóir ón scannán *Song of the Sea*, rud ar maoiníodh faoin Scéim Sound & Vision é, plé ar an bpróiseas beochana. Theagasc sé an líníocht do leanaí lena linn freisin.

— **Comhaontú le Cartlann Scannán na hÉireann**

Chuaigh an BAI isteach i gcomhaontú conarthach le hInstitiúid Scannán na hÉireann sa bhliain, rud a bhaineann le tionscadail raidió agus teilifíse arna soláthar faoin Scéim a stóráil i gCartlann Scannán na hÉireann agus le dearbhú comhlíonta agus cáilíochta a dhéanamh ar thionscadail teilifíse. Beidh an conradh i bhfeidhm go dtí an bhliain 2020. Dá bhrí sin, cumhdófar leis saolré na Scéime reatha agus cinnteofar leis go gcartlannófar tionscadail lena mbaineann luach cultúrtha.

— **Rialachas na Scéime**

Tá an BAI tiomanta don Scéim a rialú ar bhealach maith éifeachtúil chun tairbhe do na geallsealbhóirí uile. Cuireann sé béim ar leith ar chleachtais chomhlíonta a leanúint ar mhaithe le soláthar tionscadal ag conraitheoirí rathúla a áirithiú. Maidir leis sin, tugtar faoi iniúchtaí inmheánacha ar thionscadail a roghnaítear go randamach. Déantar athbhreithniú ar ráitis chostas deiridh agus ar bhunábhar clár na dtionscadal sin freisin. Roghnaíodh 14 thionscadal lena n-iniúchadh sa bhliain 2015. Cheadaigh Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca an BAI iad ina dhiaidh sin.

Rinne an BAI idirchaidreamh le geallsealbhóirí éagsúla le linn na bliana 2015 mar chuid dá obair leanúnach chun feasacht a mhéadú ar an Scéim Sound & Vision agus chun rannpháirtíocht a chothú sa Scéim. Reáchtáladh cruinnithe faisnéise don tionscal le linn na bliana. Cuireadh an chéad cheann díobh ar siúl go luath sa bhliain 2015 chun seoladh foirmiúil Scéim nua-athbhreithnithe Sound & Vision 3 a shonrú. Le linn na bliana, ghlac an BAI páirt in imeachtaí éagsúla, amhail Féile Scannán Idirnáisiúnta Jameson, Fleadh Scannán na Gaillimhe agus féile clár faisnéise Guth Gafa. Thug sé tacaíocht do na himeachtaí sin freisin.

Ina theannta sin, d'oibrigh an BAI le geallsealbhóirí ábhartha, na Coimisinéirí Ioncaim ina measc, maidir le córas creidmheasa cánach Alt 481. Glacadh leis an BAI mar chomhlacht ceadaithe díchill chuí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ina dhiaidh sin. Táthar ag súil go gcabhróidh an fhorbairt nua sin le cuideachtaí léiriúcháin teacht ar chreidmheasanna Alt 481 amach anseo.

Red Rock. Léirithe ag Element Pictures. Craolta ar TV3. Buaiteoir IFTA, Clár na Bliana

An Scéim um Maoiniú Cartlannaithe

Is é an aidhm atá leis an Scéim um Chartlannú an Chiste Craolacháin tacaíocht maoiniúcháin a sholáthar chun tacú le cultúr cartlannaithe a chothú in earnáil chraolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Baineann sí le bunábhar clár a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh lena chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís. Áirítear leis sin cláir agus fógraí.

Ó seoladh an Scéim sa bhliain 2012, tá trí bhabhta den Scéim reáchtáilte ag an BAI agus tá maoiniú iomlán €5.12m dáfa aige ar raon iarratasóirí rathúla.

Cosúil le blianta roimhe sin, díríodh i mbabhta na bliana 2015 go príomha ar bhunábhar clár a bhí i riocht sobhriste nó i bhformáidí a bheadh as feidhm roimh i bhfad a chosaint. Fuarthas 14 iarratas san iomlán ó raon leathan iarratasóirí - craoltóirí poiblí, craoltóirí tráchtála agus craoltóirí píolótacha pobail, léiritheoirí neamhspleácha, agus eagraíochtaí cultúrtha agus ionadacha ina measc. Dámhadh maoiniú arbh fhiú uas-suim €1.36 milliún é ar 6 thionscadal.

I measc na n-iarratas ar éirigh leo sa bhliain 2015, bhí an tionscnamh ó Institiúid Scannán na hÉireann chun obair i gcomhar le cuideachta léiriúcháin neamhspleách ('Loopline Productions') ar mhaithe le bailiúchán iomlán bhunábhar clár na cuideachta a chaomhnú agus a chosaint. Áiríodh le samplaí eile an tionscnamh ó TG4 chun 1500 uair de bhunábhar nuachta agus cúrsaí reatha sa Ghaeilge a dhigitiú agus togra ó Iontaobhas Radharc chun bunábhar óna thréimhsí léiriúcháin idir 1964 agus 1972 a chosaint.

Tá an Scéim le dul as feidhm an 30 Aibreán 2016. Faoin Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an BAI athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú, ar éifeachtacht agus ar thionchar na Scéime. Ba i mí na Samhna a chomhaontaigh an tÚdarás an cur chuige a ghlacfadh sé i leith an athbhreithnithe sin.

ALT 2

IOLARTHACHT A CHINNTIÚ

"Rud bunúsach a chosnaíonn sochaí dhaonlathach é cultúr ina bhfuil caint aibí, díospóireacht oscailte agus easaontas rathúil"

Agus seirbhísí craolacháin á rialáil aige, tacaíonn an BAI le prionsabal iolarthacht na meán chun a chinntiú go bhfuil fáil agus rochtain ag an lucht féachana/éisteachta in Éirinn ar dhearcthaí agus ar thuairimí ilchineálacha. Tá iolarthacht ríthábhachtach maidir lena chinntiú go bhfuil muinín agus iontaoibh ag pobal na hÉireann as úinéireacht, as neamhchlaontacht agus as oibiachtúlacht nuacht chraolacháin agus fhoinsí faisnéise na hÉireann.

Measann an BAI gur cuid lárnach de chuspóirí daonlathacha a chothú is ea iolarthacht na seirbhísí craolacháin a chosaint. Mar sin, cuirtear ceisteanna iolarthachta san áireamh i gcuid mhór dá ghníomhaíocht oibriúcháin, mar shampla, sna pleananna ceadúnúcháin uaidh agus le linn dó próiseáil a dhéanamh ar iarrataí ar úinéireacht agus rialú conraitheoirí.

Ina theannta sin, tá an BAI tiomanta do rannchuidiú a dhéanamh maidir le díospóireacht eolach ar an iolarthacht in earnáil chraolacháin na hÉireann. Rinneadh a lán oibre ina leith sin sa BAI sa bhliain 2015 agus tá sonraí faoi na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu sa réimse tábhachtach sin leagtha amach anseo.

Úinéireacht agus Rialú na nGnólachtaí Meán in Éirinn 2012-2014

Leis an Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014, neartaítear an ról atá ag an BAI maidir le comhairle a chur ar an Aire, má iarrtar air déanamh amhlaidh, ar chumaisc mheán in Éirinn, maidir le tuarascálacha a ullmhú agus maidir le taighde tréimhsiúil a dhéanamh.

Ceanglaítear le halt 28 M(1) den Acht go soláthróidh an BAI, gach trí bliana, tuarascáil ar úinéireacht na ngnólachtaí meán in Éirinn, ar "athruithe ar na socruithe úinéireachta agus rialaithe", agus ar 'an difear a dhéanann athruithe den sórt sin ar iolarthacht na meán".

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar cheanglais an Achta, choimisiúnaigh an BAI imscrúdú mionsonraithe ar úinéireacht na ngnólachtaí meán in Éirinn agus bhreithnigh sé na mórfhorbairtí sa mhargadh meán. Ba é Communications Chambers a rinne an taighde, lenar cuimsíodh an tréimhse 2012-2014, agus cuireadh tuarascáil ar an taighde faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i mí Dheireadh Fómhair 2015. Ba le treochtaí ó thaobh úsáide de agus le hathruithe ar úinéireacht agus rialú a bhain na príomhthorthaí ón tuarascáil. Ba iad seo a leanas roinnt de na buaicphointí ón tuarascáil:

Treochtaí ó thaobh Úsáide de

- Tá an teilifís ar an aon fhoinse is mó agus is tábhachtaí nuachta agus cúrsaí reatha i measc an lucht féachana/éisteachta go fóill. Tá an tIdirlíon ar an dara foinse is tábhachtaí; tá an raidió ar an tríú foinse is tábhachtaí; agus meastar gurb iad na meáin chlóite an ceathrú foinse is tábhachtaí.
- Tríd is tríd, is ag RTÉ an sciar trasmhargaidh is mó den mhargadh teilifíse, raidió agus ar líne. Is aicise freisin atá an seasamh is láidre mar fhoinse nuachta mar gheall ar an ualach a thugtar sa taighde don teilifís mar sholáthraí lánais nuachta agus chúrsaí reatha. Is mórpháirtithe tráchtála iad Communicorp agus Independent News and Media (INM), agus sciar láidir den mhargadh raidió, clóite agus ar líne acu;
- Tugann an úsáid mhéadaitheach as nuacht ar líne le fios go mbíonn an tIdirlíon ag druidim isteach ar an teilifís mar phríomhfhoinse nuachta don lucht féachana/éisteachta. Tá INM ag feidhmiú go láidir sa mheán sin, agus Journal.ie rangaithe sa chúigiú háit i liosta na bhfoinsí deisce nuachta;
- Tá an raidió ina phríomhfhoinse nuachta don lucht féachana/éisteachta go fóill, go háirithe maidir le nuacht réigiúnach, agus imríonn an raidió tráchtála pobail ról suntasach ina leith sin;
- Tháinig meath ar chiorclaíocht na meán clóite sa tréimhse 2012-2014. Ba ag INM a bhí an fheidhmíocht ab fhearr i measc na meán clóite agus ba ag an Irish Times a bhí an dara feidhmíocht ab fhearr;
- I gcomhthéacs na hÉireann, tá láithreacht an-láidir ag foinsí idirnáisiúnta nuachta, áit a bhfuil an BBC go mór chun tosaigh;
- Tugadh fianaise sa tuarascáil go mbíonn roinnt foinsí éagsúla in úsáid chun teacht ar lánas agus go mbíonn níos mó ná foinse nuachta amháin in úsáid ag formhór na n-úsáideoirí freisin.

Comhdháil Chompháirteach an BAI/DCU faoi Iolarthacht

Athruithe ar Úinéireacht agus Rialú

- Fuarthas amach sa tuarascáil go raibh trí athrú mhóra ann ar úinéireacht agus rialú gnólachtaí meán sa tréimhse 2012-2014 atá faoi athbhreithniú. Ní dhearna na hathruithe sin aon difear ábhartha don iolarthacht, áfach.
- Pléadh sa tuarascáil freisin le hathruithe ar úinéireacht agus rialú a rinneadh ag Independent News and Media agus fuarthas amach inti nárbh athrú ábhartha, i gcomhthéacs an Achta agus na dTreoirlínte maidir le Cumaisc Mheán, a bhí sa mhéadú ar scairsheilbh an Uas. Denis O'Brien sa chuideachta, rud a mhéadaigh ó 22% go 29.9% sa tréimhse faoi athbhreithniú.

Mar fhocal scoir, fuarthas amach i dTuarascáil an BAI ar Úinéireacht agus Rialú na nGnólachtaí Meán in Éirinn 2012-2014 nach raibh aon tionchar ábhartha ag an gcineál teoranta athruithe a rinneadh idir 2012 agus 2014 ar iolarthacht na meán sa Stát.

Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ó Reuters 2015

Mar aon lena thuarascáil ar úinéireacht agus rialú a chur faoi bhráid an Aire, bhí aird ag an BAI freisin ar an bhfreagracht atá air taighde modheolaíoch tréimhsiúil a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le hiolarthacht na meán, faoi mar a cheanglaítear air le hAlt 28(M)(4) den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

Chuige sin, choimisiúnaigh an BAI obair chun Éire a chur ar áireamh, den chéad uair riamh, sa suirbhé bliantúil idirnáisiúnta ar an dóigh a mbaineann an lucht féachana/éisteachta úsáid as an nuacht dhigiteach. Cuireann Reuters Institute for the Study of Journalism an suirbhé sin i gcrích gach bliain. Ina theannta sin, d'oibrigh an BAI i gcomhpháirt leis an Institiúid nua um Meáin agus Iriseoireacht na Todhchaí (FuJo) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) chun anailís níos grinne a dhéanamh ar na sonraí atá ag teacht chun cinn in Éirinn. Seoladh an tuarascáil i mí an Mheithimh agus ba í an t-ábhar do chomhdháil chomhpháirteach ar óstáil an BAI agus DCU í. Tá an tuarascáil sin ar an gcéad cheann de thrí thuarascálacha a fhoilseofar thar an tréimhse 2015-2017 agus úsáidfear í mar thagarmharc tábhachtach chun príomhthreochtaí a rianú agus chun pointí sonraí a shainaithint. Cabhróidh an méid sin leis an BAI agus cinntí beartais á ndéanamh aige maidir le hiolarthacht na meán. Ba iad seo a leanas na príomhthorthaí a tháinig as an tuarascáil:

- Agus í cothrom le 86%, bíonn ardúsáid á baint gach lá as an nuacht i measc gach déimeagrafaigh in Éirinn. Cé go bhfuil na foinsí traidisiúnta nuachta tábhachtach go fóill, is suntasach atá an úsáid a bhaintear as ábhar digiteach in Éirinn, agus é cothrom le 43%;
- Tá an teilifís ar an bhfoinse nuachta is mó iontaoibh mar gheall ar an gcruinneas agus ar an iontaofacht a mheastar a bheith ag baint léi; is é an tIdirlíon an fhoinse is mó a bhfuil tóir uirthi maidir le scéalta úr a aimsiú, áit a dtairgtear foinsí éagsúla agus raon leathan tráchtaireachta agus anailíse;
- Tá iontaoibh ag níos lú ná 46% de dhaoine as an nuacht i gcoitinne;
- Agus é cothrom le 7%, is ag Éirinn atá ceann de na rátaí is ísle de dhaoine a íocann as an nuacht i measc an 12 thír a ndearnadh suirbhé orthu; dúirt 85% d'Éireannaigh nach dóigh go n-íocfaidís as an nuacht amach anseo;
- Is lú an iontaoibh atá ag Éireannaigh as na meáin shóisialta ná an iontaoibh atá acu as foinsí eile nuachta. Ní mheasann ach 7% de dhaoine go bhfuil siad iontaofa agus cruinn. Mar sin féin, dúirt 80% de na hÉireannaigh a ndearnadh suirbhé orthu go mbaineann siad úsáid ghníomhach as na meáin shóisialta. Tá an leibhéal comhroinnte nuachta chomh hard céanna, agus é cothrom le 25%;
- Maidir leis na modhanna a úsáidtear chun an nuacht a aimsiú, tá spleáchas méadaitheach ann ar innill chuardaigh agus ar na meáin shóisialta chun teacht ar an nuacht. In Éirinn, chuaigh 44% de dhaoine a ndearnadh suirbhé orthu go díreach chuig branda nuachta ar dtús chun scéalta nuachta a fháil; bhain 46% díobh úsáid as inneall cuardaigh; agus ba trí na meáin shóisialta a fuair 36% rochtain ar lánas nuachta.

Beartas Iolarthachta a Fhorbairt

Chuir an BAI tús leis an obair ar Bheartas Iolarthachta a fhorbairt trí thuarascáil a choimisiúnú ar threochtaí reatha ó thaobh monatóireacht iolarthachta de. Déanfar tuilleadh oibre ina leith sin níos déanaí sa bhliain 2016 tar éis Ráiteas Straitéise an BAI 2017-2019 a fhorbairt.

Monatóireacht ar Iolarthacht na Meán 2015

Is ionann an Monatóir ar Iolarthacht na Meán agus uirlis a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí atá ann d'iolarthacht na meán i dtír ar leith. Is é an aidhm atá leis cabhair a thabhairt don lucht déanta beartas, do thaighdeoirí agus don tsochaí shibhialta tuiscint a ghnóthú ar iolarthacht na meán i gcórais dhifriúla mheán trí thaighde agus anailís a dhéanamh agus trí shonraí tíre a sholáthar. Rinne an Lárionad um Iolarthacht na Meán agus Saoirse na Meán an Monatóir reatha a fhorbairt agus a thástáil ag an Institiúid Ollscoile Eorpach. Triaileadh an monatóir sa bhliain 2014 agus mhaoinigh an tAontas Eorpach é. Bhí Éire i measc na 19 mballstát ar cuireadh an Monatóir ar Iolarthacht na Meán i bhfeidhm ina leith.

Mar chuid den obair sin, ghníomhaigh an BAI mar athbhreithneoir saineolach ar na sonraí, ar bhailigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath iad, agus ghlac an fhoireann feidhmiúcháin páirt i gcruinniú chun athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí sula ndearnadh an tuarascáil a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú. Is féidir tuilleadh sonraí faoi Mhonatóireacht a Dhéanamh ar Iolarthacht na Meán san Eoraip a fháil ar http://monitor.cmpf.eui.eu/.

ALT 3

TIONCHAR A IMIRT AGUS CUMARSÁID A DHÉANAMH

"Údarás Iontaofa Eolach ar Chúrsaí Craolacháin"

Agus é mar aidhm aige a bheith ina údarás iontaofa ar chúrsaí craolacháin, tá an BAI tiomanta do chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a sholáthar, rud a bhfuil taithí, eolas agus sonraí arna mbailiú trí thaighde ina mbonn eolais faoi. Mar an gcéanna, agus toisc go dtuigeann sé luach na cumarsáide, leanann an BAI ar aghaidh le dul i gcomhairle leis an bpobal agus le grúpaí eile a bhaineann lena shainchúram.

D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach sa bhliain 2015, d'oibrigh an BAI le geallsealbhóirí, le grúpaí ionadacha agus le rialálaithe eile ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Gné eile de ghníomhaíochtaí an BAI le linn na bliana ba ea rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta ar ábhair chlosamhairc. Go háirithe, rinne an BAI rannchuidiú maidir le raon díospóireachtaí ar leibhéal Eorpach agus tá samplaí den rannchuidiú sin leagtha amach thíos.

An Grúpa Rialálaithe Eorpacha do Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA)

Ghlac coiste feidhmiúcháin an BAI páirt ghníomhach in ERGA, grúpa ar bhunaigh an Coimisiún Eorpach é sa bhliain 2014. Tá sé de dhualgas ar an nGrúpa comhairle a sholáthar ar raon ábhar tábhachtach ó thaobh beartas closamhairc de; cur chun feidhme comhsheasmhach na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chinntiú i dtírdhreach meán a bhíonn ag éirí níos coinbhéirsithe i gcónaí; agus malartú taithí agus dea-chleachtais a chumasú. Le linn na bliana 2015, ghlac an fhoireann feidhmiúcháin páirt in dhá chruinniú iomlánacha de chuid ERGA agus i dtrí mheitheal inar cuimsíodh raon topaicí difriúla, lenar áiríodh neamhspleáchas údarás rialála, dlínse chríche, agus cosaint mionaoiseach.

Faoin téama "Ionstraimí Rialála AE a Oiriúnú do Dhomhan Coinbhéirseach Closamhairc", dhírigh an mheitheal um Chosaint Mionaoiseach ar lánas closamhairc atá díobhálach agus rinne sé iarracht teacht ar chomhaontú comhchoiteann maidir le córas leordhóthanach chun mionaoisigh a chosaint i ndomhan coinbhéirsithe.

Ar leithligh ón obair sin, rinne meitheal na nÚdarás Rialála Neamhspleách sonraí luachmhara agus faisnéis luachmhar a bhailiú agus a anailísiú maidir leis na córais dhifriúla institiúideacha náisiúnta atá i bhfeidhm i dtaca le neamhspleáchas Údarás Rialála Náisiúnta.

Ullmhaíodh tuarascálacha ar gach ceann de na topaicí sin agus cuirfear na torthaí a tháinig astu agus na moltaí a rinneadh iontu leis an athbhreithniú agus leis an leasú beartaithe a dhéanfar ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, rud atá sceidealta a thosú i lár na bliana 2016.

Coiste Teagmhála an Choimisiúin Eorpaigh ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc

Mar chuid de thoscaireacht Éireannach a bhí faoi stiúir ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, d'fhreastail an BAI ar dhá chruinniú de chuid Choiste Teagmhála an Choimisiúin Eorpaigh chun plé a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus ar chur chuige na hÉireann i leith na dtograí sin, nó ar thuairim na hÉireann maidir leis na tograí sin.

An tArdán Eorpach um Ghnóthaí Rialála (EPRA)

Is grúpa leathan atá comhdhéanta de 52 údarás rialála as 46 thír é EPRA. Tagann a chuid comhaltaí as formhór na dtíortha san Eoraip agus as roinnt tíortha lasmuigh di agus is líonra tábhachtach é maidir le faisnéis agus dearcthaí a mhalartú ar raon topaicí éagsúla. Neartaíodh an ról atá ag an BAI mar rannpháirtí tábhachtach sa líonra sa bhliain 2015 nuair a toghadh Celene Craig, Leas-Phríomhfheidhmeannach an BAI, mar Chathaoirleach ar EPRA ar feadh téarma dhá bhliain. Sa cháil sin, rinne Celene Craig cathaoirleacht ar dhá chruinniú iomlánacha agus rinne sí ionadaíocht d'EPRA ag raon comhdhálacha agus cruinnithe idirnáisiúnta.

I measc samplaí de na topaicí ar pléadh leo sa chlár oibre don bhliain 2015, bhí lánas meán ar ardchaighdeán a sholáthar agus a mhaoiniú san Eoraip; craolachán seirbhíse poiblí; agus cumarsáidí tráchtála, agus béim á cur ar shuíomh táirgí. Chuir an BAI ábhar le chéile le haghaidh chruinnithe EPRA ar iolarthacht na meán freisin, agus leas á bhaint aige as an taighde a bhí déanta aige ar an topaic sin.

Cumarsáidí agus Tacaíocht

Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí

Féachann an BAI ar an gcumarsáid agus ar an rannpháirtíocht ar leibhéal náisiúnta mar phríomhghné den obair a dhéantar chun an sprioc atá aige a bhaint amach, is é sin, a bheith ina údarás iontaofa eolach ar chúrsaí craolacháin. Mar sin, glacann an BAI cur chuige réamhghníomhach i leith oibriú le geallsealbhóirí trí imeachtaí a eagrú agus trí fhreastal ar imeachtaí araon. Ar an mbealach sin, féachann sé le tacaíocht a thabhairt don earnáil chraolacháin agus le cumarsáid a chothú ar ábhair a bhaineann lena phlean oibre don bhliain.

Choinnigh an BAI an cur chuige réamhghníomhach sin ar bun sa bhliain 2015 agus d'oibrigh sé le raon leathan geallsealbhóirí dá chuid ar a lán bealaí chun feasacht a mhéadú agus chun díospóireacht a éascú ar réimsí a rabhthas ag díriú orthu sa bhliain. Ba iad seo a leanas na buaicphointí sa bhliain 2015:

— **Imeacht Comhrá Phoiblí ar** *A Ábhartha atá Lánas Éireannach sna Meáin Chraolta agus an Méid atá i nDán Dó*

Mar chuid d'Fhéile Scannán Chorcaí, thionóil an BAI comhrá poiblí i gcathair Chorcaí i mí na Samhna 2015 ar an topaic '*A Ábhartha atá Lánas Éireannach sna Meáin Chraolta agus an Méid atá i nDán Dó*'. D'fhreastail breis agus 100 duine ar an imeacht, rud ar stiúir Claire Byrne, craoltóir, é. Is í Bernice Harrison, léirmheastóir leis an Irish Times, a sholáthair na tuairimí tosaigh chun an comhrá a spreagadh agus chuir painéalaithe ó raon seirbhísí teilifíse agus raidió in Éirinn, lenar áiríodh craoltóirí tráchtála, craoltóirí pobail agus craoltóirí seirbhíse poiblí, tuairimí in iúl le linn na díospóireachta. Mar aon le díriú ar a bhfuil i ndán do lánas Éireannach agus ar an luach a bhaineann le é a chur chun cinn in Éirinn agus thar lear araon, féachadh le linn an chomhrá ar a thábhachtaí atá lánas Éireannach don lucht féachana agus éisteachta freisin.

— **Oíche an Chultúir 2015**

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, ghlac an BAI páirt dhíograiseach in Oíche an Chultúir 2015, arb í an t-imeacht bliantúil lena gceiliúrtar an cultúr, an chruthaitheacht agus na healaíona agus a n-osclaítear ionaid tionóil de gach cineál níos déanaí san oíche lena linn chun rochtain mhéadaithe a éascú don phobal.

Tugadh *Sol Cinema* ar ais go Plás Warrington ar an oíche agus bhain an BAI leas as an bpictiúrlann chun raon leathan tionscadal scannáin agus teilifíse a maoiníodh faoin Scéim Sound & Vision a chur i láthair. Mar an gcéanna, bhí an-tóir ann ar *Tholglann Éisteachta* an BAI i measc daoine a bhí ag iarraidh éisteacht le rogha tionscadal raidió a maoiníodh faoin Scéim Sound & Vision.

— **Halla Laochra PPI**

Cuireadh daoine nua le Halla Laochra PPI le linn Oíche an Chultúir 2015, ba iad sin: Des Cahill ó RTÉ; Pat Balfe, Príomhoifigeach Teicniúil le Communicorp Group; Gerry Anderson, nach maireann, ó Raidió Uladh BBC; agus Henry Condon, nach maireann, ag a raibh gairm fhairsing sa raidió sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Tá Halla na Laochra lonnaithe in oifigí an BAI agus aithnítear leis na daoine sin a bhfuil rannchuidiú eisceachtúil déanta acu maidir leis an raidió in Éirinn.

— **Fóram Teicneolaíochta Digital Biscuit**

D'oibrigh an BAI go rathúil i gcomhpháirt le Comhairle Dhigiteach na nÓg chun iniúchadh a dhéanamh ar nósanna úsáide meán i measc daoine óga sa ré dhigiteach. Ba é a bhí i gceist leis an taighde sin ná daoine óga as gach cearn den tír a chur faoi agallamh maidir lena nósanna laethúla úsáide meán agus maidir leis an tionchar a bhíonn ag na meáin shóisialta agus ag ardáin dhigiteacha araon ar na nósanna sin. Cuireadh torthaí an taighde sin i láthair ag Fóram Teicneolaíochta Digital Biscuit i mí Eanáir 2015, rud ar thacaigh an BAI leis.

— **Léiriú *Song of the Sea***

Ar mhaithe le heisiúint an scannáin bheoite dar teideal '*Song of the Sea*' a shonrú – a ainmníodh do dhuais Oscar agus a maoiníodh go páirteach tríd an Scéim Sound & Vision – reáchtáil an BAI léiriú speisialta ar an scannán ag Pictiúrlann an Tí Sholais i mBaile Átha Cliath i mí Iúil 2015. I measc na ndaoine a bhí i láthair, bhí Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann, Sabina, bean chéile an Uachtaráin, agus Kevin O'Malley, Ambasadóir na Stát Aontaithe chun na hÉireann.

Faighteoirí Halla Laochra PPI 2015

Caidreamh leis na Meáin

Gné thábhachtach eile de straitéis cumarsáide an BAI is ea faisnéis rialta a sholáthar faoina chuid gníomhaíochtaí agus cinntí agus faoina chuid oibre i gcoitinne. Is uirlis thábhachtach cumarsáide ina leith sin é suíomh Gréasáin an BAI, áit a gcuirtear na meáin agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoina chuid cinntí rialála agus faoina chuid mórghníomhaíochtaí.

Le linn na bliana 2015, rinne an BAI 57 gcinn de phreasráitis agus de nuashonruithe ar raon saincheisteanna a bhain lena chuid oibre a eisiúint ar a shuíomh Gréasáin. Chomh maith leis sin, agus faoi mar a tharla i mblianta roimhe, bhí plé suntasach ann sna meáin ar an BAI agus ar a chuid oibre. Eisíodh níos mó ná 840 alt a bhain leis an BAI sna meáin chlóite agus ar líne le linn na bliana.

I dteannta an tsuímh Ghréasáin, tá iarracht á déanamh ag an BAI le blianta beaga anuas leas a bhaint as na meáin shóisialta ar mhaithe lena fheidhm cumarsáide a fhorbairt. Chuir an BAI lena láithreacht sna meáin shóisialta trí leas a bhaint as píosaí scannáin chun feasacht agus eolas a mhéadú ar an obair a dhéanann sé agus ar an ról a chomhlíonann sé. I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, bhí méadú 28% agus 33% ann ar láithreacht an BAI ar Facebook agus ar Twitter faoi seach sa bhliain 2015.

Saoráil Faisnéise

D'fhonn tuilleadh trédhearcachta, oscailteachta agus inrochtaineachta a chinntiú, ceanglaítear le halt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar chomhlachtaí atá faoi réir an Achta, an BAI ina measc, raon leathan faisnéise a ullmhú agus a fhoilsiú mar ghnás lasmuigh den phróiseas saoráil faisnéise, ar an gcoinníoll nach dtoirmisctear leis an dlí foilsiú nó soláthar rochtana den sórt sin. Chun tacú leis an gceanglas sin, tá rún daingean ag an BAI faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ghnáth ghníomhaíochtaí gnó agus thosaigh sé ar a fhoilseacháin saoráil faisnéise a chur ar fáil ar líne le déanaí.

Phróiseáil an BAI 15 iarraidh saoráil faisnéise sa bhliain 2015, ar tugadh 2 cheann díobh anonn ón mbliain 2014. Amhail i gcás blianta roimhe sin, ba ó iriseoirí a tháinig formhór na n-iarrataí agus bhain an cineál faisnéise a iarradh le topaicí amhail rialáil craoltóirí seirbhíse poiblí agus taifid inmheánacha ar an dóigh a bhfuil conraitheoirí an BAI ag comhlíonadh chóid agus bheartais an BAI. Deonaíodh 1 iarraidh go hiomlán; deonaíodh 12 iarraidh go páirteach; agus diúltaíodh d'iarraidh amháin. Tugadh an iarraidh eile anonn go dtí an bhliain 2016.

Léiriú speisialta Amhrán na Mara. I measc na daoine a bhí i láthair bhí Michael D. Higgins, Uachtarán na hÉireann, Sabina, bean chéile and Uachtaráin agus Kevin O'Malley, Ambassadóir na Stáit Aontaithe chun na hÉireann.

Urraíocht

Cuid thábhachtach den chur chuige a ghlacann an BAI i leith cumarsáide agus rannpháirtíochta is ea gníomhaíochtaí urraíochta. Cabhraíonn siad le feasacht a mhéadú ar chuspóirí straitéiseacha an rialálaí agus tarraingíonn siad aird ag an am céanna ar an méid a chuireann an eagraíocht le fás agus le forbairt leanúnach an tionscail chlosamhairc in Éirinn.

Fuair an BAI 28 n-iarratas ar thacaíocht faoina Scéim Urraíochta sa bhliain 2015. D'éirigh le 18 gcinn de na hiarratais sin maoiniú urraíochta a áirithiú, agus €114,000 san iomlán á fháil acu le haghaidh raon imeachtaí difriúla. Tá na nithe seo a leanas i measc na n-imeachtaí ar urraigh an BAI iad sa bhliain 2015:

Dámhachtainí PPI	Seachtain na Gaeilge
Fleadh Scannán na Gaillimhe	Glór na nGael
Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath - Jameson	Dámhachtainí Scannán agus Teilifíse na hÉireann
Féile na Meán Ceilteach	Ciste Iriseoireachta Mary Rafferty.

Taighde Lucht Féachana/Éisteachta

Tar éis dó Creat um Thaighde Lucht Féachana/Éisteachta a fhorbairt sa bhliain 2014, thug an BAI tosaíocht do roinnt saothar taighde lucht féachana/éisteachta a scóipeáil agus a dhéanamh sna blianta 2015 agus 2016 d'fhonn tacú le réimsí oibre amhail cóid agus rialacha, an litearthacht sna meáin agus an chumarsáid agus d'fhonn bonn eolais a chur faoi na réimsí sin.

Sa chomhthéacs sin, reáchtáil an BAI próiseas tairisceana agus, go déanach sa bhliain 2015, cheap sé cuideachta taighde chun suirbhé rianúcháin ar an lucht féachana/éisteachta a bhunú agus a dhéanamh. Is é an aidhm atá leis an suirbhé sin faisnéis a sholáthar ar thuairimí agus ar dhearcadh an phobail ar chraolachán seirbhíse poiblí in Éirinn maidir leis an luach poiblí agus an tábhacht phoiblí a bhaineann leis. Go háirithe, rianófar leis an suirbhé tuairimí an phobail ar an dóigh a mbíonn craoltóirí seirbhíse poiblí ag comhlíonadh na bpríomhchuspóirí atá acu, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Úsáidfear torthaí an tsuirbhé chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí agus faoi phróisis chinnteoireachta an BAI agus é ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna rialála atá aige i leith craoltóirí seirbhíse poiblí, go háirithe le linn dó an t-athbhreithniú cúig bliana a dhéanamh ar mhaoiniú poiblí.

Tá sé i gceist go ndéanfar an suirbhé ar feadh tréimhse trí bliana ar dtús. Is iad na buntáistí a ghabhann le suirbhé rianúcháin ná go meastar gur gníomhaíocht taighde 'bheo' é agus go gcuirfear leis ar chumas an BAI treochtaí a rianú agus a thaifeadadh agus freagairt dóibh thar thréimhse ama ar leith.

ALT 4

TRÉDHEARCACHT AGUS CUNTASACHT CRAOLTÓIRÍ A NEARTÚ

"Iontaoibh agus muinín an phobail a mhéadú as craolachán na hÉireann"

Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an BAI is ea a chinntiú go mbíonn craoltóirí cuntasach do phobal na hÉireann. Measann an BAI gur ríthábhachtach atá trédhearcacht agus cuntasacht craoltóirí maidir le hiontaoibh agus le muinín an phobail a choinneáil agus a mhéadú as craolachán na hÉireann. Is ar an gcúis sin a dhírítear méid suntasach de ghníomhaíocht rialála an BAI ar an aidhm sin a bhaint amach. Oibríonn an BAI le craoltóirí i dtaca leis na ceanglais reachtúla agus chonarthacha atá orthu ar mhaithe le hionchais shoiléire iontaofa a leagan síos don lucht féachana agus éisteachta.

Agus an obair sin á déanamh aige, feidhmíonn an BAI ar bhealach trédhearcach agus cuireann sé nósanna imeachta comhlíonta agus forfheidhmithe i bhfeidhm atá soiléir, inrochtana, cothrom agus comhréireach agus lena gcuirtear riachtanais an lucht féachana/éisteachta san áireamh. Díríodh na réimsí oibre sa bhliain 2015 ar chlár oibre um rialáil seirbhíse poiblí a shaothrú agus ar raon gníomhaíochtaí comhlíonta a chomhlíonadh chun a chinntiú go mbeadh craoltóirí cuntasach don phobal. Sna sonraí thíos, tugtar léargas ar an gcineál oibre a rinneadh le linn na bliana

An Clár Oibre um Rialáil Seirbhíse Poiblí

I rith na bliana 2015, lean an BAI de bheith ag obair le RTÉ agus le TG4, na craoltóirí seirbhíse poiblí, ar raon ábhar éagsúil mar chuid dá chlár oibre um rialáil. Agus an méid sin á dhéanamh aige, bhí aird ag an BAI ar a chuid freagrachtaí faoin Acht Craolacháin 2009 agus ar an gceanglas straitéiseach atá air a chinntiú go dtaispeánann RTÉ agus TG4 trédhearcacht agus cuntasacht sa dóigh a n-úsáideann siad cistí poiblí. Mar an gcéanna, féachann an BAI, tríd an ról rialála atá aige, le comhairle neamhspleách a chur ar an Aire ar raon ábhar a bhaineann leis na craoltóirí seirbhíse poiblí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, comhairle ar leordhóthanacht an mhaoiniúcháin atá ar fáil chun gur féidir leis na craoltóirí seirbhíse poiblí a gcuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

D'fhonn an clár oibre sin a chur ar aghaidh i rith na bliana 2015, d'oibrigh an BAI leis na craoltóirí seirbhíse poiblí ar leibhéal ardbhainistíochta agus ar leibhéal boird araon. Go háirithe, tháinig an tÚdarás agus bord RTÉ le chéile i mí na Bealtaine 2015 chun plé a dhéanamh ar an gcaidreamh leanúnach idir an rialálaí agus an craoltóir agus ar an dóigh ar féidir an creat rialála a úsáid chun cabhrú le RTÉ freastal ar an lucht féachana/éisteachta ar bhealach níos fearr. Aithníodh le linn an chruinnithe na róil uathúla agus chomhlántacha atá ag an BAI agus ag RTÉ. Comhroinneadh dearcthaí ar raon saincheisteanna lena linn freisin, amhail athbhreithnithe ar mhaoiniú poiblí agus moltaí ina leith, cuntasacht, comhlíonadh, agus rialáil closamhairc ar leibhéal Eorpach.

Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2015

Tagann na craoltóirí seirbhíse poiblí leis an BAI gach bliain chun a gcuid gealltanas a leagan amach i dtaca le feidhmíocht. Is é an toradh a bhíonn ar an bpróiseas sin ná Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta a eisiúint do RTÉ agus do TG4, áit a leagtar síos cuspóirí soláthair do gach craoltóir agus, dá bhrí sin, ionchais intomhaiste don lucht féachana/éisteachta. Chomh maith leis sin, cuireann leagan síos na Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta leis an bpróiseas rialála a bhaineann lena leordhóthanaí atá na cistí poiblí atá ag an dá chraoltóir seirbhíse poiblí chun iad a chumasú a chuid cuspóirí a chomhlíonadh. Chuir RTÉ agus TG4 a Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta faoi bhráid an BAI mar a cheanglaítear orthu faoin reachtaíocht. Leagadh amach iontu na spriocanna agus na gníomhartha a raibh sé beartaithe ag na craoltóirí iad a sholáthar le linn na bliana 2015.

– Ráiteas Bliantúil RTÉ i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta

Bhí an tÚdarás sásta go raibh gealltanais RTÉ don bhliain 2015 leordhóthanach, cuí agus i gcomhréir le cuspóirí phlean straitéiseach RTÉ. Chuir an tÚdarás fáilte roimh na hurrúis a tugadh sa Ráiteas go leanfaí ar aghaidh leis na príomhghnéithe den straitéis ilbhliantúil a sholáthar. Chuir sé fáilte freisin roimh an nGrúpa Oibre nua um Ilchineálacht a bhunófaí don chraoltóir, agus é de dhualgas air scrúdú a dhéanamh ar mhiondealú an lucht féachana/éisteachta ar fud grúpaí ilchineálacha i sochaí na hÉireann.

– **Ráiteas Bliantúil TG4 i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta**

Bhí an tÚdarás sásta go raibh Ráiteas TG4 ag teacht leis an gcreat comhaontaithe agus le straitéis ilbhliantúil TG4. Cuireadh fáilte roimh an líon laghdaithe gealltanas a tugadh sa bhliain 2015 i gcomparáid le blianta roimhe. Cuireadh fáilte freisin roimh an mbéim a chuir TG4 ar a mbainfí amach agus roimh na bearta cuí meastóireachta a sholáthrófaí.

Athbhreithniú Bliantúil ar Mhaoiniú Poiblí

San athbhreithniú bliantúil ar mhaoiniú poiblí don bhliain 2015, rinneadh breithniú ar a mhéid a chomhlíon an dá chraoltóir seirbhíse poiblí, le linn na bliana roimhe, na gealltanais a thug siad don bhliain sin agus ar leordhóthanacht nó ar neamh-leordhóthanacht an mhaoiniúcháin phoiblí chun TG4 agus RTÉ a chumasú a gcuspóirí seirbhíse poiblí faoi seach a chomhlíonadh.

Tugadh faoin athbhreithniú don bhliain 2014 le tacaíocht ó Oliver and Ohlbaum Associates (O&O). Agus an dá athbhreithniú á ndéanamh aige, dhírigh O&O ar phríomhréimsí a chreid an tÚdarás a bheith lárnach de chraolachán seirbhíse poiblí a sholáthar, ba iad sin: feidhmíocht lucht féachana/éisteachta; leibhéal agus cineál an lánais aschuir a táirgeadh; an luach ar airgead a bhí á sholáthar; agus an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach.

D'aontaigh an tÚdarás leis na cinntí ar tháinig O&O orthu i dtaca le feidhmíocht TG4 agus RTÉ in aghaidh na ngealltanas a rinneadh sa bhliain roimhe agus i gcomhthéacs mhórpharaiméadair an athbhreithnithe cúig bliana ar mhaoiniú poiblí. Cé nár chomhlíon siad na gealltanais uile, mar a bhí leagtha amach ina ráitis bhliantúla i dtaobh gealltanais feidhmíochta, d'fheidhmigh an dá Chraoltóir Seirbhíse Poiblí go maith in aghaidh na ngealltanas a leagadh síos. Chomh maith leis sin, thug an tÚdarás faoi deara na dúshláin a chuir RTÉ agus TG4 in iúl maidir leis na spriocanna a bhaint amach sa tréimhse atá fágtha dá straitéisí faoi seach. Maidir leis sin, gheall an BAI go ndéanfadh sé scrúdú ní ba mhine ar an tsaincheist sin sa bhliain 2016.

Thacaigh an tÚdarás leis na moltaí a rinne O&O i dtaca le hathruithe maoiniúcháin a dhéanamh don dá chraoltóir seirbhíse poiblí. Ba iad seo a leanas na moltaí ba shuntasaí díobh:

- Maoiniú poiblí a choigeartú chun aghaidh a thabhairt ar an leibhéal neamhleor reatha maoiniúcháin a theastaíonn ó RTÉ agus ó TG4 chun gur féidir leo a gcuspóirí faoi seach a chomhlíonadh;
- Cúiteamh i leith na heaspa méadaithe ar mhaoiniú ar aon dul le boilsciú sa dá bhliain seo a chuaigh thart;
- Cúiteamh i leith an laghdaithe ar mhaoiniú ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh trí chúiteamh dar luach €0.2m a dhámhachtain ar TG4 agus cúiteamh dar luach €1.2m a dhámhachtain ar RTÉ;
- Méadú 0.5% ar mhaoiniú do RTÉ agus do TG4 araon, rud a bheadh ar aon dul le boilsciú.

Agus an tuarascáil agus na moltaí á gcur faoi bhráid an Aire aige sa bhliain 2015, chuir an tÚdarás imní in iúl faoi mholtaí a tháinig as na hathbhreithnithe a rinneadh sna blianta 2013 agus 2014 agus nár cuireadh chun feidhme go fóill.

Beartas Cóirthrádála RTÉ

Rinne an tÚdarás breithniú ar Bheartas Cóirthrádála RTÉ sa bhliain 2015 freisin. Thug an craoltóir faoi deara go raibh sé mar aidhm leis an mBeartas forbhreathnú a thabhairt ar na prionsabail a bheadh mar bhonn dá chur chuige i leith cóirthrádála agus trédhearcachta ina chuid gníomhaíochtaí tráchtála agus ina chuid idirbheart. D'iarr an BAI ar Oliver & Ohlbaum, sainchomhairleoirí, athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an mBeartas. Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe sin, chinn an tÚdarás go raibh sé sásta, tríd is tríd, leis an mBeartas. Cé gur thug sé faoi deara nach raibh aon oibleagáid reachtúil ar RTÉ iarraidh ar an BAI an Beartas a cheadú, d'iarr an tÚdarás ar RTÉ machnamh a dhéanamh ar an aiseolas agus ar na moltaí a tháinig as an athbhreithniú.

Ráitis Seirbhíse Poiblí

De bhun Alt 101 den Acht, rinne RTÉ agus TG4 araon Ráiteas Seirbhíse Poiblí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire. Leagadh amach sna Ráitis na prionsabail a gcloífeadh an dá chraoltóir leo agus na gníomhaíochtaí a dtabharfaidís fúthu d'fhonn a gcuspóirí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. D'iarr an tAire ar an Údarás breithniú a dhéanamh ar an dá Ráiteas Seirbhíse Poiblí ansin. Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an dá Ráiteas Seirbhíse Poiblí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur chomhlíon RTÉ agus TG4 a n-oibleagáidí reachtúla ina leith sin.

An Klondike Seán T. Ó Meallaigh, Owen McDonnell, Dara Devaney

Comhlíonadh

Chomh maith leis a chlár oibre um Rialáil Seirbhíse Poiblí, oibríonn an BAI lena chuid conraitheoirí, agus déanann sé faireachán orthu, chun a chinntiú go mbíonn na seirbhísí raidió agus teilifíse sin ag obair de réir na gceanglas reachtúil agus conarthach atá orthu. Is leagtha amach thíos atá forbhreathnú ar an ngníomhaíocht comhlíonta ar tugadh fúithi sa bhliain 2015.

Athruithe Conarthacha

Cuid lárnach de ghníomhaíochtaí oibriúcháin an BAI is ea iarrataí ar athrú conarthach. Le linn na bliana, cuireann craoltóirí atá ceadúnaithe ag an BAI iarrataí faoi bhráid an Údaráis chun cead a fháil gnéithe dá gconradh a leasú. Bíonn éagsúlacht ann maidir leis na hiarrataí a fhaightear, agus iad ag baint le gnéithe de ghealltanais chlár an stáisiúin a leasú ar thaobh amháin agus le hathruithe ar fhoireann, ar struchtúr scairsheilbhe agus, uaireanta, ar úinéireacht agus ar rialú an chonraitheora ar an taobh eile. Is de réir a straitéise agus, nuair is cuí, de réir a bheartais cheadúnúcháin tráchtála nó phobail a bhreithníonn an BAI na hiarrataí a chuirtear isteach. Déantar an breithniú agus an cinneadh ar leibhéal an Choiste Feidhmiúcháin nó ar leibhéal an Údaráis, ag brath ar chineál agus ar thábhacht na hiarrata lena mbaineann.

Fuair an BAI 47 n-iarraidh ar athrú conarthach sa bhliain 2015 agus phróiseáil sé iad ina dhiaidh sin. Léiríodh i roinnt de na hiarrataí sin athruithe ar úinéireacht na meán in Éirinn agus coinbhéirseacht theicneolaíoch i margadh na meán.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na gcineálacha athruithe conarthacha a breithníodh agus a ceadaíodh le linn na bliana:

- Bhreithnigh an tÚdarás ceannach beartaithe TV3 ag Virgin Media Limited, ar fochuideachta de chuid Liberty Global plc é. Is é Liberty Global plc a fheidhmíonn Virgin Media, an príomhlíonra cábla in Éirinn. Cheadaigh an tÚdarás an t-athrú ina dhiaidh sin.
- Breithníodh díol UTV Ireland Limited, arb é an t-iontrálaí is déanaí sa mhargadh, le ITV Broadcasting Limited, ar mórchraoltóir sa Ríocht Aontaithe é. Ceadaíodh an t-athrú ina dhiaidh sin.
- Ceadaíodh iarrataí eile ar athrú conarthach chomh maith, a bhain le ceapacháin chuig an ról mar Phríomhfheidhmeannach ar Highland Radio agus ar Newstalk. Ceadaíodh freisin leasuithe ar na gealltanais chlár le haghaidh roinnt stáisiúin raidió pobail.

Amhrán na Mara – a ainmníodh do dhuais Oscar

Iniúchtaí Teicniúla

De réir coinníollacha a leagtar síos ina gconradh, tá oibleagáid ar gach craoltóir ceadúnaithe cloí le ceanglais theicniúla. Tugadh 144 chuairt ar an láithreán sa bhliain 2015. Ach amháin i gcás dhá chonraitheoir, chomhlíon na conraitheoirí uile na sonraíochtaí riachtanacha. Tríd is tríd, bhí ardleibhéal comhlíonta ann.

Straitéis Comhlíonta agus Forfheidhmithe

Foilsíodh Beartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe i mí na Samhna 2014. Leagtar amach ann an cur chuige ginearálta a ghlacann an BAI i leith déileáil le comhlíonadh i measc na gcraoltóirí agus na gconraitheoirí uile atá ceadúnaithe sa Stát agus i leith déileáil le forfheidhmiú ina n-aghaidh.

Sa bhliain 2015, díríodh an ghníomhaíocht comhlíonta ar athbhreithnithe feidhmíochta a dhéanamh ar raon seirbhísí pobail a raibh a gceadúnas ar tí dul in éag. Rinneadh athbhreithnithe feidhmíochta ar 11 cheann de sheirbhísí craolacháin fuaime pobail faoi dheireadh na bliana. Bhí roinnt cuairteanna stáisiúin i gceist leis na hathbhreithnithe sin.

Ina theannta sin, tugann an BAI faoi fhaireachán réamhghníomhach i réimsí ina bhfuil imní ann faoi chomhlíonadh na rialachán. Sa bhliain 2015, rinneadh scrúdú ar urraíocht agus ar shuíomh táirgí agus sainaithníodh saincheisteanna comhlíonta i dtaca le craoltaí teilifíse. Chuathas i mbun plé le RTÉ agus le TV3 i dtaca leis an gcur chuige a ghlacann siad i leith na saincheisteanna sin.

Rialacha Rochtana

De bhun cheanglais an Achta Craolacháin 2009, d'fhorbair an BAI Rialacha Rochtana lena gceanglaítear ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, ar chraoltóirí tráchtála agus ar chraoltóirí pobail spriocanna fotheidealaithe a bhaint amach, dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí, agus rochtain ar a gcuid seirbhísí a mhéadú do dhaoine atá bodhar, a bhfuil allaíre orthu, atá caoch nó dall. Ag teacht sna sála ar athbhreithniú a rinneadh sa bhliain 2014, seoladh Rialacha Rochtana athbhreithnithe i mí Eanáir 2015 agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Márta 2015.

Faoi mar a rinne sé i mblianta roimhe sin, thug an BAI faoi roinnt gníomhaíochtaí sa bhliain 2015 chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin. Áiríodh leis an obair sin faireachán a dhéanamh ar aschur craoltóirí agus teacht le chéile le painéil chomhairleacha úsáideoirí chun a dtuairimí a fháil ar cháilíocht agus iontaofacht na bhfotheideal, na clostuairisce agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthraítear.

Athbhreithniú ar Chomhlíonadh na Rialacha Rochtana 2015

Tá sonraí faoin athbhreithniú a rinneadh ar fheidhmíocht craoltóirí sa bhliain 2015 leagtha amach sa tábla thíos.

Craoltóir	Sprioc Um Fhotheidealú 2015	Figiúr Iarbhír Um Fhotheidealú 2015
RTÉ 1	84 – 89%	86%
RTÉ 2	63 – 69%	65%
TV3	45 – 49%	50%
TG4	47 – 53%	45%
3e	19 – 23%	27%
Setanta Ireland	9 – 11%	10.3%
RTÉ plus One	84 – 89%	88%
RTÉ News Now	15 – 18%	Níor soláthraíodh aon fhaisnéis ina leith seo
RTÉjr	36 – 40%	42%
DCTV	5%	10%
CCTV	5%	20%

Craoltóir	Sprioc Um Chlostuairisc 2015	Figiúr Iarbhír Um Chlostuairisc 2015
RTÉ	1.75%	3.2%
RTÉjr	2%	Ceann ar bith

Craoltóir	Sprioc Um Theanga Chomharthaíochta Na hÉireann 2015	Figiúr Iarbhír Um Theanga Chomharthaíochta Na hÉireann 2015
RTÉ	1.75%	2%
RTÉjr	0.75%	1.1%

Bhí dea-leibhéal comhlíonta ann i measc craoltóirí sa bhliain 2015 maidir leis na spriocanna a leagadh síos. Baineadh na raonta spriocanna amach, nó sáraíodh iad, i gcás fhormhór na gcraoltóirí. Bhí TG4 beagán faoi bhun na sprice. Bhí roinnt deacrachtaí ag TV3 maidir le cáilíocht na bhfotheideal, cé gur tháinig feabhas ar a bhfeidhmíocht ina leith sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

I measc na ndeacrachtaí ar shainaithin úsáideoirí iad, bhí cáilíocht agus iontaofacht na bhfotheideal agus deacrachtaí glacadóireachta a bhain le saincheisteanna teicniúla amhail boscaí difriúla bairr agus soláthraithe difriúla ardáin. Tá rún ag an BAI obair a dhéanamh leis na craoltóirí agus leis na soláthraithe ardáin lena mbaineann chun na deacrachtaí sin a shárú sa bhliain 2016.

Spriocanna do Chraoltóirí nua

Sa bhliain 2015, rinne an tÚdarás breithniú freisin ar spriocanna soláthair rochtana a leagan síos do chraoltóirí nua atá ceadúnaithe ag an BAI. Sa chomhthéacs sin, leagadh spriocanna fotheidealaithe thíos do UTV Ireland, do Irish TV agus do Oireachtas TV. Leagadh spriocanna maidir le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann síos do Oireachtas TV freisin. Tiocfaidh na spriocanna nua sin in éifeacht sa bhliain 2016.

ALT 5

FOGHLAIM AGUS FORBAIRT A ÉASCÚ SAN EARNÁIL CHRAOLACHÁIN

"Dúshlán a chur ar earnáil chraolacháin na hÉireann fanacht ábhartha agus riachtanach agus torthaí a sholáthar don lucht féachana/éisteachta"

Clár Nua Sochrúcháin Oibre ar Red Rock, le tacaíocht ón BAI agus Oiliúint Scáileáin Éireann

Tuigeann an BAI an luach straitéiseach is féidir a ghnóthú ó obair a dhéanamh leis an earnáil chraolacháin d'fhonn cur le cumas na hearnála freastal ar riachtanais an lucht féachana agus éisteachta. Dá bhrí sin, tá an BAI tiomanta do thacaíocht straitéiseach agus forbartha a thabhairt don earnáil.

In éineacht le craoltóirí, le grúpaí ionadacha agus le heagraíochtaí eile, déanann an BAI athmheasúnú rialta ar riachtanais athraitheacha na hearnála agus ar an dóigh ar féidir freastal ar riachtanais den sórt sin. Faoi mar atá léirithe thíos, tugadh faoi raon leathan gníomhaíochtaí sa bhliain 2015 ar mhaithe le foghlaim agus le forbairt a éascú san earnáil.

Foghlaim agus Forbairt Earnála

Faoi Bheartas bunaithe Foghlama agus Forbartha Earnála, tairgeann an BAI cúnamh don tionscal ar roinnt bealaí éagsúla, amhail taighde a chur chun cinn, faisnéis a bhailiú agus a dháileadh faoi riachtanais scileanna, agus tacaíocht a thabhairt don oiliúint i réimsí ina bhfuil scileanna in easnamh.

I dtús na bliana 2015, leithdháileadh buiséad €376,200 ar thionscnaimh Foghlama agus Forbartha Earnála. Leithdháileadh beagán os cionn dhá dtrian den mhaoiniú sin ar líonraí tionscail chun go bhféadfaidís gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha a sholáthar. Leithdháileadh na cistí eile chun tacú le tionscnaimh eile forbartha.

Tacaíocht do Líonraí Tionscail

Tairgeann an BAI tacaíocht maoiniúcháin do líonraí tionscail a bhfuil sé mar aidhm acu ionadaíocht a dhéanamh do réimsí sonracha nó do leasanna sonracha sa chraolachán. Cuimsíonn na líonraí sin raon geallsealbhóirí difriúla i réimse an chraolacháin, lena n-áirítear grúpaí ionadacha agus oiliúna do chraoltóirí pobail agus tráchtála, do léiritheoirí scáileáin, do stiúrthóirí, d'iriseoirí agus do bheochantóirí.

A bhuí leis an dóigh a soláthraíonn an BAI maoiniú do na líonraí éagsúla, cumasaítear don eagraíocht cur chuige straitéiseach a ghlacadh agus comhghuaillíochtaí a bhunú ar mhaithe le riachtanais na hearnála craolacháin agus, dá bhrí sin, riachtanais an lucht féachana/éisteachta in Éirinn ar a bhfreastalaíonn an earnáil a chomhlíonadh. Cabhraíonn sí freisin le huasmhéadú a dhéanamh ar thionchar na tacaíochta a thugtar; le hobair chomhoibríoch a chothú laistigh de réimsí éagsúla den mhórthionscal craolacháin; agus le cur chuige marthanach a fhorbairt i leith foghlaim agus forbairt.

Sa bhliain 2015, leithdháileadh suim iomlán €248,000 ar 10 líonra tionscail chun tacú le gníomhaíochtaí éagsúla foghlama agus forbartha, amhail seimineáir, comhdhálacha nó ceardlanna a óstáil, nó freastal orthu; ábhair oiliúna a fhorbairt; agus athbhreithnithe a chur i gcrích. Is pléite thíos atá roinnt de na líonraí sonracha agus de na tionscnaimh shonracha a maoiníodh sa bhliain.

- **CRAOL (Fóram Raidió Pobail)**

  Is líonra bunaithe don earnáil raidió pobail in Éirinn é CRAOL. Déanann sé ionadaíocht do sheirbhísí raidió pobail agus do sheirbhísí raidió pobail chomhleasa atá faoi chonradh ag an BAI. I measc na ngníomhaíochtaí ar tacaíodh leo sa bhliain 2015, bhí *Lá Náisiúnta Raidió Pobail*, ar ar chomhroinn stáisiúin ar fud na tíre a gcuid clár le chéile agus ar ar chuir siad craolachán pobail i láthair, agus *Lá Náisiúnta Stáisiún* Campais Phobail a raibh sé mar aidhm leis cabhrú le mic léinn saorálaithe nua a earcú ón daonra mac léinn.

- **Learning Waves Skillnet**

  Mórsholáthraí oiliúna don earnáil raidió tráchtála neamhspleách is ea Learning Waves Skillnet. Faigheann sé maoiniú ón BAI chun cabhrú lena chuid gníomhaíochtaí. I measc na dtionscnamh a maoiníodh sa bhliain 2015, bhí 2 cheardlann oiliúna dar teideal "Léiritheoirí Éifeachtacha" agus "Scéalaíocht agus Iriseoireacht Úrnua" ar sholáthair Acadamh BBC iad.

- **An Cumann Teilifíse Pobail**

  Cuireadh maoiniú ar fáil don Chumann Teilifíse Pobail chun Féile rathúil Teilifíse Pobail a óstáil i gCorcaigh agus chun oiliúint i léiriú clár agus i dtarchur clár a eagrú do shaorálaithe.

- **Léiritheoirí Scáileáin Éireann**

  Tá Léiriú Scáileáin Éireann ar an gcomhlacht ionadach don earnáil dhúchasach teilifíse, scannán agus beochaintí in Éirinn. Cuireann sé fás na hearnála léiriúcháin neamhspleách chun cinn ar son a chuid ball. Sa bhliain 2015, chabhraigh tacaíocht ón BAI le seimineáir agus le laethanta oiliúna a sholáthar do bhaill, áit ar díríodh ar theicneolaíochtaí nua, ar fhormáidí nua agus ar an maoin intleachtúil.

- **An Deasc um Eoraip na Cruthaitheachta, Éire**

  I gcomhar le hoifig meán na Deisce um Eoraip na Cruthaitheachta, Éire, chuir an BAI tacaíocht maoiniúcháin ar fáil do mháistir-rang sa bheochan inar cuireadh béim ar smaointe a chur i láthair agus ar na deiseanna maoiniúcháin atá ar fáil do thionscadail bheochana.

Tacú le Riachtanais Forbartha

Mar aon le tacaíocht a thabhairt do líonraí, d'oibrigh an BAI sa bhliain 2015 chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha laistigh den earnáil chraolacháin trí mhaoiniú a chur ar fáil do scéimeanna nua agus do scéimeanna bunaithe araon. Tá léargas tugtha thíos ar na cineálacha Scéimeanna a maoiníodh le linn na bliana.

- **Scéalta Móra ar an Scáileán Beag**

  Tugadh an tionscadal *Scéalta Móra ar an Scáileán Beag* isteach sa bhliain 2015. Is tionscnamh nua oiliúna é ina ndírítear ar scileanna Éireannacha a fhorbairt i ndrámaí fada ardchaighdeáin ar an teilifís. Is iad an BAI agus Oiliúint Scáileáin Éireann a mhaoiníonn an tionscadal agus tá sé mar aidhm leis tacaíocht a thabhairt do scríbhneoirí scripte, do léiritheoirí agus do stiúrthóirí atá lonnaithe in Éirinn agus atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar na scileanna a theastaíonn chun sraith rathúil drámaíochta a chruthú don mhargadh idirnáisiúnta. Tá an tionscadal roinnte in dhá mhodúl ar leith. Mar chuid den chéad ghné den tionscadal, reáchtáladh comhdháil ar shraith rathúil drámaíochta a chruthú i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2015. Ceadaíodh tacaíocht bhreise maoiniúcháin do *Scéalta Móra* don bhliain 2016 chun tacú leis an dara gné den tionscadal, is é sin, modúl ceardlannbhunaithe.

Scéalta Móra ar an Scáileán Beag, le tacaíocht ón BAI agus Oiliúint Scáileáin Éireann

- **An Scéim Red Rock**

  Thacaigh an BAI, Oiliúint Scáileáin Éireann agus Red Rock, sraith drámaíochta TV3, le clár nua socrúcháin oibre a thabhairt isteach sa bhliain 2015. Ba é an aidhm a bhí leis an tionscnamh roinnt deiseanna socrúcháin sé seachtaine ar an seit a thairiscint d'fhonn forbhreathnú a thabhairt do rannpháirtithe ar na scileanna a theastaíonn i rannóga tábhachtacha léiriúcháin – Láithreacha, Feisteas, Gruaig/Smideadh, an Rannóg Ealaíne, Leanúnachas agus Iarléiriú ina measc. I mí Mheán Fómhair 2015, d'fhreastail breis agus 150 duine ar lá oscailte chun feasacht a mhéadú ar an Scéim. Rinne cuid mhór de na daoine sin iarratas ina dhiaidh sin ar na socrúcháin oibre íoctha sé seachtaine, ar cuireadh tús leo go déanach sa bhliain 2015.

- **An Scéim Tacaíochta do Chraolachán Pobail 2015**

  Leis an Scéim seo, cumasaítear do chraoltóirí pobail taighde agus athbhreithnithe a dhéanamh ar a gcuid seirbhísí agus ar na pobail ar a bhfreastalaíonn siad. Seoladh an Scéim don bhliain 2015 i mí Lúnasa agus tairgeadh maoiniú deontais arbh fhiú €20,350 san iomlán é do sheacht stáisiún. Maoiníodh roinnt tionscnamh faoin Scéim, lenar áiríodh iad seo a leanas: athbhreithniú inmheánach ar eagrúchán; staidéar chun cabhrú le seirbhís aistriú ó sheirbhís atá lándeonach ina seirbhís atá comhdhéanta de mheascán de bhaill foirne ar íocaíocht agus oibrithe deonacha; meastóireacht sheachtrach chun eolas a thabhairt do phlean straitéiseach cúig bliana a fhorbairt; dhá thionscadal ina ndírítear ar thaighde lucht éisteachta agus geallsealbhóirí; meastóireacht ar chláir chúrsaí reatha; agus athbhreithniú ar chaidreamh le grúpaí sa phobal.

An Scéim um Maoiniú Taighde na Meán

Ceann de na príomh-mhodhanna ina ndéanann an BAI naisc a fhorbairt agus a choinneáil le hinstitiúidí tríú leibhéal agus leis an earnáil chraolacháin is ea an Scéim um Maoiniú Taighde na Meán. Baintear leas as an Scéim chun cabhrú le tionscnaimh taighde ardchaighdeáin a bhrú chun cinn d'fhonn tacú leis an timpeallacht rialála craolacháin. Éascaíodh raon oibre faoin Scéim sa bhliain 2015.

I measc na hoibre sin, bhí staidéar dar teideal "Hearing Women's Voices?", rud ar sholáthair Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Náisiúnta na mBan é. Sa staidéar sin, féachadh ar mhéid agus ar chineál ghannionadaíocht na mban i gcláir chúrsaí reatha ar an raidió. Tugadh faoin taighde thar thréimhse trí seachtaine sa bhliain 2014 agus rinneadh anailís ann ar chláir de chuid RTÉ Raidió 1, Today FM agus Newstalk.

Críochnaíodh an staidéar sa bhliain 2015. Ceann de na príomhthorthaí a bhí air ná gur mná a bhí i 28% de na daoine a ghlac páirt i gcláir nuachta agus chúrsaí reatha ar raidió na hÉireann agus gur fir a bhí i 72% díobh i gcás na trí stáisiún raidió a ndearnadh scrúdú orthu. Fuarthas amach sa staidéar freisin gur lú an méid ama a tugadh do mhná ná d'fhir ar an raidió agus gur fir a bhí i bhformhór na n-aíonna agus na saineolaithe ar fud na stáisiún uile.

Litearthacht sna Meáin

Sa bhliain 2015, thug an BAI faoi athbhreithniú ar a Phróiseas Láimhseála Gearán mar chuid dá chlár oibre um litearthacht sna meáin. Ba é cuspóir an athbhreithnithe tuiscint a ghnóthú ar na bacainní agus ar na dúshláin atá roimh eagraíochtaí agus daoine den phobal i gcoitinne agus gearán á dhéanamh acu agus a fháil amach conas a d'fhéadfaí an próiseas a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, ghlac an BAI páirt i gCoiste Stiúrtha i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais ar mhaithe le feabhas a chur ar an léiriú a thugtar sna meáin ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar mhaithe le haird a tharraingt ar an obair litearthachta sna meáin a dhéantar faoin Scéim Sound & Vision

Straitéis Scileanna don Earnáil Chlosamhairc

Sa bhliain 2015, leithdháileadh maoiniú €30,000 ar thaighde chun cabhrú le Straitéis um Fhorbairt Scileanna a ullmhú don tionscal closamhairc. Agus é i mbun próiseas fairsing comhairliúcháin leis an earnáil, tá an BAI ag obair i gcomhpháirt le Bord Scannán na hÉireann chun na riachtanais foghlama agus forbartha atá ag an tionscal faoi láthair agus na riachtanais a bheidh aige amach anseo a léarscáiliú. Tá sé beartaithe go soláthrófar leis an straitéis creat tábhachtach beartais le haghaidh fás breise agus acmhainn bhreise a chruthú laistigh de na tionscail chlosamhairc amach anseo. Measter go dtabharfar an Straitéis chun críche sa bhliain 2016.

Forbairt na Scéime um Chartlannú

Ceanglaítear le halt 69 den Acht Craolacháin go mbeidh téarma nó coinníoll i ngach conradh craolacháin fuaime á cheangal ar an gconraitheoir catagóirí áirithe bunábhair chlár a chartlannú. Leagtar leis an Acht freisin freagracht ar an BAI an fhormáid a leanfar chun cartlannú a dhéanamh agus na catagóirí clár a ndéanfar cartlannú orthu a fhorordú. Lean an BAI ar aghaidh lena bheartas ina leith sin a fhorbairt tuilleadh sa bhliain 2015.

Tar éis dó suirbhé stáisiún a dhéanamh go déanach sa bhliain 2014 ar na cleachtais chartlannaithe a bhí i bhfeidhm ag stáisiúin raidió éagsúla, rinne an BAI na freagairtí a fuarthas a chur le chéile agus a anailísiú sa bhliain 2015. Úsáideadh na freagairtí sin chun bonn eolais a chur faoi na chéad bhearta eile a dhéanfadh an BAI maidir le forbairt na Scéime. Comhaontaíodh iarraidh ar thairiscintí a fhoilsiú ansin chun saineolas a ghnóthú i réimse na closchartlannaithe d'fhonn a chinntiú go bhforbrófaí beartas comhtháite indéanta le haghaidh ceanglais chartlannaithe an Achta a chur chun feidhme.

ALT 6

CRAOLACHÁN FREAGRACH A CHUR CHUN CINN AGUS AN LUCHT FÉACHANA/ ÉISTEACHTA A CHUMHACHTÚ

"A chinntiú go dtugtar de chumhacht don lucht féachana agus don lucht éisteachta cinntí eolacha a dhéanamh"

Measann an BAI gur sprioc chomhchoiteann atá ag craoltóirí agus ag an rialálaí is ea craolachán freagrach a sholáthar. Chuige sin, cuireann an eagraíocht cóid agus caighdeáin chraolacháin chun feidhme agus úsáideann sí iad chun cuntasacht a thomhas i measc an tionscail agus chun tacú leis an lucht féachana/éisteachta in Éirinn. Tuigeann an BAI freisin gur gá na cóid agus na caighdeáin sin a choinneáil faoi athbhreithniú chun a chinntiú go mbíonn siad éifeachtach.

Rinneadh obair shuntasach ina leith sin i rith na bliana 2015. D'iarr an BAI ar gheallsealbhóirí ábhartha athbhreithniú a dhéanamh ar chóid agus ar threoirlínte toghcháin ar bhealach comhairleach agus rannpháirtíoch. Príomhaidhm a bhí leis an bpróiseas athbhreithnithe sin ba ea tionchar agus éifeachtacht na gcód agus na dtreoirlínte sin a thomhas agus a chinntiú go mbíonn craoltóirí agus an pobal i gcoitinne in ann aon leasuithe orthu a thuiscint agus a léirmhíniú go héasca.

An Cód um Chaighdeáin Chlár

Is iad príomhaidhmeanna an Chóid um Chaighdeáin Chlár ná craolachán freagrach a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear feabhas ar rochtain ar fhaisnéis, siamsaíocht agus oideachas agus réimse tuairimí agus go laghdaítear maslú míchuí agus díobháil mhíchuí.

Tar éis próiseas athbhreithnithe a chríochnú, athbhreithníodh an Cód chun é a dhéanamh níos áisiúla don úsáideoir agus níos éasca le tuiscint, chun comhairle a chur ar an lucht féachana/éisteachta ar na caighdeáin ar cheart dóibh a bheith ag súil leo ó chraoltóirí, agus chun cabhrú le craoltóirí a choinneáil cuntasach ag an am céanna. Aidhm eile leis an gCód nua ba ea an éagsúlacht blasanna agus spéiseanna atá ann i sochaí chomhaimseartha na hÉireann a aithint agus craolachán a spreagadh agus a éascú lena bhfreastalaítear ar an éagsúlacht sin.

Tá an Cód bunaithe ar sheacht dtreoirphrionsabal, is iad sin:

- Meas ar Chaighdeáin Phobail,
- Tábhacht an Chomhthéacs,
- Cosaint ar Dhíobháil,
- Cosaint Leanaí,
- Meas ar Dhaoine agus ar Ghrúpaí sa tSochaí,
- Cosaint Leas an Phobail, agus
- Meas ar Phríobháideacht.

Is é a ghabhann le gach prionsabal ná liosta neamh-uileghabhálach ceanglas nach mór do chraoltóirí iad a chomhlíonadh. Seoladh an Cód athbhreithnithe i mí Eanáir 2015 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2015.

An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála

Sa Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála, pléitear le fógraíocht, le hurraíocht, le suíomh táirgí agus le cineálacha eile cur chun cinn tráchtála. Leagtar amach sa Chód na rialacha atá ann maidir le cumarsáidí tráchtála den sórt sin a chraoladh freisin. Ní hé amháin go bpléitear ann leis na ceanglais atá ar chraoltóirí ina leith sin, ach tugtar forbhreathnú ann chomh maith ar na caighdeáin ar féidir leis an lucht féachana/éisteachta a bheith ag súil leo.

Ceanglaítear ar an BAI faoin Acht athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chóid gach ceithre bliana. Chuige sin, rinne an BAI athbhreithniú ar an gCód reatha sa bhliain 2014. Cuireadh an t-athbhreithniú faoi bhráid an Aire i mí an Mheithimh 2015. Fuarthas amach san athbhreithniú go raibh an Cód reatha éifeachtach, den chuid ba mhó, agus gur baineadh cuspóirí an Chóid amach. Cé gur tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn le linn an athbhreithnithe, thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil go raibh geallsealbhóirí ar an eolas faoin ról atá ag an gCód maidir leis an lucht féachana/éisteachta a chosaint agus maidir le muinín a choinneáil as cumarsáidí tráchtála agus caighdeáin a choinneáil i gcumarsáidí tráchtála agus gur aithin siad an ról sin. Dá bhrí sin, bhíothas den tuairim gurbh fhearr roinnt leasuithe a dhéanamh ar an gCód, seachas aon athstruchtúrú mór a dhéanamh air.

Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe, cuireadh tús le hobair ansin ar dhréacht-Chód athbhreithnithe a fhorbairt. Agus an dréacht-Chód á fhorbairt aige, ghlac an BAI cur chuige sainchomhairleachta agus d'oibrigh sé le geallsealbhóirí seachtracha – an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Roinn Sláinte agus ionadaithe tionscail ina measc. Réimsí amhail urraíocht, suíomh táirgí, alcól agus rialacha sonracha eile, tháinig siad chun tosaigh tar éis an t-athbhreithniú a chríochnú. Rinne an tÚdarás an dréacht-Chód athbhreithnithe a cheadú i mí na Nollag 2015 agus bhíothas ag súil go dtabharfaí faoi chomhairliúchán air sa bhliain 2016.

An Scéim maidir le Ceart Freagartha

Agus í i bhfeidhm ón mbliain 2011 i leith, foráiltear leis an Scéim maidir le Ceart Freagartha go bhféadfaí fíricí míchearta nó faisnéis mhícheart a craoladh faoi dhuine a cheartú i gcásanna ina ndearna na fíricí míchearta nó an fhaisnéis mhícheart sin dochar d'oineach nó do chlú an duine sin.

Ar aon dul leis na ceanglais reachtacha atá air, rinne an BAI athbhreithniú reachtúil ar an scéim sa bhliain 2015. Chuathas i mbun próiseas spriocdhírithe comhairliúcháin le príomh-gheallsealbhóirí lena linn. Cuireadh torthaí an phróisis athbhreithnithe sin agus moltaí ina leith faoi bhráid an Údaráis i mí na Nollag. Cheadaigh an tÚdarás iad sa mhí chéanna.

Thug an tÚdarás faoi deara gur bhain ceann de na príomhábhair imní a tháinig as an bpróiseas comhairliúcháin leis an tréimhse ama a thugtar do chraoltóirí a chinneadh cé acu ba cheart dóibh iarraidh ar Cheart Freagartha a dheonú nó a dhiúltú. Cé gur aithin sé an dúshlán a bhaineann leis sin, bhí aird ar an Údarás freisin ar an ngá a bhíonn ann le sásamh tapa a chur ar fáil agus ar an mbonn reachtach do na tréimhsí ama atá i bhfeidhm. Ina theannta sin, agus an easpa úsáide a bhaintear as an Scéim á tabhairt faoi deara aige, thacaigh an tÚdarás leis an moladh gur cheart aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo tríd an Scéim a ailíniú níos gaire le próiseas gearán an BAI. Cuirfear tuarascáil ar thorthaí an athbhreithnithe faoi bhráid an Aire sa bhliain 2016.

An Próiseas Gearán

Mar chuid den obair a dhéanann sé ar chaighdeáin chraolacháin a rialáil agus a chothabháil, tá próiseas gearán i bhfeidhm ag an BAI do dhaoine den lucht féachana/éisteachta nach bhfuil sásta le lánas craolacháin i gcás clár, fógraíochta nó urraíochta.

Rinneadh breithniú ar 159 ngearán san iomlán sa bhliain 2015. Ba le hábhair faoin gCód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht a bhain formhór na ngearán sin, ba é sin, 119 gcinn. Ba leis an gCód um Chaighdeáin Chlár a bhain 35 ghearán eile.

Maidir leis na gearáin uile a fuarthas agus a próiseáladh sa bhliain, déileáladh le 26 cinn díobh trí fhreagra sásúil a fháil ón gcraoltóir. Próiseáladh na gearáin eile de réir nós imeachta bunaithe agus foilsíodh na cinntí ina leith ar shuíomh Gréasáin an BAI. Dhiúltaigh an Fóram Feidhmiúcháin Gearán agus an Coiste um Chomhlíonadh do 104 ghearán. Sheas an Coiste, go hiomlán nó i bpáirt, le 9 gcinn eile. Measadh 2 ghearán a bheith neamhbhailí agus bhí 18 ngearán eile fós á bpróiseáil ag deireadh na bliana 2015. Ina theannta sin, níor seasadh le 1 iarraidh ar Cheart Freagartha a fuarthas le linn na bliana.

Catagóir gearáin	Iomlán na ngearán
An Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha	119
An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála	3
Seirbhísí Meán Closamhairc ar Éileamh	1
Príobháideachas aon Phearsan Aonair	1
An Cód um Chaighdeáin Chlár	35

Gearáin a Próiseáladh sa bhliain 2015 de réir Réitigh	Iomlán na ngearán
Sheas an Coiste um Chomhlíonadh leis an ngearán	8
Sheas an Coiste um Chomhlíonadh i bpáirt leis an ngearán	4
Dhiúltaigh an Coiste um Chomhlíonadh don ghearán	47
Dhiúltaigh an Fóram Feidhmiúcháin Gearán don ghearán	57
Réitigh an Fóram Feidhmiúcháin Gearán an gearán	6
Réitíodh an gearán (sula ndearna an Fóram Feidhmiúcháin Gearán/an Coiste um Chomhlíonadh breithniú air)	28
Gearáin neamhbhailí	2
Gearáin atá fós á mbreithniú	7

Pauric Travers, Roger Wood agus Michael O'Keeffe ag seoladh
An Cód um Chaighdeáin Clár agus Na Rialacha Rochtana an BAI

An Cód maidir le Tuairisciú Gairid Nuachta

Pléitear sa Chód seo leis na caighdeáin nach mór iad a chur i bhfeidhm sa chás go mbaineann craoltóirí úsáid as sleachta clár i gcláir nuachta agus go bhfuil na cearta chun an lánais faoi úinéireacht ag craoltóir eile, mar shampla, cearta spóirt. Tosaíodh ar an gCód a fhorbairt sa bhliain 2015, agus cruinnithe á reáchtáil le príomh-gheallsealbhóirí is craoltóirí. Ba é aidhm na gcruinnithe sin measúnú a dhéanamh ar an gcleachtas agus ar na dúshláin, más ann dóibh, atá i réim i measc craoltóirí ina leith sin faoi láthair. Ag eascairt as an bpróiseas sin, déanfar Cód maidir le Tuairisciú Gairid Nuachta a fhorbairt agus a thabhairt isteach sa bhliain 2016.

ALT 7

RIALACHAS AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA

"Glacadh le teicneolaíochtaí nua agus éifeachtúlacht a mhéadú ar mhaithe le rialachas éifeachtach a chinntiú"

Leanann an BAI de bheith ag díriú ar chreat láidir rialachais a chothabháil chun a chinntiú go bhfeidhmítear an eagraíocht ar bhealach éifeachtúil éifeachtach. Mar eagraíocht ghéarchúiseach, cuirfidh an BAI lena bhfuil bainte amach san am atá thart trí úsáid mhéadaithe a bhaint as TF agus trí mhodhanna níos solúbtha oibre a thabhairt isteach. Cothóidh an méid sin cumas na heagraíochta athrú a thuar agus freagairt don athrú sin amach anseo.

Feidhmiú an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla

D'fhonn cur leis an obair athbhreithnithe a rinne na baill Údaráis a chuaigh as oifig sa bhliain 2014, rinneadh clár ionduchtúcháin don Údarás agus dá choistí reachtúla a dhearadh agus a chur chun feidhme sa bhliain 2015. Reáchtáladh lá ionduchtúcháin do na baill i mí Aibreáin, áit ar tugadh aghaidh ar raon réimsí difriúla agus ar tugadh forbhreathnú ar chultúr agus ar luachanna an BAI agus ar róil agus ar fhreagrachtaí an Údaráis agus na gcoistí reachtúla ó thaobh rialachais chorparáidigh de. Soláthraíodh seisiúin bhreise ionduchtúcháin do bhaill le linn na bliana freisin, agus iad ag baint le gnéithe éagsúla de bheartas agus d'oibríochtaí na heagraíochta. Comhaontaíodh cur chuige i leith athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis agus na gcoistí freisin. Tá sé beartaithe an cur chuige sin a chur chun feidhme i ráithe 2 den bhliain 2016.

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca

Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faireachán agus athbhreithniú ar a éifeachtaí atá córas rialaithe inmheánaigh an BAI, a chleachtais agus a rialuithe airgeadais, a fheidhmeanna iniúchóireachta seachtraí agus a chleachtais bhainistíochta riosca. Ceanglaítear ar an gCoiste faisnéis a thabhairt don Údarás faoi na dualgais éagsúla atá air agus déantar athbhreithniú ar théarmaí tagartha an Choiste ar bhonn bliantúil chun a chinntiú go mbíonn siad ábhartha agus cothrom le dáta.

Faoi mar a cheanglaítear air, tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire sa bhliain 2015. Tionóladh an chéad chruinniú dá chuid i mí Mheán Fómhair. Roimh an dáta sin, ba é an tÚdarás a dhéileáil go díreach le hábhair ar ghá breithniú a dhéanamh orthu. Thug an Coiste faoi raon gníomhaíochtaí chun tacú lena chuid oibre le linn na bliana, lenar áiríodh freastal ar sheimineáir ar a éifeachtaí atá coistí iniúchóireachta i gcomhlachtaí stáit agus freastal ar cheardlanna ar chlaonadh riosca. Chomh maith leis sin, lean an Coiste ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt maidir le measúnú a dhéanamh ar chuntais mhíosúla bhainistíochta na heagraíochta agus rinne sé breithniú ar ráitis airgeadais iniúchta agus neamhiniúchta agus ar ráitis leathbhliantúla an BAI agus an Chiste Craolacháin. Is tugtha thíos atá forbhreathnú ar roinnt oibre eile a rinne an Coiste le linn na bliana.

Idirchaidreamh le hIniúchóirí Seachtracha: An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tháinig an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí na Nollag 2015 chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna bainistíochta iniúchta a bhain leis an mbliain 2014 agus chun an cur chuige a ghlacfaí i leith an iniúchta sa bhliain 2015 a phlé. Tugadh faoi deara nár tarraingíodh aon saincheisteanna móra anuas le linn an iniúchta sa bhliain 2014.

Idirchaidreamh le hIniúchóirí Inmheánacha: Capita

Tar éis dó an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí don bhliain 2015 a cheadú, d'iarr an Coiste ar Capita, ar iniúchóirí inmheánacha an BAI iad, tabhairt faoi thrí iniúchadh inmheánacha oibriúcháin ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus athbhreithniú a dhéanamh ar shlándáil TF agus ar leanúnachas gnó sa bhliain 2015.

Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh

Ag an gcruinniú dá chuid i mí na Samhna, bhreithnigh an Coiste tuarascálacha iniúchta inmheánaigh ar an Scéim Sound & Vision II (a ndearnadh an t-iniúchadh ina leith sa bhliain 2014), ar Fhorbairt Earnála (a ndearnadh an t-iniúchadh ina leith sa bhliain 2014) agus ar iniúchadh oibriúcháin ar chumarsáidí inmheánacha sa BAI. Níor sainaithníodh aon saincheisteanna suntasacha le linn an chruinnithe.

Bainistíocht Riosca

Mar mhír bhuan ar a chlár oibre, bhreithnigh an Coiste nuashonruithe rialta maidir le mór-rioscaí nua agus leanúnacha laistigh den eagraíocht agus athruithe ar phróifíl na rioscaí atá sainaitheanta i gclár rioscaí na heagraíochta. Ag na cruinnithe dá chuid i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2015, bhreithnigh an Coiste Creat Bainistíochta Riosca an BAI agus leasuithe ar an gClár Rioscaí.

Straitéis TF

Tar éis dó Straitéis TF nua a fhorbairt don tréimhse 2014 – 2016, thug an BAI faoi raon gníomhaíochtaí agus uasghráduithe córais chun feabhas a chur ar an dóigh a soláthraítear seirbhísí do gheallsealbhóirí. Rinneadh suíomh Gréasáin nua an BAI a dhearadh agus a fhorbairt sa bhliain 2015 agus táthar ag súil leis go mbeidh sé i mbun feidhme go luath sa bhliain 2016. Ina theannta sin, rinne an eagraíocht na córais oibriúcháin a bhí i bhfeidhm aici a uasghrádú. Ar aon dul leis na moltaí a tháinig as athbhreithniú a rinneadh ar bhonneagar agus ar thimpeallacht TF na heagraíochta, reáchtáladh próiseas tairisceana chun ascnamh an bhonneagair reatha go dtí an néal a éascú sa bhliain.

An Straitéis um Eolas Eagraíochtúil

Forbraíodh straitéis chomhtháite 3 bliana um eolas eagraíochtúil sa bhliain 2015, rud lena gcuimsítear réimsí amhail Bainistíocht Sonraí agus Comhad agus Úsáid Straitéiseach Sonraí. Ag eascairt as an straitéis sin, thriail an BAI tuairisceáin chliste sonraí i measc roinnt craoltóirí fuaime tráchtála. Scaipeadh na tuairisceáin sonraí sin ar chraoltóirí fuaime pobail i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2015 agus chomhlánaigh gach ceann díobh iad. Tá sé beartaithe go n-ullmhófar tuairisceáin den chineál céanna do gach craoltóir fuaime pobail eile agus do gach conraitheoir soláthair lánais faoi Alt 71 den Acht Craolacháin 2009 freisin.

Bíonn próisis bhreise nua á gcur chun feidhme ar bhonn leanúnach chun bealaí níos fearr oibre a sholáthar agus chun sonraí a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla. Táthar ag súil leis go dtriailfear uirlis chliste um fhéinmheasúnú comhlíonta do gach craoltóir sa bhliain 2016. Tá sé beartaithe freisin beartas an BAI um bainistíocht sonraí agus comhad a athbhreithniú agus a leasú chun a chinntiú go mbíonn taifid á mbainistiú go héifeachtach agus go mbíonn sonraí láraithe, inchuardaithe agus inrochtana.

Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochta

Príomhdhúshlán don BAI le roinnt blianta anuas is ea an soláthar foirne agus acmhainní atá ar fáil aige. I mí an Mhárta 2015, fuarthas cead roinnt ball foirne breise a earcú. Líonadh roinnt post thar an gcuid eile den bhliain agus chabhraigh an méid sin leis an gclár oibre bliantúil a chur chun feidhme. Cé go bhfuiltear an-sásta leis an bhforbairt sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an líon fostaithe fós faoi bhun an lín fostaithe a bhí ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann roimh thabhairt isteach an Achta Craolacháin 2009 agus roimh thabhairt isteach na bhfreagrachtaí reachtúla breise a bhí ag gabháil leis an Acht.

Le linn na bliana 2015, chomhaontaigh an BAI roinnt beartas le Impact, an ceardchumann, lenar áiríodh beartas um *Dhínit san Ionad Oibre* agus beartas um *Ionad Oibre Saor ó Thobac*. Lean sé ar aghaidh leis an tionscnamh um *Fholláine san Ionad Oibre* a chur chun cinn freisin. Dhírigh an BAI ar fhorbairt ar leibhéal eagrúcháin le linn na bliana 2015 chomh maith. Imscaradh struchtúir thábhachtacha eagrúcháin - amhail fóraim idir ceardchumainn agus an lucht bainistíochta agus cruinnithe cumarsáide leis an bhfoireann - chun tionscnaimh ina leith sin a chur ar aghaidh.

Soláthraíodh raon cúrsaí oiliúna eagrúcháin chun cabhrú le forbairt foirne freisin, lenar áiríodh cúrsa 'Cóitseáil do Bhainisteoirí' a mhair 3 lá, mar aon le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, cúrsaí TF agus cúrsaí soláthair. Tugadh faoi shuirbhé scileanna chun cabhrú le hoiliúint amach anseo a chur in ord tosaíochta.

I gcás áiseanna agus acmhainní na heagraíochta, uasghrádaíodh an córas soilsithe, lenar áiríodh soilsiú éigeandála, san fhoirgneamh atá á áitiú ag an BAI. Tugadh faoin obair sin mar chuid de thionscnamh fuinnimh 3 bliana. A bhuí leis na tionscnaimh fuinnimh atá déanta le 3 bliana anuas, tá laghdú 5.6% tagtha ar úsáid fuinnimh na heagraíochta ón mbliain 2010 i leith.

Rialachas

Is ar bhealach cruinn tráthúil a chomhlíonann an BAI na hoibleagáidí reachtúla uile atá air maidir le tuairisciú rialachais, lena n-áirítear tuairisc a thabhairt maidir le ceanglais faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington agus maidir le ceanglais faoin Acht um Chosaint Sonraí. Chomh maith leis sin, leanann an BAI ar aghaidh leis na hoibleagáidí atá air faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh agus le próisis chuí soláthair a reáchtáil. Tá an méid sin leagtha amach thíos.

An Scéim Gaeilge

De réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, gealltar i Scéim Gaeilge an BAI seirbhísí Gaeilge a sholáthar do gheallsealbhóirí an Údaráis. Féachtar sa Scéim leis an méid sin a dhéanamh trí chur chuige láidir réamhghníomhach a ghlacadh agus trí infheictheacht na teanga a chinntiú ar gach leibhéal.

Chuir an BAI an dara bliain dá Scéim Gaeilge 3 bliana i gcrích i mí Mheán Fómhair 2015. De bhreis ar fhorbairt a dhéanamh ar na gealltanais a tugadh agus a baineadh amach i mbliain a haon, díríodh i mbliain a dó ar na réimsí seo a leanas: seirbhís do chustaiméirí, an suíomh Gréasáin agus córais ríomhaireachta, soláthar faisnéise agus cumarsáid agus freastal ar imeachtaí agus na himeachtaí sin agus acmhainní teanga a chur chun cinn.

Soláthar

Tugadh faoi roinnt próiseas soláthair le linn na bliana, lenar áiríodh tairiscintí le haghaidh seirbhísí dlí, seirbhísí bainistíochta tobhaigh, seirbhísí dearaidh agus priontála, seirbhísí faireacháin ar na meáin agus seirbhísí grianghrafadóireachta. Ina theannta sin, iarradh luachana le haghaidh seirbhísí amhail tacsaithe, cúiréirí agus lónadóireacht.

Mar chuid den tiomantas atá ag an BAI do dhea-rialachas a sholáthar, leanann sé ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar chaiteachas ar sholáthraithe, ar ghníomhaíocht soláthair, agus ar chonarthaí arna n-eisiúint. Le linn na bliana, fuarthas tuarascáil ó iniúchadh soláthair a rinneadh sa bhliain 2014. Tugadh faoi deara sa tuarascáil go rabhthas sásta, tríd is tríd, le próiseas soláthair na heagraíochta.

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN
DAR CRÍOCH AN
31 NOLLAIG 2015

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí 54
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais 55
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 57
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 58
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 59
Ráiteas faoin Staid Airgeadais 60
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 61
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 62

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009 ("an tAcht"), tá Údarás Craolacháin na hÉireann ("an BAI") freagrach as ráitis airgeadais don bhliain ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015 a ullmhú, chun léargas fírinneach, cothrom a thabhairt ar chúrsaí mar atá ag Údarás Craolacháin na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar an mbonn gnóthais reatha, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibríochta;
- A dhearbhú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha sna cuntais a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 37(2) den Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna faomhadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chumhdach agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2016

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis
23 Meitheamh 2016

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAISL

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, admhaím go bhfuil freagracht ar an Údarás as deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á chur i ngníomh de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcumhdach, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil – ní féidir leis deimhniú absalóideach a thabhairt ina leith seo.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích ag an Údarás chun timpeallacht chuí rialúcháin a dheimhniú:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir; agus
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna móra sa rialú a thuairisciú agus deimhin a dhéanamh de go ngníomhaítear chuige sin ina cheart.

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a shonrú agus a mheas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shonrú, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sonraithe; agus
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Is ar chreat faisnéis rialta bhainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta a bhí an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe. Áiríodh leis, go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadúcháin ar ghabh buiséad bliantúil leis a d'athbhreithnigh agus a d'aontaigh an tÚdarás;
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léirigh an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha;
- Spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas; agus
- Treoirlínte um rialú infheistíocht chaipitil atá sainithe go soiléir.

Feidhmítear feidhm iniúchta inmheánaigh, agus baintear úsáid as anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir mar threoir le haghaidh obair na feidhme sin. Bíonn an plean iniúchta bliantúil bunaithe ar an anailís sin.

Bhí faireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais á dtreorú ag obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca a rinne maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin in Údarás Craolacháin na hÉireann a bhí freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais, agus ag nithe a dúirt an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Arna shíniú thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2016

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis
23 Meitheamh 2016

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2015 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise the statement of income and expenditure and retained revenue reserves, the statement of comprehensive income, the statement of financial position, the statement of cash flows, and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 37 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice.

Responsibilities of the Authority

The Authority is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and to report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Authority's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements and to identify any information that is apparently materially incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by me in the course of performing the audit. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements:

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority as at 31 December 2015 and of its income and expenditure for 2015; and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited. The financial statements are in agreement with the accounting records.

Matters on which I report by exception

I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find

- any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements or with the knowledge acquired by me in the course of performing the audit, or
- the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Seamus Mc Carthy.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General
30 June 2016

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	Nóta	2015	2014 Athluaite
Ioncam		**€ '000**	**€ '000**
Tobhach	**3**	4,748	4,684
Táillí Ceadúnaithe	**4**	28	14
Ioncam eile	**5**	830	888
Ioncam Comhlán		**5,606**	**5,586**
Aistriú ón gCuntas Caipitil	**17**	(3)	17
		5,603	**5,603**
Caiteachas			
Costais Foirne	**6**	1,841	2,021
Costais Sochar Scoir	**21(c)**	264	273
Táillí agus Speansais Bhaill an BAI	**19**	106	107
Táillí Comhairleachta	**7**	569	426
Costais Dlí		65	71
Fógraíocht		30	51
Costais Riaracháin	**8**	480	446
Luach Saothair na nIniúchóirí		11	10
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha	**9**	385	385
Costais Áitribh agus Ghaolmhara	**10**	1,160	865
Dímheas		44	61
Drochfhiacha		1	–
		4,956	**4,716**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		**647**	**887**
Aisíoc Tobhaigh	**3**	(609)	(857)
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		**38**	**30**
Cúlchiste Coinnithe Ioncaim			
Iarmhéid i dtús na bliana		**546**	**516**
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		38	30
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**584**	**546**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–24.

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 23 Meitheamh 2016 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	2015 € '000	2014 Athluaite € '000
Barrachas tar éis Aisíoc Tobhaigh	38	30
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéim sochar scoir	178	786
Athruithe ar thoimhdí is bunchúis le luach láithreach na n-oibleagáidí scéim sochar scoir	(87)	(586)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain	129	230
Coigeartú ar mhaoiniú Sochar Scoir Státchiste iarchurtha	(91)	(200)
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain	**38**	**30**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–24.

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 23 Meitheamh 2016 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2016

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis
23 Meitheamh 2016

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
23 Meitheamh 2016

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015

	Nóta	2015	2014 Athluaite
		€ '000	€ '000
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Fearas agus Trealamh	**11**	73	70
Sócmhainní Reatha			
Méideanna Infhaighte	**12**	782	1,265
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		1,196	1,050
Taiscí Gearrthréimhseacha	**13**	278	278
		2,256	2,593
Dliteanais Reatha			
Méideanna iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**14**	1,522	1,747
Saoráid Iasachta	**15**	–	300
		1,522	2,047
Glansócmhainní Reatha		734	546
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		807	616
Soláthar do Dhliteanais	**16**	150	–
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir		657	616
Sócmhainn sochar scoir iarchurtha	**21**	7,575	7,020
Dliteanais sochar scoir	**21**	(7,575)	(7,020)
Glansócmhainní		**657**	**616**
In ionannas le:			
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas		584	546
Cuntas Caipitil	**17**	73	70
		657	**616**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–24.

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 23 Meitheamh 2016 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	2015	2014 Athluaite
	€ '000	€ '000
Réiteach idir an Barrachas Oibriúcháin agus na Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don bhliain	38	30
Muirear Dímheasa	44	61
Aistriú ón gCuntas Caipitil	3	(17)
Laghdú/(Méadú) ar Mhéideanna Infhaighte	483	(406)
(Laghdú)/Méadú ar Mhéideanna Iníoctha	(75)	531
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**493**	**199**
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid		
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	493	199
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
(Aisíocaíocht)/Íostarraingt Iasachta	(300)	300
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil	(47)	(44)
Arna (infheistiú)/aistarraingt i dTaiscí Gearrthréimhseacha	–	(1)
Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	**146**	**454**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

1 Beartais Chuntasaíochta

Is leagtha amach thíos atá bonn na mbeartas cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009. Tá a cheannoifig lonnaithe in 2-5 Plás Warrington, BÁC 2. Is mar seo a leanas atá príomhchuspóirí Údarás Craolacháin na hÉireann, mar a leagtar amach in Alt 25 den Acht Craolacháin 2009:

(1) Agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu, déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla a ndícheall a chinntiú –

(a) maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;

(b) go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh, agus

(c) go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch..

(2) Gan dochar do choitiantacht fho-alt (1), déanfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla —

(a) soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh,

(b) a éascú do chraoltóirí seirbhíse poiblí a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí mar atá leagtha amach san Acht seo a chomhall,

(c) éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó ag a bhfuil tionchars,

(d) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú,

(e) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú,

(f) leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a ghéilliúla agus atá leanaí agus an óige do shaothrú tráchtála míchuí,

(g) timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, agus

(h) forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

(3) Agus a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu, féachfaidh an tÚdarás agus na coistí reachtúla lena chinntiú –

(a) gur comhréireach atá na bearta a dhéantar, agus aird á tabhairt ar na cuspóirí a leagtar amach san alt seo,

(b) go gcuirtear na bearta a dhéantar i bhfeidhm ar fud raon na seirbhísí craolacháin, agus aird á tabhairt ar mhéid an tionchair atá na cineálacha éagsúla de sheirbhísí craolacháin in ann a imirt ar mhúnlú thuairimí an lucht féachana/éisteachta sa Stát,

(c) go dtugtar aird sna bearta a dhéantar ar na cuspóirí, ar na feidhmeanna agus ar na dualgais a shocraítear do chraoltóirí seirbhíse poiblí i gCuid 7 agus i gCuid 8,

(d) go gcruthófar leis na bearta a dhéantar socraíochtaí rialála atá seasmhach agus intuartha, agus

(e) gur go réidh a fhreastalófar ar fhorbairt agus úsáid na teicneolaíochta san earnáil craolacháin agus a spreagfar an fhorbairt agus an úsáid sin leis na bearta a dhéantar.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Údarás Craolacháin na hÉireann.

(b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, rud atá ar an gcaighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Seo é an chéad tacar de ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe chuig FRS 102. Athluadh ráitis airgeadais na bliana roimhe le haghaidh coigeartuithe ábhartha ar FRS 102 a ghlacadh sa bhliain reatha. Is féidir an toradh a bhí ar an nglacadh sin a fheiceáil i Nóta 2.

(c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de bhun Alt 37(4) den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann.

(d) Ioncam

Ioncam Tobhaigh

Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás ná tobhach a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na speansais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a mhaoiniú agus tá sé bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi Alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, aon bharrachas ioncam tobhaigh de bhreis ar na speansais iarbhír a thabhaíonn an tÚdarás agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, déanfar an barrachas sin a fhritháireamh in aghaidh oibleagáidí tobhaigh don bhliain dár gcionn, nó déanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a ngearrtar an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33), 2010, an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh, agus is ar bhonn fabhraithe a thugtar cuntas air.

Ioncam ón Táille Cheadúnaithe

De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an tÚdarás freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Go ginearálta, déanann an tÚdarás dhá chineál conartha le hoibreoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin
- Conarthaí um Sholáthar Lánais

D'fhéadfadh táillí ceadúnaithe a bheith iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí chuig an BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh na táillí sin a bheith éagsúil ó am go chéile ar aon dul le polasaithe agus straitéisí an Údaráis.

Ioncam Eile

Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Úis

Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhraithe ach modh an úis éifeachtaigh a úsáid.

(e) Maoin, Fearas agus Trealamh agus Dímheas

Luaitear maoin, fearas agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil maidir leis an maoin, leis an bhfearas agus leis an trealamh ar fad agus ar rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar an tsaolré eacnamaíoch fhónta a mheastar atá acu, mar a leanas:

Trealamh Ríomhaireachta	33% sa bhliain
Trealamh Oifige	20% sa bhliain
Daingneáin agus Feisteáin	10% sa bhliain
Feabhsúcháin Léasachta	10% sa bhliain
Clostrealamh/Trealamh Teicniúil	33% sa bhliain
Mótarfheithiclí	25% sa bhliain

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí as sócmhainn a dhiúscairt faoi láthair tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, má bhí an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leo ag

deireadh a saolré fónta cheana féin. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú an luacha sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

(f) Méideanna Infhaighte

Aithnítear méideanna infhaighte ar luach cóir lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Soláthar sonrach is ea an soláthar d'fhiacha amhrasacha agus déantar amach é sa chás gurb ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh an tÚdarás in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

(g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa, cé is moite de chásanna ina bhfuil méaduithe cíosa ceangailte leis an ráta ionchais boilscithe. Sna cásanna sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear thar thréimhse an léasa aon dreasachtaí léasa a fhaightear.

(h) Sochair Fostaithe

i) Sochair Ghearrthréimhseacha

Aithnítear sochair ghearrthréimhseacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Méideanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

ii) Sochair Scoir

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann scéim sochar sainithe scoir. Tá socrú déanta ag an Údarás leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ("RCFAN") faoina gcúiteofar leis an Údarás gach airgead a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí sochar scoir a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, tá ceangal ar an Údarás méid is ionann agus ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha móide ranníocaíocht ón bhfostóir ag rátaí arna socrú ag an Roinn Airgeadais.

Muirearaítear costais sochar scoir chuig an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim agus cuimsíonn siad ranníocaíocht an fhostóra i leith na bliana.

Léiríonn na dliteanais sochar scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochar scoir todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Sócmhainn, a bhfuil a méid comhionann leis an tsócmhainn seo agus atá in ionannas leis na méideanna a bheidh le haisíoc i dtréimhsí sa todhchaí ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le haghaidh pinsean de réir mar a bheidh siad dlite le híoc, aithnítear í bunaithe ar an socrú um maoiniú sochar scoir atá i bhfeidhm.

Dliteanais sochar scoir atá léirithe ag luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh foireann an Údaráis go dtí seo, déantar iad a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Léiríonn costais sochar scoir na sochair scoir a shaothraigh foireann an Údaráis sa tréimhse agus léirítear iad tar éis ranníocaíochtaí sochar scoir fostaithe, a gcoinníonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha iad. Meastar an méid a chuirfear san áireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh mhéid an Mhaoinithe Sochar Scoir Státchiste Iarchurtha ag méid atá cothrom le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime sochar scoir.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach le haghaidh na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid le haghaidh Maoiniú Pinsin Státchiste Iarchurtha.

Tháinig an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 isteach sa dlí an 28 Iúil 2012. Tugadh Scéim Pinsean Aonair nua Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") isteach leis an Acht, scéim ar cuireadh tús léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Baill den Scéim Aonair iad gach fostaí nua in Údarás Craolacháin na hÉireann a chuaigh isteach san Earnáil Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin.

(i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

(j) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe.

(k) Cánachas

Níl dliteanas ar an Údarás i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an tÚdarás faoi réir CBL.

(l) Breithiúnais agus Mheastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an leatháin tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas Leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Údarás Craolacháin na hÉireann a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais sin aon choigeartuithe ar na méideanna glanluacha agus ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh Údarás Craolacháin na hÉireann in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Bearnú Maoine, Fearais agus Trealaimh

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú le haghaidh bearnú nuair a léirítear in eachtraí nó athruithe i gcúinsí gurbh fhéidir nach mbeifí in ann an méid glanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnúcháin le haghaidh an mhéid a sháraíonn méid glanluacha na sócmhainne a mhéid inghnóthaithe. Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas le díol agus luach in úsáid. Chun críche bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid atá sainaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach ranga sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteán agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Soláthar in aghaidh Fiacha Amhrasacha

Déanann an tÚdarás meastachán ar luach in-aisghabhála na bhféichiúnaithe agus na méideanna iníoctha eile. Úsáideann an tÚdarás meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus é ag déanamh amach leibhéal na bhfiach a bhféadfadh nach mbeifí in ann iad a bhailiú. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an taithí stairiúil. Is ar bhonn leanúnach a athbhreithnítear leibhéal an tsoláthair a theastaíonn. Luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais mar gharmheastachán ar a méideanna glanluacha.

Soláthairtí

The Authority makes provisions for legal and constructive obligations, which it knows to be outstanding at the period end date. These provisions are generally made based on historical or other pertinent information, adjusted for recent trends where relevant. However, they are estimates of the financial costs of events that may not occur for some years. As a result of this and the level of uncertainty attaching to the final outcomes, the actual out-turn may differ significantly from that estimated.

Oibleagáid Sochar Scoir

Na toimhdí is bunchúis leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí um threochtaí i gcostais chúram sláinte), athraítear chun dáta iad gach bliain de réir dálaí eacnamaíocha reatha agus i dtaca le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo

(iii) rátaí um threochtaí i gcostais chúram sláinte, ráta an bhoilscithe ar chostais leighis sna réigiúin ábhartha.

Maoiniú iarchurtha pinsin

Aithníonn an tÚdarás méideanna atá dlite ón Stát le haghaidh an dliteanais neamh-mhaoinithe iarchurtha um pinsin ar bhonn imeachtaí áirithe san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm i dtaca le maoiniú phinsin na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil ná d'urrús dá bharr sin i dtaca leis na méideanna faoi leith seo leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, níl aon fhianaise ag an Údarás nach mbainfidh an beartas maoinithe seo an tsuim seo amach diaidh ar ndiaidh mar is dual dó de réir an chleachtais reatha.

2 An tAistriú chuig FRS 102

Réiteach an Chaipitil agus na gCúlchistí	Nóta	Amhail an 1 Eanáir 2014	Amhail an 31 Nollaig 2014
		€ '000	€ '000
Caipiteal agus cúlchistí (mar a luadh roimhe)		**782**	**790**
Fabhrú pá saoire	**2(a)**	(179)	(174)
Caipiteal agus Cúlchistí (mar a athluadh)	**13**	**603**	**616**

Réiteach an Bharrachais don bhliain		An Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014
		€ '000
Barrachas don bhliain (mar a luadh roimhe)		25
Fabhrú pá saoire	**2(a)**	5
Barrachas don bhliain (mar a athluadh)		30

(a) Fabhrú pá saoire

Roimhe sin, níor fhabhraigh an tÚdarás le haghaidh pá saoire a thuill fostaithe agus nár baineadh leas as amhail an dáta tuairiscithe. De réir FRS 102, ní mór na fabhruithe sin a aithint sna ráitis airgeadais.

Is é tionchar an athraithe sin ná méadú €179,000 ar mhéideanna iníoctha ag dáta an aistrithe agus €174,000 ag an 31 Nollaig 2014. Laghdaítear an barrachas faoi €179,000 sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 agus méadaítear an barrachas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoi €5,000.

3 Tobhach

Ceanglaítear ar an Údarás le hAlt 33 den Acht Craolacháin 2009 na speansais a thabhaíonn an tÚdarás agus na coistí reachtúla go cuí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna a aisghabháil trí thobhach nó táille a ghearradh ar chraoltóirí sa tseirbhís phoiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Leagtar amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 7 de 2010, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) 2010 ('an tOrdú Tobhaigh'), na téarmaí a bhaineann leis an Tobhach seo, lena n-áirítear modh an ríofa.

An 22 Eanáir 2010, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le hAlt 33 den Acht Craolacháin 2009, d'fhoilsigh an tÚdarás an tOrdú Tobhaigh. Tháinig an tOrdú Tobhaigh i ngníomh an 17 Eanáir 2010.

Ba é €4,748,189 an méid a gearradh mar thobhach ar chraoltóirí in 2015, méid lenar áiríodh ús €10,334. Bhí an glanmhéid bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Údaráis chun críocha tobhaigh do 2015 agus ar ioncam cáilitheach na gcraoltóirí do 2014. Gach bliain, déanann an tÚdarás réiteach tobhaigh chun an méid a ghearrtar mar thobhach ar chraoltóirí a chóimheas in aghaidh an mhuirir thobhaigh iarbhír. Déantar an réiteach seo nuair atá caiteachas an Údaráis chun críocha tobhaigh do 2015 faofa agus nuair atá a n-ioncam cáilitheach iarbhír do 2014 curtha ar fáil ag craoltóirí. Eisítear sonrasc nó nóta creidmheasa do chraoltóirí ina dhiaidh sin i leith an choigeartaithe seo.

Rinneadh na próisis réitigh thobhaigh do 2014 le linn 2015; ba é €857,000 an tobhach iomlán a aisíocadh le craoltóirí. Aithníodh an méid sin i Ráitis Airgeadais 2014. Tá aisíocaíocht €609,000 dlite do chraoltóirí maidir leis an mbliain tobhaigh 2015 agus aithníodh í i Ráitis Airgeadais 2015

4 Táillí Ceadúnaithe

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Teilifís	28	14
	28	**14**

5 Ioncam Eile

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Ioncam ó Ús ar Thaiscí	0	1
Ioncam Cíosa	80	79
Ioncam eile	750	808
	830	**888**

Baineann ioncam eile is fiú €750,136 le caiteachas a thabhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann agus a athmhuirearaítear chuig an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin: tuarastal de €440,504, forchostais ghinearálta de €174,211, ranníocaíocht urraíochta de €57,150 leis an gCiste Craolacháin, táillí ceadúnas TF agus táillí tacaíochta TF de €66,049 agus comhairle infheistíochta de €12,223.

6 Costais Foirne

(a) Pá agus Tuarastal

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Pá agus Tuarastal	1,713	1,893
Costais Leasa Shóisialaigh	128	128
	1,841	**2,021**

Rinneadh asbhaintí €97,877 (2014: €102,046) a bhain le pinsin as tuarastail na foirne le linn na bliana agus cuireadh iad sin chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN). Áirítear le Costais Foirne in 2015 €440,504 (2014: €489,030) a athmhuirearaítear ar an gCiste Craolacháin agus a aithnítear in Ioncam Eile.

Tá cúigear (2014: 6) atá ag obair sa BAI sa bhliain 2015 fostaithe ag gníomhaireachtaí. Le linn na bliana, d'éirigh duine amháin díobh sin as an BAI. Rinne triúr iarratas ar phoist lánaimseartha san eagraíocht agus d'éirigh leo na poist a fháil. Ag deireadh na bliana, bhí ball foirne páirtaimseartha gníomhaireachta amháin fostaithe sa BAI. B'ionann an costas comhlán don BAI i leith an phearsanra gníomhaireachta in 2015 agus €171,895 (2014: €297,913).

Bhí an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an Údarás (gan oibrithe Gníomhaireachta a áireamh) le linn na bliana mar seo a leanas:

	2015	2014
An Fhoireann Ardbhainistíochta	7.40	7.00
Foireann Eile	22.97	23.13
Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír	**30.37**	**30.13**
Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) amhail an 31 Nollaig 2015	**35**	**32**

(b) Miondealú ar Shochair Fostaithe

Raon na sochar fostaithe iomlán Ó Go dtí	2015 € '000	2014 € '000
€60,000 – €69,999	5	4
€70,000 – €79,999	3	3
€80,000 – €89,999	–	–
€90,000 – €99,999	1	–
€100,000 – €109,999	–	1
€110,000 – €119,999	1	–
€120,000 – €129,999	–	1

7 Táillí Comhairleachta

	2015 € '000	2014 € '000
Iniúchóireacht agus Monatóireacht	27	41
Beartais, Cóid agus Rialacha	292	248
Comhairleacht Ghinearálta	165	137
Seirbhísí d'Fheidhm Airgeadais an BAI	85	–
	569	**426**

8 Costais Riaracháin

	2015 € '000	2014 € '000
Taisteal agus Cothú	46	48
Acmhainní Daonna	68	59
Teileafón agus Postas	30	33
Speansais Oifige	153	168
Comhcheangail Ghairmiúla agus Suibscríbhinní	21	19
Éisteachtaí ó Bhéal	–	19
Teicneolaíocht Faisnéise	162	100
	480	**446**

In 2015, cuirtear taisteal iasachta de €25,880 (2014: €29,076) san áireamh i gcostais Taistil agus Chothabhála. Cuirtear costais a bhaineann go príomha le costais lónadóireachta don fhoireann arb ionann a luach agus €15,705 (2014: €11,915) san áireamh i Speansais Oifige.

9 Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Maoiniú Líonra	248	275
An Scéim um Nuálaíocht Chraolacháin	23	–
Urraíocht	114	110
	385	**385**

10 Costais Áitribh agus Ghaolmhara

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Cíos, Rátaí, Táillí Seirbhíse agus Cothabháil Foirgneamh	771	757
Diúscairt Léas Marine House (féach nóta 20)	286	–
Slándáil agus Glantachán	82	86
Solas agus Teas	21	22
	1,160	**865**

Baineann an caiteachas cíosa a chuirtear san áireamh thuas le híocaíochtaí léasa ar dhá fhoirgneamh. Leagtar sonraí amach i Nóta 20.

11 Maoin, Fearas agus Trealamh

	Iomlán	Trealamh Ríom-haireachta	Trealamh Oifige	Daingneáin agus Feisteáin	Feabhsúcháin Léasachta	Trealamh Teicniúil	Mótar-fheithic
Costas	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**
Amhail an 1.12.2014	**4,019**	**400**	**94**	**683**	**2,602**	**180**	**60**
Breiseanna	47	20	–	–	26	1	–
Diúscairtí	(61)	(53)	–	–	–	(8)	–
Amhail an 31.12.2015	**4,005**	**367**	**94**	**683**	**2,627**	**173**	**60**
Dímheas							
Amhail an 31.12.2014	**3,949**	**386**	**87**	**660**	**2,590**	**166**	**60**
Muirear don Bhliain	44	14	3	12	7	8	–
Diúscairtí	(61)	(53)	–	–	–	(8)	–
Amhail an 31.12.2015	**3,932**	**347**	**90**	**672**	**2,597**	**166**	**60**
Glanluach Leabhar							
Amhail an 31.12.2015	**73**	**20**	**4**	**11**	**31**	**7**	**–**
Amhail an 31.12.2014	**70**	**14**	**7**	**23**	**12**	**14**	**–**

12 Méideanna Infhaighte

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Féichiúnaithe	494	850
Réamhíocaíochtaí	164	225
An Ciste Craolacháin	107	176
Eile	17	14
	782	**1,265**

13 Taiscí Gearrthréimhseacha

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	278	277
Breiseanna	–	1
Aistarraingtí	–	–
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**278**	**277**

14 Méideanna iníoctha (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Creidiúnaithe Trádála	50	34
Tobhach In-aisíoctha le Craoltóirí	629	857
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais le haisíoc le RCFAN	93	172
Fabhruithe	308	327
Na Coimisinéirí Ioncaim	306	277
Eile	136	80
	1,522	**1,747**

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Fabhraíonn ús ar íocaíocht dhéanach. Ní raibh aon ús dlite ag dáta dheireadh na bliana airgeadais. Is ar chonarthaí bunúsacha atá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe. Is neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh atá méideanna eile a chuirtear ar áireamh laistigh de chreidiúnaithe agus nach gclúdaítear le nochtadh sonrach nóta.

Saoráid Iasachta

In 2015, de bhun Alt 35 den Acht Craolacháin 2009, fuair an tÚdarás cead le haghaidh saoráid iasachta €1 milliún le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Bhí an tsaoráid sin ag teastáil chun cur ar chumas an Údaráis bainistiú a dhéanamh ar a riachtanais sreafa airgid a thagann as difríochtaí in uainiú fháil an ioncaim thobhaigh (a shonrasctar ar bhonn ráithiúil i riaráiste) agus a chostais atá dlite lena n-íoc ar fud na bliana. Ní dhearnadh aon íostarraingtí ón tsaoráid seo sa bhliain (2014: €300k).

16 Soláthar do Dhliteanais

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Géilleadh Léas Marine House	**150**	

Ag a chruinniú an 10 Meán Fómhair 2015, chomhaontaigh an tÚdarás le togra ón tiarna talún an léas ar Marine House, Cúirt Chlann Liam, a cheannach ar ais. Áiríodh le téarmaí ghéilleadh an léasa ag an BAI íocaíocht €286,024 a dhéanfaí leis an tiarna talún thar thréimhse trí bliana. Ba iad na tráthchodanna a comhaontaíodh ná €136,204 faoin 31 Nollaig 2015, €75,000 faoin 30 Meitheamh 2016 agus €75,000 faoin 31 Aibreán 2017. Rinne an tÚdarás soláthar do na tráthchodanna do 2016 agus do 2017 sna ráitis airgeadais seo.

17 Cuntas Caipitil

	2014	2013
	€ '000	€ '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	70	87
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Maoiniú Sócmhainní Breise	47	44
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní	(43)	(61)
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	**3**	**(17)**
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**73**	**70**

18 Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Le litir dar dháta an 13 Deireadh Fómhair 2009, cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha Príomhfheidhmeannach an BCI, an tUasal Michael O'Keeffe, i bpost Phríomhfheidhmeannach Eatramhach Údarás Craolacháin na hÉireann, de bhun Alt 14(7) den Acht Craolacháin 2009. Ceapachán go ceann bliana a bhí ann, dar thosach an 1 Deireadh Fómhair 2009 agus dar críoch an 30 Meán Fómhair 2010. An 15 Feabhra 2010, ghlac an Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus Údarás Craolacháin na hÉireann conradh fostaíochta chucu féin a chuimsigh an tréimhse sin.

Le litir dar dháta an 30 Meán Fómhair 2010, d'fhaomh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i bprionsabal ceapachán an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh i bpost Phríomhfheidhmeannach Údarás Craolacháin na hÉireann, de bhun Alt 14(12) den Acht Craolacháin 2009. Faomhadh i bprionsabal go ceann 2.5 bliain a bhí i gceist, dar thosach an 1 Deireadh Fómhair 2010. Bhí an faomhadh faoi réir téarmaí agus coinníollacha conradh nua fostaíochta don Uasal O'Keefe a bheith faofa ag an Aire, agus an faomhadh sin le bheith faoi réir thoiliú an Aire Airgeadais, de bhun Alt 14(5) d'Acht 2009.

Níor tugadh i gcrích, go dtí seo, conradh fostaíochta idir an Príomhfheidhmeannach agus Údarás Craolacháin na hÉireann.

In 2013, b'ionann na táillí dlí a íocadh thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh maidir lena chonradh agus €8,975. Cuireadh sochair chomhchineáil ar na costais sin san áireamh i gcostais foirne. Thabhaigh an BAI táillí dlí €9,127 i dtaca leis an ábhar sin in 2013. B'ionann iomlán na dtáillí a thabhaigh an BAI go deireadh na bliana 2013 agus €9,796. Níor tabhaíodh aon táillí dlí breise i dtaca leis an ábhar sin in 2014 ná in 2015.

Fostaíodh an Príomhfheidhmeannach ag ráta €113,510 (2014: €113,511) sa bhliain. €113,119 (2014: €113,119) ba ea luach iomlán luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 agus rinneadh ranníocaíocht aoisliúntais €18,854 (2014: €22,432) ón bhfostóir. Ní mó ná teidlíochtaí caighdeánacha Scéim eiseamláireach na Seirbhíse Poiblí iad teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh. Níor íocadh bónas ar bith leis an bPríomhfheidhmeannach i mbliana.

B'ionann na costais taistil agus chothabhála a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannaigh nó a íocadh thar a cheann sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 agus €5,190 (2014: €7,660).

19 Rialachas Corparáideach

Bunaíodh an tÚdarás de bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009. Is comhlacht corpraithe é le comharbas suthain agus séala agus tá cumhacht agartha aige agus féadfar é a agairt ina ainm corpraithe agus tá cumhacht aige talamh agus réadmhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

Is comhlacht neamhthráchtála leathstáit an tÚdarás.

Tá rún daingean ag Baill an Údaráis na caighdeáin is airde a bhaint amach ó thaobh rialachas corparáideach de. D'fhorbair an tÚdarás polasaí rialachais chorparáidigh dá dtagraítear 'Cód Iompair Ghnó an BAI' atá bunaithe ar Chód Cleachtais 2009 le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais.

Is é an Rialtas a cheapann Baill an Údaráis ar iad a bheith ainmnithe ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoi Alt 8 den Acht Craolacháin 2009, agus bíonn siad i seilbh oifige ar feadh cibé téarmaí a shonraíonn an tAire nuair a dhéanann sé/sí an ceapachán. An tAire a shocraíonn an méid luach saothair a fhaigheann Baill an Údaráis. Níl nasc idir an luach saothair sin agus feidhmíocht agus nochtar é sa nóta seo.

Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ó thaobh dea-rialachas corparáideach de.

Baill an BAI

D'íoc an tÚdarás táillí agus speansais le baill an Údaráis agus le baill an Choiste um Chomhlíonadh agus an Choiste um Dheonú Conarthaí nó thar a gceann i gcomhréir le rialacháin agus ciorcláin na Roinne Airgeadais. Chuir an tÚdarás i bhfeidhm cinneadh an Rialtais dar dháta an 20 Meitheamh 2006 maidir le táillí do bhaill chomhlachtaí Stáit. Seo a leanas na táillí agus na speansais a íocadh le Baill an Údaráis, le Baill an Choiste um Chomhlíonadh, le Baill an Choiste um Dheonú Conarthaí agus le Baill an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca nó a íocadh thar a gceann. De bhreis air sin, tá tinreamh na mBall ar chruinnithe leagtha amach thíos.

	Táillí	Speansais	Tinreamh
Baill an Údaráis	**€**	**€**	
Pauric Travers	9,710**	767	10/10
Alan McDonnell	6,473**	110	10/10
Clare Duignan	6,473**	171	9/10
Grace Smith	6,473**	110	9/10
Seamus Martin	5,187	-	8/9
Denis Wolinski	5,187	1,939	9/9
Sean Ó Mordha	5,187	140	9/9
Rosemary Day	-	3,867	9/9
Meave McDonagh	-	471	7/9
Michael Moriarty*	784	124	1/1
Siobhán Ní Ghadhra*	784	21	1/1
An tOll. Colum Kenny*	784	116	1/1

Baill an Údaráis (continued)	Táillí €	Speansais €	Tinreamh
Larry Bass*	784	-	1/1
Michelle McShortall	-	45	1/1

*Chríochnaigh an téarma oifige sa bhliain 2015.

** Áiríodh leis na táillí a íocadh méideanna a bhaineann leis an tréimhse 2014 mar a leanas: P Travers: €732; A McDonnell: €488, C Duignan: €488, G Smith: €488.

An Coiste um Chomhlíonadh	Táillí €	Speansais €	Tinreamh
Patrick Gageby	8,504	-	8/9
Brian O'Callaghan	5,187	1,871	7/8
Nigel Heneghan	5,187	-	6/8
Paula Mullooly	6,329	-	9/9
Rosemary Day	-	970	5/8
Meave McDonagh	-	133	4/8
Ciarán Kissane	-	-	9/9
Anne O'Brien	-	-	8/8
Colum Kenny	-	-	1/1
Stephanie Comey	-	-	1/1

An Coiste um Dheonú Conarthaí	Táillí €	Speansais €	Tinreamh
Ercus Stewart	7,257	151	5/6
Eimer McGovern	4,838	-	5/6
John Hogan	4,838	343	5/6
Anne O'Brien	4,838	-	6/6
Grace Smith	-	-	6/6
Seamus Martin	-	-	6/6
Celene Craig	-	-	5/6
Neil O'Brien	-	-	6/6

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca	Táillí €	Speansais €	Tinreamh
Alan McDonnell	-	-	4/4
Clare Duignan	-	-	4/4
Sean Ó Mordha	-	-	4/4
Robert Kelly	-	-	4/4
Iomlán	**94,804**	**11,349**	

B'ionann na speansais iomlána, lenar áiríodh na speansais thuas, a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla in 2015 agus €18,362 (2014: €21,066).

Duine Amháin, Tuarastal Amháin

I gcás na mball go léir a ceapadh chuig an Údarás reatha, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar bhaill atá ag teacht isteach a fhéindhearbhú an raibh siad faoi réir na gceanglas um Dhuine Amháin, Tuarastal Amháin. Ar bhonn na n-aighneachtaí sin, tugadh ordú don BAI gan aon luach saothair a íoc le beirt bhall den Údarás reatha i dtaca lena mballraíocht den Údarás nó de Choistí Reachtúla an BAI.

Idirbhearta a Nochtadh

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an BAI faomhadh a dhéanamh ar dheonú conarthaí agus deontas atá le deonú do ghnóthais ina bhfuil baill d'Údarás agus de Choistí fostaithe nó a bhfuil leas ag na baill sin iontu ar shlí eile.

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin 2009 agus leis na treoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna ag Baill den Údarás agus dá chuid Coistí agus chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin i rith na tréimhse.

In 2015, d'fhógair na Baill seo a leanas den Údarás agus/nó den Choiste coinbhleacht leasa sna hábhair seo a leanas:

- **Seamus Martin**, *Ball den Údarás*
  - Daingniú Maoiniúcháin le haghaidh Babhta 23 den Scéim Sound & Vision
- **Denis Wolinski**, *Ball den Údarás*
  - Ábhair chonarthacha – conradh sealadach craoltóireacht fuaime: dámhachtain conartha do Choláiste Uí Ghríofa
- **Patrick Gageby**, *an Coiste um Chomhlíonadh*
  - Uimhir Thagartha Gearáin 113/14: RTÉ One TV – One O'Clock News – 15 Lúnasa 2014 (Saincheisteanna a thagann aníos)
  - RTÉ One TV – Nine O'Clock News – 15 Lúnasa 2014 (Saincheisteanna a thagann aníos)
  - Uimhir Thagartha Gearáin 53/15: RTÉ One – Liveline – 9 Feabhra 2015
- **Nigel Heneghan**, *an Coiste um Chomhlíonadh*
  - Uimhir Thagartha Gearáin 28/15: Newstalk – The Right Hook – 19 Feabhra 2015
  - Uimhir Thagartha Gearáin 29/15: Newstalk – The Right Hook – 9 Feabhra 2015
  - Uimhir Thagartha Gearáin 39/15: RTÉ Radio One – This Week – 15 Feabhra 2015
  - Uimhir Thagartha Gearáin 53/15: RTÉ Radio One – Liveline – 9 Feabhra 2015
  - Uimhir Thagartha Gearáin 116/15: RTÉ Radio One – The Marian Finucane Show – 21 Meitheamh 2015

Chomhlíon an BAI forálacha an Achta Craolacháin 2009 agus treoirlínte na Roinne Airgeadais a bhaineann le cásanna ina bhfógraítear leasanna. I ngach cás, níor tugadh doiciméid don Bhall i dtaobh iarratais ar cheadúnas, i dtaobh gearáin ná i dtaobh saincheiste a tháinig aníos; níor ghlac an Ball aon pháirt ach an oiread i gcinntí ná ní raibh an ball i láthair nuair a rinneadh cinntí ar an ábhar a luaithe a thuig an Ball go raibh coinbhleacht i gceist agus/nó a d'fhógair sé leas san ábhar.

20 Léasanna Oibriúcháin

Tá áitreabh ag 2-5 Plás Warrington, Baile átha Cliath 2, á áitiú ag an Údarás; tá léas ag an Údarás ar an áitreabh sin ó 2001 go ceann 20 bliain. Rinneadh athbhreithniú cíosa cúig bliana in 2006 i leith na tréimhse dar tús an 8 Nollaig 2006. Faoin léas sin, rinneadh íocaíochtaí cíosa ar luach €477,000 in 2015 (2014: €477,000).

Bhí léas ag an Údarás freisin ar an 2ú hUrlár, Marine House, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2. Chuathas i mbun an léasa seo i 1989 go ceann 35 bliana. Rinneadh athbhreithniú cíosa cúig bliana i mí na Bealtaine 2010 i leith na tréimhse dar tús an 1 Samhain 2009. Ag a chruinniú an 10 Meán Fómhair 2015, chomhaontaigh an tÚdarás le togra ón tiarna talún an léas a cheannach ar ais. Áiríodh le téarmaí ghéilleadh an léasa ag an BAI íocaíocht €286,024 a dhéanfaí leis an tiarna talún thar thréimhse trí bliana. Ba iad na tráthchodanna a comhaontaíodh ná €136,204 faoin 31 Nollaig 2015, €75,000 an 1 Meitheamh 2016 agus €75,000 an 1 Aibreán 2017.

Faoin léas sin, rinneadh íocaíochtaí cíosa agus costais ghaolmhara ar luach €451,006 in 2015 (2014: €162,029). Áiríodh leis sin méideanna ab fhiú €286,204 a bhí iníoctha leis an tiarna talún i leith ghéilleadh an léasa.

Níor áitigh an tÚdarás na hoifigí in Marine House in 2014 ná in 2015. Cuireadh comhaontú foligin i gcrích in 2012 agus áitíodh na hoifigí ón 4 Meán Fómhair 2012. Ba do thréimhse cúig bliana a bhí an comhaontú foligin seo, agus bhí an rogha ann é a bhriseadh tar éis bliain a trí. Is é an tionónta a bhí freagrach as céatadán de na táillí cíosa agus seirbhíse agus as costas iomlán na rátaí agus na gcostas oibriúcháin. Ba é €61,228 sa bhliain an cíos foligin bliantúil. Ba é €85,388 (2014: €100,741) an glanchostas don Údarás in 2015. Foirceannadh an foléas ar dhiúscairt an cheannléasa an 31 Nollaig 2015.

Is é €720,847 (2014: €717,388) an méid iomlán a muirearaíodh i leith na léasanna oibriúcháin agus na gcostas gaolmhar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is ionann an t-ioncam ó na costais chíosa foligin agus seirbhíse agus €80,197 (2014: €78,671) agus léirítear é in Ioncam Eile.

	2015	2014
Ceangaltais Léasa	**€**	**€**
Faoi bhun 1 bhliana	477,000	614,250
Idir 2-5 Bliain	1,908,000	2,457,000
Os cionn 5 Bliana	477,000	1,471,636
	2,862,000	**4,542,886**

21 Costais Sochar Scoir

(a) Sochair Scoir

Is comhlacht reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann, a bunaíodh faoin Acht Craolacháin 2009. Foráiltear in Alt 16 den Acht go ndéanfaidh an tÚdarás scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis agus i leith na mball foirne sin, faoi réir cheadú an Aire. Tá an Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Pinsean do Chéilí agus Leanaí (atá éigeantach nuair a bhíonn duine ina bhall/ball den phríomhscéim) atá ag Údarás Craolacháin na hÉireann á n-oibriú ar bhonn riaracháin go dtí go gceadóidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go foirmiúil iad le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireann an chéad scéim acu sin sochair scoir ar fáil (cnapshuim agus pinsean) do bhaill foirne, agus sochair aisce bháis i ndáil le bás le linn seirbhíse. Cuireann an dara scéim acu sin sochair phinsin ar fáil do na céilí agus do na páistí cleithiúnacha a mhaireann i ndiaidh ball a fhaigheann bás. Is scéimeanna sochair shainithe neamh-mhaoinithe aoisliúntais an dá scéim acu sin.

Mar a mhínítear sa bheartas cuntasaíochta, déanann Údarás Craolacháin na hÉireann ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus tá gealltanas tugtha ag an Roinn go soláthróidh sí cistiú don Údarás chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Tá an tÚdarás tar éis an ionramháil agus na nochtaí a éilítear le FRS 102 a oiriúnú chun léiriú a thabhairt ar na socruithe atá i bhfeidhm.

Is é €7,575,000 an dliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig 2015. Faoin socrú atá i bhfeidhm, aisíocfaidh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha dliteanas pinsin an Údaráis ina iomláine de réir mar a bheidh na dliteanais sin le híoc. Aithníonn an tÚdarás an ceart atá aige ar an aisíoc mar shócmhainn ar leithligh.

Tá na torthaí leagtha amach thíos ar luach achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2015. Achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin.

(b) Na Príomhthoimhdí Achtúireacha

Mar seo a leanas a bhí na príomhthoimhdí achtúireacha:	2015	2014
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.65%	2.25%
Ráta méadaithe na bpinsean atá á n-íoc	1.65%	1.5%
Ráta Lascaine	2.55%	2.2%
Ráta Boilscithe	1.65%	1.25%

An bonn básmhaireachta a glacadh, tugtar san áireamh ann feabhsúcháin ar an ionchas saoil le himeacht aimsire, ionas go mbeidh an t-ionchas saoil tráth a rachaidh ball foirne ar scor faoi réir na bliana a mbainfidh an ball aois scoir (aois 65) amach. Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball a bheidh ag baint 65 bliana d'aois amach in 2015 agus in 2035.

Bliain ina mbaintear 65 bliain d'aois amach	**2015**	**2035**
Ionchas saoil - fear	20.9	23.5
Ionchas saoil - bean	23.5	25.6

(c) Anailís ar Chostais Iomlána Sochar Scoir

Tá na nithe seo a leanas ar áireamh sna costais iomlána sochar scoir a mhuirearaítear chuig an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim i leith costais sochar scoir:

	2015	**2014**
	€ '000	**€ '000**
Ranníocaíocht an Fhostóra arna híoc leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	264	273
Costas reatha seirbhíse	492	374
Ús ar dhliteanais scéim sochar scoir	154	280
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	(646)	(654)
	264	**273**

(d) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2015	**2014**
	€ '000	**€ '000**
Iarmhéid tosaigh	7,020	6,566
Costas reatha seirbhíse	492	374
Ús ar dhliteanais scéim sochar scoir	154	280
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	(91)	(200)
An ghlanoibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	**7,575**	**7,020**

(e) Stair na ndliteanas scéime agus na (ngnóthachan)/gcaillteanas ó thaithí

	An bhliain airgeadais dar críoch				
	2015	**2014**	**2013**	**2012**	**2011**
	€ '000	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**	**€ '000**
Oibleagáid sochair shainithe	7,575	7,020	6,566	5,306	5,165
Easnamh	7,575	7,020	6,566	5,306	5,165
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais phlean	(178)	(786)	(147)	(622)	(98)
Gnóthachain ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais phlean	(2.3%)	(11.2%)	(2.2%)	(11.7%)	(1.89%)

22 Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

(a) Anailís ar Athruithe ar na Glanchistí

	Amhail an 01/01/2015	Sreafaí Airgid	Amhail an 31/12/2015
	€ '000	**€ '000**	**€ '000**
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	1,050	146	1,196
Taiscí Gearrthréimhseacha	278	–	278
	1,328	**146**	**1,474**

(b) Réiteach idir an Glansreabhadh Airgid agus an Ghluaiseacht sna Glanchistí

	2015	2014
	€ '000	**€ '000**
Méadú ar airgead le linn na bliana	146	454
Airgead arna thaisceadh i dtaiscí	–	1
Athrú ar na Glanchistí	146	455
Glanchistí Tosaigh	1,328	873
Glanchistí Deiridh	**1,474**	**1,328**

23 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2015.

24 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 23 Meitheamh 2016.

AN CISTE CRAOLACHÁIN RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN
DAR CRÍOCH AN
31 NOLLAIG 2015

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí 80

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 81

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 82

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 83

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 84

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 85

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann ("an BAI") freagrach as bainistiú agus rialú an Chiste Craolacháin. Tá sé freagrach freisin as ráitis airgeadais an Chiste don bhliain ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015 a ullmhú, chun léargas fírinneach, cothrom a thabhairt ar chúrsaí mar atá ag an gCiste amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar an mbonn gnóthais reatha, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Ciste i mbun oibríochta;
- A dhearbhú cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachta ábhartha sna cuntais a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Chiste agus a chuireann ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna faomhadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní an Chiste a chumhdach agus bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
23 Meitheamh 2016

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis
23 Meitheamh 2016

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Fund

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ended 31 December 2015 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise the statement of income and expenditure and retained revenue reserves, the statement of financial position, the statement of cash flows and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 157 of the Broadcasting Act 2009, and in accordance with generally accepted accounting practice.

Responsibilities of the Broadcasting Authority of Ireland

The Broadcasting Authority of Ireland is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and to report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Broadcasting Fund's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Broadcasting Authority of Ireland's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements and to identify any information that is apparently materially incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by me in the course of performing the audit. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements:

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund as at 31 December 2015 and of its income and expenditure for 2015; and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice.

In my opinion, the accounting records of the Broadcasting Fund were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited. The financial statements are in agreement with the accounting records.

Matters on which I report by exception

I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find

- any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Broadcasting Authority of Ireland's annual report is not consistent with the related financial statements or with the knowledge acquired by me in the course of performing the audit, or
- there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
30 **June 2016**

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

	Nóta	2015	2014
Ioncam		**€ '000**	**€ '000**
Deontas ón Oireachtas	**3(a)**	14,665	14,156
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	**2**	78	–
Ús Infhaighte		90	136
Iomlán		**14,833**	**14,292**
Caiteachas			
Deontais agus Dámhachtainí	**3(c)**	10,795	13,844
Costais Foirne	**4**	441	489
Táillí Dlí		4	3
Costais Riaracháin	**5**	425	382
Táille Iniúchta		6	6
Costais Mheasúnachta		93	75
Costais Chomhairleachta		23	51
Iomlán		**11,787**	**14,850**
Barrachas / (Easnamh) Ioncaim thar Chaiteachas		**3,046**	**(558)**
Iarmhéid i dtús na bliana		**18,005**	**18,563**
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**21,051**	**18,005**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–11.

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 23 Meitheamh 2016 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

	Nóta	2015	2014
		€ '000	€ '000
Sócmhainní Reatha			
Méideanna Infhaighte	**6**	28	39
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh		1,439	1,066
Taiscí Gearrthréimhseacha	**7**	19,692	17,076
		21,159	18,181
Dliteanais Reatha			
Méideanna Iníoctha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**8**	(108)	(176)
Glansócmhainní		**21,051**	**18,005**
In ionannas le:			
An Ciste Craolacháin		21,051	18,005
		21,051	**18,005**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–11.

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 23 Meitheamh 2016 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

Alan McDonnell
Ball de chuid an Údaráis

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID

	2015 € '000	2014 € '000
Réiteach idir an Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin agus na Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	3,046	(558)
Torthaí ar Infheistíochtaí	(90)	(136)
(Méadú)/Laghdú ar Mhéideanna Infhaighte	11	58
(Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha	(68)	(167)
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**2,899**	**(803)**
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid		
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	2,899	(803)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús a Fuarthas		136
Arna nInfheistiú i dTaiscí Gearrthréimhseacha		991
Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	**373**	**324**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 Beartais Chuntasaíochta

Is leagtha amach thíos atá bonn na mbeartas cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann i leith an Chiste Craolacháin. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Ciste Craolacháin faoin Acht Craolacháin (Maoiniú) 2003 agus ba é Coimisiún Craolacháin na hÉireann a bhainistigh é roimhe sin. Faoin Acht Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann.

(b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, rud atá ar an gcaighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Seo é an chéad tacar de ráitis airgeadais a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe chuig FRS 102. Ní dheachaigh an t-aistriú chuig FRS 102 i bhfeidhm ar an staid airgeadais ná ar an bhfeidhmíocht airgeadais a thuairiscítear.

(c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 157 den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le Ráitis Airgeadais an Chiste Craolacháin.

(d) Ioncam

De bhun Alt 156 den Acht Craolacháin 2009, féadfaidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airgead a íoc leis an Údarás as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críocha deontas faoi scéim agus aon riarachán a dhéantar ar scéim nó aon speansais réasúnacha a bhaineann le scéim, i leith gach bliana airgeadais, ar méid é atá comhionann le 7 faoin gcéad de na glanfháltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnas teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, i ndáil le táillí ceadúnas teilifíse a fuarthas, na fáltais iomlána lúide aon speansais i leith na bhfáltas sin ar dheimhnigh an tAire ina dtaobh gur speansais iad a thabhaigh sé nó sí sa bhliain sin i ndáil le bailiú na dtáillí. Is ar bhonn fáltais airgid a léirítear an t-ioncam sin sna cuntais.

(e) Dámhachtainí Deontais

Gearrtar coinníollacha sonraithe a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ar na faighteoirí le dámhachtainí deontais faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin. Ní aithnítear iad mar speansas ach sa chás gur chomhlíon an deontaí na coinníollacha go léir a bhaineann le feidhmíocht atá ceangailte le dámhachtain an deontais. I gcásanna áirithe, aisíocann an deontaí méideanna deontais a íocadh i mblianta roimhe sin mura bhfuil an deontaí in ann coinníollacha an deontais a chomhlíonadh. Tá an caiteachas deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim glan ó mhéideanna deontais a aisíocadh sa bhliain. Seasann ceangaltais deontais do cheaduithe maoiniúcháin i gcás go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leis an deontas le comhlíonadh fós ag an deontaí.

(f) Breithiúnais agus Mheastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an leatháin tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas leantach

Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Chiste Craolacháin a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Ciste Craolacháin go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais sin aon choigeartuithe ar na méideanna glanluacha agus ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh an Ciste Craolacháin in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

2 Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

	2015 € '000	2014 € '000
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	78	–

Cuirtear clásal aisíocaíochta ar áireamh i gconarthaí na Scéime Sound & Vision le go mbeifear in ann an deontas a aisíoc mura mbaineann an tionscadal rath tráchtála amach. Léirítear san airgead thuas an chuid de na deontais a aisíocadh i dtaca le dhá léiriú mhaoinithe sa bhliain.

3 An Scéim um Maoiniú Craolacháin

(a) Faoin Acht Craolacháin 2009, tá ceangal ar an Údarás scéim nó scéimeanna a ullmhú chun deontais a íoc a thabharfaidh tacaíocht do chláir raidió agus teilifíse áirithe agus d'fhorbairt an chartlannaithe bunábhar cláir a tháirgtear sa Stát, i measc nithe eile. Cistítear na deontais sin as méid arb ionann é agus 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse.

(b) Oibríonn an BAI dhá Scéim fhormheasta faoi láthair.

Is í an **Scéim Sound & Vision 3 ("an Scéim")** an chéad cheann de na scéimeanna sin. Ba é an Coimisiún Eorpach a d'fhaomh an Scéim ar an gcéad dul síos. Rinne sé amhlaidh don tréimhse 2005-2009 agus ansin don tréimhse 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi alt 54 den Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine (GBER) agus ní theastaíonn ceadú an Choimisiúin Eorpaigh uaithi. Leis an Rialachán seo, clúdaítear cúnamh do scéimeanna le haghaidh oibreacha closamhairc faoi bhun na tairsí €50m sa scéim sa bhliain. I mí Eanáir 2015, d'fhaomh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Scéim go dtí deireadh na bliana 2019.

Cuireann an BAI **Bearta Coimhdeacha** den sórt sin chun feidhme de réir mar is cuí leis chun tacú le baint amach chuspóirí na Scéime Sound & Vision 3. D'fhéadfadh sé sin na nithe seo a leanas a éascú cé nach bhfuil sé teoranta dóibh: bearta a chabhróidh le craoltóirí pobail na hoibleagáidí leasa shóisialta a chomhlíonadh agus/nó roinnt tacaíocht forbartha a sholáthar chun dul i ngleic le téamaí, seánraí nó formáidí nach ndéantar dóthain ionadaíochta dóibh sna hiarratais ghinearálta a fhaightear.

An dara scéim a n-oibríonn an BAI í is ea an **Scéim Chistiúcháin chun Bunábhar Clár a Chartlannú** ("an Scéim um Chartlannú"). Is é is aidhm di cistiú a sholáthar chun tacú le forbairt ar mhaithe le cartlannú in earnáil chraolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Ní bhaineann sí ach le bunábhar clár a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh lena chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís agus áirítear leis cláir agus fógraí. Tháinig an Scéim um Chartlannú i bhfeidhm in 2012. Reáchtáladh trí bhabhta den Scéim um Chartlannú go dtí seo: ceann amháin in 2013, ceann in 2014 agus ceann eile in 2015. Tháinig an Scéim as feidhm an 30 Aibreán 2016 agus tá sí faoi réir athbhreithniú de réir Alt 158(1) den Acht Craolacháin 2009. De réir an cheanglais sin, tabharfaidh an BAI faoi athbhreithniú ar oibriúchán, ar éifeachtacht agus ar thionchar na Scéime in 2016.

(c) Ceangaltais an Chiste Craolacháin

An Scéim Sound & Vision 3	**2015**	**2014**
	€ '000	**€ '000**
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	9,319	12,816
Dámhachtainí arna ndéanamh	11,732	10,360
Deontais arna n-íoc	(9,954)	(13,626)
Deontais arna n-aisíoc	1	2
Deontais le híoc ag deireadh na bliana	–	–
Deontais arna ndídhílsiú	(560)	(233)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**10,538**	**9,319**

Bearta Coimhdeacha na Scéime Sound & Vision 3	**2015**	**2014**
	€ '000	**€ '000**
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	–	–
Dámhachtainí arna ndéanamh	25	–
Deontais arna n-íoc*	(7)	–
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**18**	**–**

An Scéim um Dhámhachtainí Cartlannaithe	**2015**	**20134**
	€ '000	**€ '000**
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	3,376	1,512
Dámhachtainí arna ndéanamh	1,361	2,259
Deontais arna n-íoc*	(835)	(220)
Deontais arna ndídhílsiú	–	(175)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**3,902**	**3,376**

4 Costais Foirne

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Pá agus Tuarastal	351	384
Costais Leasa Shóisialaigh	31	41
Costais Phinsin	59	64
	441	**489**

Ní aon fhostaí fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin. Tá roinnt fostaithe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann ann, áfach, a chaitheann cuid dá gcuid ama ag obair ar nithe a bhaineann leis an gCiste. In 2015, tá sé sin cothrom le 6.75 de choibhéisí lánaimseartha (2014: 7).

5 Costais Riaracháin

	2015		2014	
	€ '000		€ '000	
Forchostais:				
Cíos agus Rátaí	*112*		*124*	
Costais áitribh	*32*		*39*	
Speansais oifige	*20*		*27*	
Oiliúint foirne	*10*		*14*	
Fo-iomlán na bhforchostas		174		204
Urraíocht		57		55
Costais dhíreacha				
An Scéim Sound & Vision; Cartlannú	*90*		*36*	
Táillí gairmiúla	*12*		*10*	
Feasacht an Phobail	*17*		*21*	
Costais cheadúnas TF agus costais tacaíochta	*66*		*50*	
Aistriúchán	*3*		*4*	
Eile	*5*		*1*	
Táillí bainc	*1*		*1*	
Fo-iomlán na gcostas díreach		**194**		**123**
Iomlán na gCostas Riaracháin		**425**		**382**

Tá na forchostais a ghearrtar ar an gCiste bunaithe ar choibhéis lánaimseartha líon na mball foirne atá ag obair ar an gCiste mar chéatadán de líon foirne iomlán an BAI (2015: 21.04%, 2014: 23.19%). Comhroinntear costais urraíochta €112,100 (2014: €110,000) go cothrom idir an BAI agus an Ciste.

6 Méideanna Infhaighte

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Ús Fabhraithe	28	39
	28	**39**

7 Taiscí Gearrthréimhseacha

	2015	2014
	€ '000	€ '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	17,076	18,067
Breiseanna	2,616	–
Aistarraingtí	–	(991)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**19,692**	**17,076**

De réir mar a cheanglaítear faoi Fho-Ailt 157(4) agus (6) den Acht Craolacháin 2009, déanfar airgead a bheidh chun sochair an chuntais reatha, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dliteanais reatha, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Déanfar airgead atá i gcuntas infheistíochta an Chiste, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dhliteanais reatha agus dhliteanais ionchasacha an chuntais sin, a infheistiú agus déanfar na hinfheistíochtaí a réadú nó a athrú ó am go ham de réir riachtanas na hócáide agus déanfar na fáltais ó aon réadú den sórt sin, agus aon ioncam a gheofar i leith airgid a infheisteofar, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Sa tréimhse chuntais, choinnigh an tÚdarás an barrachas cistí i dtaisce i mbainc thráchtála.

8 Méideanna Iníoctha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2014	2013
	€ '000	€ '000
Údarás Craolacháin na hÉireann	107	176
DIRT Iníoctha	1	–
	108	**176**

9 Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

(a) Airgead agus Coibhéisí Airgid

	Iarmhéid amhail an 31/12/2015	Iarmhéid amhail an 01/01/2015	Sreafaí Airgid
	€ '000	€ '000	€ '000
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh	1,439	1,066	373
Taiscí	19,692	17,076	2,616
Iomlán	**21,131**	**18,142**	**2,989**

(b) éiteach idir an Glansreafaí Airgid agus an Ghluaiseacht sna Glanchistí

	2015 € '000	2014 € '000
Méadú ar airgead le linn na bliana	373	324
Airgead a cuireadh i dtaiscí/(a aistarraingíodh ó thaiscí)	2,616	(991)
Athrú ar na Glanchistí	2,989	(667)
Glanchistí Tosaigh	18,142	18,809
Glanchistí Deiridh	**21,131**	**18,142**

10 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2015.

11 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 23 Meitheamh 2016.



Údarás Craolacháin na hÉireann
2-5 Plás Warrington
BÁC 2
D02 XP29
Teil: (01) 644 1200